AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2025
COM(2025) 837 final

2025/0360 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach)**

{SWD(2025) 836 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí an togra

Ina Theachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú ('Eoraip níos simplí agus níos tapúla')[1], chuir an Coimisiún i láthair a chur chuige maidir le creat rialála an Aontais a oiriúnú do dhomhan níos luainí: iarracht nua chun *acquis* an Aontais a shimpliú, a shoiléiriú agus a fheabhsú, mar phríomhbheart chun tacú le hiomaíochas an Aontais.

Léirítear san fhís sin an plean níos leithne a leag Uachtarán an Choimisiúin von der Leyen amach ina treoirlínte polaitiúla don téarma 2024-2029[2]. Mar a cuireadh i dtábhacht freisin i dtuarascálacha Draghi[3] agus Letta[4] bhí drochthionchar ag carnadh na rialacha ar an iomaíochas uaireanta. Tá gá le feabhsuithe tapa infheicthe do dhaoine agus do ghnólachtaí, trínár rialacha a chur chun feidhme ar bhealach níos costéifeachtaí agus níos fabhraí don nuálaíocht – agus ardchaighdeáin agus cuspóirí comhaontaithe á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.

Sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 20 Márta 2025, iarradh freisin ar an gCoimisiún 'athbhreithniú agus tástáil struis a dhéanamh ar *acquis* an Aontais, chun bealaí a shainaithint chun an reachtaíocht a shimpliú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh'[5]. Leag sí béim freisin ar an ngá atá le tacair nua tionscnamh simpliúcháin a chur i bhfeidhm. Sna Conclúidí uaithi an 26 Meitheamh, leag an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an reachtaíocht 'simplíocht trí dhearadh', 'gan an bonn a bhaint den intuarthacht, de spriocanna beartais ná d'ardchaighdeáin'[6]. Athdhearbhaíodh sna Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025 'an géarghá atá le clár oibre uaillmhianach, faoi thiomáint chothrománach maidir le simpliú agus rialáil níos fearr a chur chun cinn ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach – agus i ngach réimse chun iomaíochas na hEorpa a áirithiú'. D'iarr siad ar an gCoimisiún freisin 'pacáistí simpliúcháin uaillmhianacha breise a thabhairt chun cinn go tapa, i measc nithe eile [...] maidir le cúrsaí digiteacha.'[7]

Ina rún maidir le 'cur chun feidhme agus cuíchóiriú rialacha mhargadh inmheánach an Aontais chun an margadh aonair a neartú', a vótáladh an 11 Meán Fómhair sa suí iomlánach[8],

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM(2025)47 final, an 11 Feabhra 2025

[2] Von der Leyen, U. (2024) *Rogha na hEorpa: Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach Eile 2024-2029*. Le fáil ag: e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_en

[3] Draghi, M. (2024) *Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa*. Le fáil ag: Tuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais

[4] Letta, E. (2024) *Margadh Thar an gCoitiantacht*. Le fáil ag: Enrico Letta - Margadh Thar an gCoitiantacht (Aibreán 2024)

[5] An Chomhairle Eorpach, Conclúidí, EUCO 1/25, an Bhruiséil, an 20 Márta 2025, mír 13

[6] An Chomhairle Eorpach, Conclúidí, EUCO 12/25, an Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025, mír 30

[7] An Chomhairle Eorpach, Conclúidí, EUCO 18/25, an Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2025, míreanna 33 agus 35

[8] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le rialacha mhargadh inmheánach an Aontais a chur chun feidhme agus a chuíchóiriú chun an margadh aonair a neartú, an 11 Meán Fómhair 2025 (2025/2009/INI)

leag Parlaimint na hEorpa béim ar an ngá atá le simpliú chun comhlíonadh gnó a éascú gan croíchuspóirí beartais an Aontais a chur i mbaol.

I ngníomhaíochtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta an Choimisiúin maidir leis an gclár oibre simpliúcháin, d'iarr páirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht ar leasanna éagsúla go ndéanfaí leasuithe spriocdhírithe ar rialacha digiteacha áirithe, chun costais chomhlíontachta a chuíchóiriú agus chun idirghníomhú idir rialacha ina n-earnáil a shoiléiriú.

Le breisluach EUR 791 bhilliún ar fud an Aontais Eorpaigh in 2022[9], tá ról ríthábhachtach ag earnáil TFC maidir le hiomaíochas an Aontais a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar, trí fhás gnólachtaí digiteacha agus trí phríomhréitigh dhigiteacha a chur ar fáil i gcoitinne. Bhí ról lárnach ag rialacha digiteacha maidir le timpeallacht ghnó chothrom a chumadh san Aontas. Bhunaigh siad fíormhargadh aonair le haghaidh seirbhísí digiteacha. Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le rialáil dhigiteach, agus tá an caighdeán is airde leagtha síos aige don leibhéal is airde cosanta do chearta bunúsacha, do shábháilteacht tomhaltóirí agus do chosaint luachanna na hEorpa.

Tá an Coimisiún tiomanta do 'thástáil struis' chuimsitheach ar an gcreat rialála digiteach le linn an tsainordaithe reachtaigh. Tá an aidhm an-soiléir: a áirithiú go leanfaidh na rialacha de bheith oiriúnach chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfás, go mbainfear a gcuspóirí amach leo agus gur spreagadh don iomaíochas iad. Le linn an phróisis sin, féachfaidh an Coimisiún le réitigh láidre a chur ar fáil chun éifeachtacht na rialacha agus a bhforfheidhmiú a shimpliú, a shoiléiriú agus a dhaingniú trí gach ionstraim atá ar fáil, bíodh sin coigeartuithe rialála, comhar feabhsaithe ar fud na n-údarás, réitigh dhigiteacha a chur chun cinn lena simplítear comhlíonadh rialála 'trí dhearadh', nó bearta tionlacain eile.

**Is é an togra le haghaidh Omnibus Digiteach an chéad chéim** chun cur i bhfeidhm an chreata rialála dhigitigh a bharrfheabhsú. Áirítear ann sraith leasuithe teicniúla ar chorpas mór reachtaíochta digití, a roghnaíodh chun faoiseamh láithreach a thabhairt do ghnólachtaí, do riaracháin phoiblí agus do shaoránaigh araon, chun iomaíochas a spreagadh. Is é an cuspóir láithreach atá ann a áirithiú go mbeidh costas níos ísle ag baint le comhlíonadh na rialacha, go mbainfear na cuspóirí céanna amach leis, agus go mbeidh buntáiste iomaíoch ann féin do ghnólachtaí freagracha. Tugadh tosaíocht do na leasuithe ag tógáil ar na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus ar an gcéad idirphlé cur chun feidhme a rinne an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Henna Virkkunen agus an Coimisinéir Michael McGrath.

Ar na cúiseanna sin, dírítear sna leasuithe ar dheiseanna a chur ar fáil maidir le húsáid sonraí, mar acmhainn bhunúsach i ngeilleagar an Aontais, go háirithe d'fhonn tacú le réitigh iontaofa intleachta saorga a fhorbairt agus a úsáid i margadh an Aontais. Tacaíonn leasuithe spriocdhírithe ar na rialacha maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas leis an gcuspóir sin agus cuireann siad bearta simpliúcháin ar fáil láithreach do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair, rud a neartaíonn a gcumas a gcearta a fheidhmiú.

---

9 Eurostat (2025) *Míniú ar Staidreamh: Earnáil TFC – breisluach, fostaíocht agus T & F*. Le fáil ag: Earnáil TFC - breisluach, fostaíocht agus T & F - Míniú ar Staidreamh - Eurostat

Ina theannta sin, leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga[10]), a cuireadh i láthair i gcuid ar leith den Omnibus Digiteach a bhaineann le togra dlí, féachtar le cur i bhfeidhm rianúil éifeachtach na rialacha maidir le forbairt agus úsáid shábháilte iontaofa na hintleachta saorga a éascú.

Moltar san Omnibus Digiteach freisin réiteach an-soiléir chun tuairisciú teagmhas cibearshlándála a chuíchóiriú, agus na hoibleagáidí tuairiscithe gaolmhara uile á dtabhairt faoi scáth sásra tuairiscithe aonair.

Ar deireadh, aisghairtear leis an togra rialacha atá as dáta i réimse rialáil na n-ardán, ar tháinig rialacháin níos déanaí ina n-ionad.

Leis na leasuithe, féachtar leis na rialacha a chuíchóiriú, leis an líon nó na dlíthe a laghdú agus leis na forálacha a chomhchuibhiú. Laghdaítear leo costais riaracháin trí fhorálacha agus nósanna imeachta a shimpliú. Scaoileann siad cuideachtaí meánchaipitlithe beaga ó oibleagáidí áirithe ar fud na reachtaíochta sonraí agus Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga[11]), chomh maith le fiontair bheaga agus micrifhiontair a chumhdaítear cheana féin le córas speisialta. Spreagann siad deiseanna freisin le haghaidh timpeallacht ghnó bhríomhar, rud a chruthaíonn níos mó deimhneachta dlíthiúla agus deiseanna, go háirithe maidir le sonraí a chomhroinnt agus a athúsáid, sonraí pearsanta a phróiseáil nó oiliúint a chur ar chórais agus samhlacha intleachta saorga.

An tráth céanna, tá na leasuithe atá beartaithe de chineál teicniúil i gcónaí, lena bhféachtar leis an gcreat rialála a choigeartú ach gan a chuspóirí bunúsacha a leasú. Déantar calabrú ar na bearta chun an caighdeán céanna a chaomhnú maidir le cearta bunúsacha a chosaint.

In éineacht leis an Omnibus Digiteach, tá an Coimisiún ag cur síos a thogra le haghaidh **Rialachán maidir le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa**, mar thionscnamh bunúsach chun comhlíonadh rialála a shimpliú agus chun ualaí riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. Déanfar na Tiachóga Gnó a dhearadh mar uirlisí digiteacha slána do ghnólachtaí, ag gníomhú dóibh mar ardán aonair chun a n-idirghníomhaíochtaí ar fud an Aontais a shimpliú. Trí aitheantóir uathúil leanúnach a chur chun feidhme, tabharfar de chumhacht do ghnólachtaí céannachtaí a fhíorú go digiteach, doiciméid a shíniú, stampáil ama a dhéanamh, agus faisnéis dhigiteach fhíoraithe a mhalartú go rianúil thar theorainneacha trí réiteach aonair a úsáid. Trí Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a ghlacadh, beidh cuideachtaí, go háirithe FBManna, in ann a mbealach a dhéanamh go héasca maidir le comhlíonadh, rud a chuirfidh acmhainní ríthábhachtacha ar fáil ar féidir iad a atreorú i dtreo an fháis agus na nuálaíochta.

Mar dhara céim sa ghealltanas chun ‘tástáil struis’ a dhéanamh ar an gcreat rialála digiteach, **tá Seiceáil Oiriúnachta Digití á déanamh ag an gCoimisiún freisin.** Cé go bhfuil na tograí le haghaidh Omnibus Digiteach láithreach agus spriocdhírithe, díreoidh an anailís a dhéanfaidh an Coimisiún sa tSeiceáil Oiriúnachta Digití ar thionchar carnach na rialacha digiteacha, lena bhféachfar le tástáil a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn siad le hiomaíochas

[10] De réir togra dlí ar leithligh
[11] De réir togra ar leithligh

an Aontais agus ar na réimsí ina mbeidh gá le tuilleadh coigeartuithe a mholadh sa dara leath den sainordú reachtach.

Seoltar an tSeiceáil Oiriúnachta Digití an tráth céanna leis an togra Omnibus, le comhairliúchán poiblí leathan. Féachann an Coimisiún le dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara uile agus dul i gcomhairle leo ar bhonn leathan. Is é an cuspóir atá ann forléargas agus mapáil leathan a dhéanamh ar an gcaoi a gcumhdaítear earnálacha straitéiseacha de thionscal an Aontais leis an gcreat rialála digiteach, agus aghaidh a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag éifeacht charnach na rialacha ar a n-iomaíochas. Ar an mbonn sin, rachaidh an anailís níos doimhne sa dara céim maidir leis na sineirgí agus na réimsí a d'fhéadfaí a ailíniú a thuilleadh, ó shainmhínithe agus coincheapa dlíthiúla, go héifeachtacht agus idirghníomhú na gcóras rialachais agus bearta tacaíochta eile.

Leanfar den 'tástáil struis' ar an *acquis* digiteach freisin trí idirphlé cur chun feidhme, agus **trí mheastóireachtaí ar na príomhionstraimí dlí uile**. Sa phleanáil atá ann faoi láthair, i measc tionscnaimh eile, tá coinne leis go bhfoilseoidh an Coimisiún in 2026 athbhreithniú ar an nGníomh um Margaí Digiteacha, ar Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, ar an nGníomh um Shliseanna, ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, agus meastóireacht ar an Treoir maidir le Cóipcheart. Le haghaidh 2027, áirítear ar na gníomhartha a bhfuil coinne leis go ndéanfar meastóireacht orthu, i measc nithe eile, an Gníomh um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, an Rialachán maidir leis an Idirlíon Oscailte, NIS2 agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha. In 2028, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán agus ar an nGníomh um Shonraí, mar shampla, agus ina dhiaidh sin meastóireacht ar an nGníomh um an Intleacht Shaorga in 2029 agus meastóireacht ar chlásal éagtha an Rialacháin lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála agus an Líonra Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála.

Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht arís agus arís eile gur lú, i mórán cásanna, a bhaineann an iarracht simpliúcháin leis na rialacha a mhodhnú, agus gur mó a bhaineann sé le soiléireacht a thabhairt maidir lena gcur i bhfeidhm. **Tá tús áite á thabhairt ag an gCoimisiún do shraith treoirlínte** atá dírithe ar thacú le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na rialacha, gan dochar do léirmhínithe na Cúirte Breithiúnais.

A mhéid a bhaineann leis an gcreat rialála sonraí, d'fhógair an Coimisiún a thosaíocht sa Straitéis um Aontas Sonraí, ag díriú go háirithe ar threoirlínte maidir le cúiteamh réasúnta chun soiléiriú a dhéanamh ar an méid is féidir a ghearradh as comhroinnt sonraí, deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do shealbhóirí sonraí agus d'fhaighteoirí sonraí araon, agus treoirlínte chun sainmhínithe a shoiléiriú.

Chun tacú le cur i bhfeidhm an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, leanann an Coimisiún de thosaíocht a thabhairt do threoirlínte a eisiúint maidir le roinnt gnéithe, mar a shonraítear a thuilleadh sa mheabhrán míniúcháin don togra Omnibus Digiteach lena leasaítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga.

***Tograí san Omnibus Digiteach***

**Leathnaíodh an '*acquis* reachtach maidir le sonraí'** le blianta beaga anuas chuig raon rialachán, rud a chruthaigh castacht dhlíthiúil, lena n-áirítear roinnt forluí, sainmhínithe agus ceisteanna nach bhfuil ailínithe go hiomlán maidir le hidirghníomhú na n-ionstraimí. Go háirithe, glacadh Rialachán (AE) 2018/1807 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta) agus ceapadh é chun margadh aonair a chruthú le haghaidh néalseirbhísí.

Cuireadh Caibidil VI de Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) ina hionad go páirteach, lena leagtar síos oibleagáidí maidir le malartú idir seirbhísí próiseála sonraí.

Cás eile den chineál sin is ea Caibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) lena gcomhlánaítear na rialacha maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid i dTreoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) i gcás sonraí nach féidir a athúsáid gan srianta. Ina theannta sin, le caibidlí eile de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí), cruthaíodh rialacha maidir le seirbhísí idirghabhála sonraí, altrúchas ó thaobh sonraí de, ceanglais maidir le hiarrataí rochtana rialtais eachtraigh ar shonraí neamhphearsanta agus cruthaíodh an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí. Le Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), ar an taobh eile, cruthaíodh oibleagáid ábhartha ar mhonaróirí gléasanna nasctha agus ar sholáthraithe seirbhísí gaolmhara sonraí a chomhroinnt lena n-úsáideoirí, nó ar ghnólachtaí sonraí a chomhroinnt le gníomhaireachtaí rialtais chomh maith le rialacha maidir le conarthaí cothroma comhroinnte sonraí.

Chun aghaidh a thabhairt air sin, moltar san Omnibus rialacha atá as dáta a aisghairm, go háirithe na rialacha atá ann faoi láthair i Rialachán (AE) 2018/1807 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta (RSSN) cé is moite den toirmeasc ar cheanglais logánaithe sonraí san Aontas agus rialacha i Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí, GRS) a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, amhail na rialacha maidir le haltrúchas ó thaobh sonraí de agus seirbhísí idirghabhála sonraí chun borradh a chur faoi tharraingteacht na sásraí comhroinnte sonraí sin. An tráth céanna, déantar rialacha an Ghnímh um Rialachas Sonraí maidir le hathúsáid sonraí cosanta a chumasc le rialacha Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) chun creat aonair a chruthú le haghaidh athúsáid sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí a léirítear i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Rialachán maidir leis an nGníomh um Shonraí). Tá go leor buntáistí ag baint leis an réiteach sin do riaracháin phoiblí a bhfuil sonraí earnála poiblí acu agus d’athúsáideoirí, toisc gur féidir leo próisis a chuíchóiriú agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le dlíthe náisiúnta éagsúla a léirmhíniú agus a chur chun feidhme a laghdú.

Ina theannta sin, tugtar isteach leis an togra an fhéidearthacht do chomhlachtaí earnála poiblí coinníollacha éagsúla a leagan amach agus táillí níos airde a ghearradh ar an athúsáid ag fiontair an-mhór agus go háirithe ag gnóthais a ainmnítear mar gheatóirí, mar a shainmhínítear faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha), a bhfuil cumhacht agus tionchar mór acu ar an margadh inmheánach. Chun cosc a chur ar na heintitis sin a gcumhacht mhór sa mhargadh a ghiaráil chun dochair don iomaíocht chóir agus don nuálaíocht, beidh comhlachtaí earnála poiblí in ann coinníollacha speisialta a leagan amach maidir le hathúsáid sonraí agus doiciméad ag na heintitis sin.

Áirítear sa togra rialacha comhdhlúite cuíchóirithe Rialachán (AE) 2024/1689 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí), Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), lena gcruthaítear ionstraim chomhdhlúite aonair amháin do gheilleagar sonraí na hEorpa. Aisghairtear Rialachán (AE) 2024/1689 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí), Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) agus Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí). Tá na rialacha ar fud na gceithre ionstraim ailínithe agus cuíchóirithe ar bhealach níos fearr chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú, rud a mhéadaíonn a n-éifeachtacht agus a thacaíonn le gnólachtaí nuálaíocht a spreagadh. Tá an tionscnamh seo i gcomhréir leis an Straitéis um Aontas Sonraí, a bhfuil sé d’aidhm bhunúsach aici simpliú an chreata reachtaigh a chur chun cinn.

Ina theannta sin, chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt do ghnólachtaí beaga, leathnaítear na rialacha lena n-éascaítear comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le sonraí d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a chur san áireamh. Is céim mhór é Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), a tháinig i bhfeidhm an 12 Meán Fómhair 2025, i dtreo geilleagar sonraí cothrom iomaíoch san Aontas. Níl sé i gceist leis na hathruithe a chuirtear chun cinn sa togra seo athruithe a thabhairt isteach ar a bhfuil bainte amach le Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Mar sin féin, chun a chuspóir a bhaint amach go hiomlán maidir le cothromaíocht a bhaint amach idir nuálaíocht agus infhaighteacht sonraí agus cosaint chearta agus leas na sealbhóirí sonraí, is gá ceithre phríomhghné a chalabrú. Go sonrach, tá sé ríthábhachtach a áirithiú ní hamháin go laghdófar ualaí le Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) ach go gcuirfear borradh faoin tsoiléireacht dhlíthiúil agus go spreagfar an t-iomaíochas freisin. Ar an gcéad dul síos, tá géarghá le coimircí a neartú i gcoinne an riosca go sceithfí rúin trádála chuig tríú tíortha i gcomhthéacs na bhforálacha éigeantacha maidir le comhroinnt sonraí IoT. Ar an dara dul síos, d’fhéadfadh débhrí dhlíthiúil a bheith mar thoradh ar raon feidhme fairsing an chreata gnólacht le rialtas. Ar an tríú dul síos, d’fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a bheith mar thoradh ar na forálacha maidir le ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh conarthaí cliste lena bhforghníomhaítear comhaontuithe comhroinnte sonraí. Ar deireadh, le forálacha Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) maidir le malartú idir seirbhísí próiseála sonraí, coinnítear a n-ábharthacht mar rannchuidiú lárnach i dtreo margadh néalríomhaireachta níos oscailte agus níos iomaíche. Mar sin féin, níor cuireadh san áireamh go leordhóthanach sna forálacha sin cás sonrach na seirbhísí atá, le bheith inúsáidte, saincheaptha go mór do riachtanais custaiméara nó a sholáthraíonn FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga. Leis na leasuithe atá sa togra seo, coinneofar an uaillmhian deireadh a chur le gaibhniú díoltóirí, go háirithe muirir mhalartaithe agus imeachta, agus an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe na seirbhísí thuasluaite á laghdú an tráth céanna. Dá bhrí sin, cuirtear chun cinn leis an togra leasuithe lena bhfeabhsaítear soiléireacht dhlíthiúil agus atá ailínithe go láidir le cuspóirí foriomlána Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Ina theannta sin, chun tuilleadh cúnaimh a thabhairt do ghnólachtaí beaga, leathnaítear na rialacha lena n-éascaítear comhlíonadh *acquis* sonraí an Aontais d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) chun cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a chur san áireamh.

**Maidir le sonraí pearsanta,** tháinig Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, lena gcruthaítear caighdeáin, rialacha agus coimircí uile-Aontais maidir le sonraí pearsanta daoine aonair a phróiseáil, cearta na n-ábhar sonraí chomh maith le creat dlíthiúil ginearálta dóibh siúd a phróiseálann sonraí pearsanta. Cé gur chinn páirtithe leasmhara go ginearálta go bhfuil Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) cothrom agus fónta agus go bhfuil sé fós oiriúnach don fheidhm, chuir roinnt eintiteas, go háirithe cuideachtaí beaga agus comhlachais a bhfuil líon íseal oibríochtaí próiseála sonraí neamhdhiana acu, a mbaineann riosca íseal leo go minic, in iúl go raibh imní orthu maidir le cur i bhfeidhm roinnt oibleagáidí den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is féidir aghaidh a thabhairt ar chuid de na hábhair imní sin trí léirmhíniú agus forfheidhmiú níos comhsheasmhaí agus níos comhchuibhithe ar fud na mBallstát, agus teastaíonn leasuithe spriocdhírithe ar an reachtaíocht ó chuid eile acu. Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm do na leasuithe atá sa togra seo aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin go háirithe trí phríomhshainmhínithe áirithe a shoiléiriú, mar shampla coincheapa maidir le sonraí pearsanta;

trí chomhlíonadh a éascú, mar shampla trí thacú le rialaitheoirí maidir leis na critéir agus na modhanna chun a chinneadh an ionann sonraí a eascraíonn as bréagainmniú agus sonraí pearsanta, i ndáil le ceanglais faisnéise agus fógraí faoi sháruithe ar shonraí a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta; chomh maith le gnéithe áirithe a shoiléiriú maidir le próiseáil sonraí le haghaidh oiliúint agus fhorbairt na hintleachta saorga. Leis na leasuithe atá beartaithe, tugtar aghaidh freisin ar an easpa soiléireachta maidir leis na coinníollacha le haghaidh taighde eolaíoch trí shainmhíniú a thabhairt ar thaighde eolaíoch, trína shoiléiriú a thuilleadh go bhfuil tuilleadh próiseála chun críoch eolaíoch comhoiriúnach le cuspóir tosaigh na próiseála agus trína shoiléiriú gur leas dlisteanach é taighde eolaíoch. Tá sé beartaithe freisin síneadh a chur leis na heisceachtaí ón oibleagáid faisnéise le haghaidh próiseála. I gcás inarb ábhartha, léirítear sa togra seo na hathruithe ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

Ina theannta sin, tá sé thar am teacht ar réiteach rialála maidir le tuirse toilithe agus leathadh meirgí fianán. Le Treoir (AE) 2002/58/CE maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach ('an Treoir maidir le r-Phríobháideachas'), a athbhreithníodh go deireanach in 2009, soláthraítear creat chun rúndacht na cumarsáide a chosaint agus sonraítear Rialachán (AE) 2016/679 ('An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí RGCS') i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist i gcomhthéacs na cumarsáide leictreonaí. Cosnaítear leis freisin trealamh teirminéil na n-úsáideoirí a fhéadfar a úsáid chun ionradh a dhéanamh ar a bpríobháideachas agus chun faisnéis a bhaineann leis na húsáideoirí sin a bhailiú. Cuid fhíor-riachtanach d'úsáid trealaimh teirminéil – amhail fóin agus ríomhairí pearsanta – is ea ábhar a thomhailt agus seirbhísí ar líne a úsáid. Braitheann go leor de na seirbhísí ar líne sin ar an ioncam ó fhógraíocht, lena n-áirítear fógraíocht phearsantaithe. Is amhlaidh atá freisin i gcás seirbhísí meán. Braitheann soláthraithe seirbhíse ar líne ar na fianáin, mar a thugtar orthu, nó ar theicneolaíochtaí comhchosúla a bhaineann úsáid as cumais phróiseála agus stórála an trealaimh teirminéil agus, ar an gcaoi sin, rochtain a fháil, mar shampla, ar fhaisnéis a stóráiltear sa trealamh teirminéil nó a astaítear uaidh. Úsáidtear é sin chun críoch éagsúil, amhail soláthar na seirbhíse don trealamh teirminéil áirithe a bharrfheabhsú, slándáil an trealaimh teirminéil agus na seirbhíse foriomláine a áirithiú, ach freisin chun iompar agus idirghníomhaíocht an duine aonair le seirbhísí éagsúla ar líne a rianú chun fógraíocht phearsantaithe a sholáthar.

I gcás nach bhfuil gá le húsáid na dteicneolaíochtaí sin le haghaidh stóráil theicniúil nó rochtain theicniúil chun tarchur cumarsáide thar líonra cumarsáide leictreonaí a dhéanamh nó a éascú, agus chun na críche sin amháin, nó i gcás ina bhfuil géarghá leis chun seirbhís sochaí faisnéise a sholáthar arna hiarraidh go sainráite ag an rannpháirtí nó ag an úsáideoir, ceanglaítear toiliú le Treoir (AE) 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas). Is iondúil go n-iarrtar toiliú den sórt sin trí phreabmheirgí a thaispeántar ar an suíomh gréasáin nó ar an bhfeidhmchlár móibíleach. Bíonn faisnéis i meirgí den sórt sin maidir le críocha próiseála, a bhíonn nasctha go minic le cineálacha fianán, faighteoirí sonraí, agus ní bhíonn sé éasca i gcónaí do dhaoine aonair iad a thuiscint. Ar na cúiseanna sin, d'fhéadfadh sé nach mbainfeadh siad a n-aidhm amach – an duine aonair a chur ar an eolas agus smacht a thabhairt maidir lena bpríobháideachas a chosaint agus a sonraí pearsanta a phróiseáil, ach ina ionad sin meastar gur núis iad d'úsáideoirí idirlín. An tráth céanna, tabhaíonn soláthraithe seirbhíse ar líne costais mhóra chun meirgí comhlíontacha a dhearadh.

Agus an chastacht ag dul i méid, tá feidhm ag Airteagal 5(3) de Threoir (AE) 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas) maidir le fianáin nó teicneolaíochtaí comhchosúla a shocrú chun faisnéis a fháil ó threalamh teirminéil úsáideora, agus tá próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin faoi réir Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir

le Cosaint Sonraí). Cé go bhfuil gá le toiliú chun rialú na n-ábhar sonraí a áirithiú, ní i gcónaí a bhíonn sé ar an mbunús dlí is iomchuí le haghaidh próiseáil ina dhiaidh sin, mar shampla, nuair is gá an phróiseáil a dhéanamh chun seirbhís eile seachas seirbhís na sochaí faisnéise a fheidhmiú. Mar thoradh air sin, tá éiginnteacht dhlíthiúil agus costais chomhlíonta níos airde ann do rialaitheoirí a phróiseálann sonraí pearsanta a fhaightear ó threalamh teirminéil. Thairis sin, mar thoradh ar an dá chóras r-Phríobháideachais agus ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, bhí údaráis náisiúnta éagsúla inniúil chun maoirseacht a dhéanamh ar rialacha an dá chreat dhlíthiúla.

Ar na cúiseanna sin, tá sé beartaithe an t-idirghníomhú idir na rialacha is infheidhme a shimpliú láithreach. Níor cheart próiseáil sonraí pearsanta ar threalamh teirminéil agus uaidh a rialú ach amháin le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), lena n-ionsúitear freisin an ceanglas soiléir maidir le toiliú chun rochtain a fháil ar threalamh teirminéil duine nádúrtha nuair a bhailítear sonraí pearsanta. Leis na leasuithe atá beartaithe, déantar foráil freisin maidir le críocha áirithe i gcás nár cheart é a bheith riachtanach toiliú a fháil agus i gcás inar cheart a mheas go bhfuil an phróiseáil a dhéanfar ina dhiaidh sin dleathach, go háirithe i gcás nach bhfuil ach riosca íseal ag baint leo do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí nó i gcás inar gá teicneolaíochtaí den sórt sin a shuíomh chun seirbhís arna hiarraidh ag an ábhar sonraí a sholáthar.

Ar deireadh, réitíonn an togra an bealach do thásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ar roghanna aonair agus do na tásca sin a bheith á n-urramú ag soláthraithe suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach agus ag soláthraithe feidhmchlár fón póca a luaithe a bheidh caighdeáin ar fáil. Cuireann sé sin le leasú 2009 ar Threoir (AE) 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas) (cf. Aithris 66 de Threoir 2009/136/CE) a moladh cheana féin toiliú an úsáideora a chur in iúl trí shocruithe iomchuí brabhsálaí nó feidhmchláir eile a úsáid i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus éifeachtach agus Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), chomh maith le togra 2017 ón gCoimisiún maidir le Rialachán maidir le Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach (COM(2017)10) inar moladh roghanna úsáideoirí a bhainistiú trí shocruithe brabhsálaí gréasáin. Tugann sé sainordú don Choimisiún iarraidh ar na comhlachtaí um chaighdeánú sraith caighdeán a fhorbairt chun léiriú uathoibrithe agus meaisín-inléite ar roghanna na n-ábhar sonraí a ionchódú, agus chun na roghanna sin a chur in iúl ó bhrabhsálaithe go suíomhanna gréasáin agus ó fheidhmchláir fón póca go seirbhísí gréasáin. A luaithe a bheidh siad ar fáil, agus tar éis tréimhse chairde 6 mhí, tá sé d’oibleagáid ar rialaitheoirí a úsáideann suíomh gréasáin agus feidhmchláir mhóibíleacha chun a seirbhís a sholáthar na tásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ionchódaithe sin a urramú. I gcás ina n-áirithíonn rialaitheoirí go gcomhlíonann a suíomhanna gréasáin nó a bhfeidhmchláir fóin póca na caighdeáin sin, ba cheart dóibh tairbhiú de thoimhde comhlíontachta. Ar an mbonn sin, meastar go bhforbróidh brabhsálaithe socruithe ábhartha freisin. Déantar na forálacha a fhoirmliú ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ionas go bhféadfadh uirlisí eile, e.g. intleacht shaorga ghníomhaíoch, tacú le húsáideoirí roghanna toilithe a dhéanamh, dá mbeidís oiriúnach chun comhlíonadh cheanglais RGCS a áirithiú. I bhfianaise a thábhachtaí atá sruthanna ioncaim ar líne don iriseoireacht neamhspleách mar cholún fíor-riachtanach de shochaí dhaonlathach, níor cheart é a bheith d’oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse meán mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2024/1083 (an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) comharthaí den sórt sin a urramú, rud a ligfeadh dóibh idirghníomhaíocht dhíreach a bheith acu le húsáideoirí chun iad a chur ar an eolas agus chun é a chur ar a gcumas dóibh a roghanna toilithe a dhéanamh.

Leis na leasuithe a chuirtear i láthair sa Rialachán seo, tabharfar isteach **pointe iontrála aonair trínar féidir le heintitis a n-oibleagáidí tuairiscithe teagmhas a chomhlíonadh go comhuaineach faoi ghníomhartha dlíthiúla iomadúla.** Trí phrionsabal 'tuairiscigh uair amháin, comhroinn go minic' a chothú, le pointe iontrála aonair laghdófar an t-ualach riaracháin ar eintitis, agus sreabhadh éifeachtach agus slán faisnéise faoi theagmhais slándála chuig na faighteoirí a shainítear sa reachtaíocht faoi seach á áirithiú an tráth céanna.

Bunaítear leis an togra an oibleagáid ar ENISA an pointe iontrála aonair a fhorbairt, agus an t-ardán tuairiscithe aonair le haghaidh fógraí faoi leochaileachtaí arna dúshaothrú go gníomhach agus faoi theagmhais thromchúiseacha faoi Rialachán (AE) 2024/2847 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht(GCA)) á chur san áireamh. Sainordaítear leis ceanglais shonracha le haghaidh na huirlise, mar chainéal slán faisnéise arna tuairisciú ag eintitis agus arna seoladh chuig na húdaráis inniúla. Fágann sé gan athrú na ceanglais dhlíthiúla fholuiteacha maidir le tuairisciú teagmhas ach cuireann sé barrfheabhas mór ar an sreabhadh oibre agus ar na hacmhainní a theastaíonn ó eintitis.

Sainordaítear leis an togra freisin úsáid an phointe iontrála aonair le haghaidh sraith oibleagáidí tuairiscithe teagmhas atá idirnasctha go dlúth a leagtar amach i dTreoir (AE) 2022/2555 (an Dara Treoir NIS), Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS), Rialachán (AE) 2022/2554 (Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais), Rialachán (AE) 910/2014 (Rialachán eIDAS), agus Treoir (AE) 2022/2557 (an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil). Déanfar oibleagáidí tuairiscithe earnála eile, amhail iad sin a leagtar amach faoi chuimsiú an chóid gréasáin maidir le gnéithe cibearshlándála de shreabha leictreachais trasteorann (CGGCS) agus na hionstraimí ábhartha d'earnáil na heitlíochta, a thabhairt faoin bpointe iontrála aonair freisin trí leasuithe ar na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme faoi seach lena mbunaítear na hoibleagáidí tuairiscithe faoi na creataí sin.

Tá sé d'aidhm ag an togra freisin ábhar na faisnéise tuairiscithe a chuíchóiriú trí chumhachtuithe a thabhairt isteach le haghaidh roinnt gníomhartha dlí, i gcás nach ann dóibh. Soiléirítear sa togra, agus teimpléid tuairiscithe choiteanna á bhforbairt le haghaidh Threoir (AE) 2022/2555, Threoir (AE) 2022/2557 nó Rialachán (AE) 2016/679, chun comhsheasmhacht a áirithiú, sineirgí a chur chun cinn agus an t-ualach riaracháin ar eintitis a laghdú tríd an líon réimsí sonraí a cheanglaítear ar eintitis a chur i gcrích a íoslaghdú, gur cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar an taithí a fuarthas agus ar na teimpléid choiteanna a forbraíodh faoi Rialachán (AE) 2022/2554 (Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais).

I dteannta na bpríomhathruithe sin, tapaíonn an togra an deis Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (an Rialachán maidir le hardáin le haghaidh gnó nó 'Rialachán P2B') a aisghairm. Tá an Rialachán i bhfeidhm ón 12 Iúil 2020 agus ba é an chéad chéim é i dtreo creat dlíthiúil cuimsitheach a chur ar fáil do gheilleagar na n-ardán. Ó tháinig sé i bhfeidhm, tá gníomhartha eile de dhlí an Aontais tagtha chun seirbhísí idirghabhála ar líne agus ardáin ar líne a rialáil. Áirítear orthu sin Rialachán (AE) 2022/1925 (an Gníomh um Margaí Digiteacha (GMD)) agus Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)) a sháraíonn na forálacha i Rialachán P2B den chuid is mó. Leanfaidh forálacha áirithe de Rialachán P2B de bheith i bhfeidhm chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú le haghaidh gníomhartha ina bhfuil crostagairtí do na forálacha sin, mar shampla Treoir (AE) 2023/2831 maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre le haghaidh obair ardáin. Go ginearálta, laghdóidh simpliú an chreata rialála le haghaidh ardáin ar líne costais chomhlíonta mar gheall ar rialacha srathacha agus forluiteacha,

mar a d'iarr páirtithe leasmhara. Bainfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar líne tairbhe as soiléireacht mhéadaithe maidir le forálacha dlí. Beidh an forfheidhmiú níos spriocdhírithe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an dara togra ag gabháil leis an togra lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1689 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), ina bhfuil an 'Omnibus Digiteach' le chéile agus arb é an chéad chéim láithreach é chun an creat rialála digiteach a shimpliú. Sa bhreis ar an Omnibus Digiteach, áireofar sa togra le haghaidh athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil), i measc nithe eile, sainordú nuashonraithe Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) chomh maith le bearta arb é is aidhm dóibh comhlíonadh na gceanglas cibearshlándála a shimpliú.

Tá an Omnibus Digiteach ina chuid de straitéis níos leithne maidir le simpliú rialála a fógraíodh tríd an bPacáiste Digiteach, a chuirtear i láthair ar bhealach níos mionsonraithe sa roinn tosaigh den mheabhrán míniúcháin seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra ina chuid de chlár oibre an Choimisiúin maidir le creat rialála an Aontais a shimpliú. Léirítear le raon feidhme leathan na ngníomhartha leasaithe go bhféadfaí simpliú a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar an idirghníomhú idir rialacha éagsúla, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann siad le réimsí beartais éagsúla. Is amhlaidh atá, mar shampla, sa réiteach simpliúcháin dhigitigh a forbraíodh faoin bpointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas, lena bhfágtar gan athrú na bunoibleagáidí rialála, ach lena dtugtar le chéile sa chomhéadan céanna rialacha cibearshlándála a bhfuil feidhm acu maidir le heintitis fhíor-riachtanacha, na rialacha is infheidhme maidir leis an earnáil airgeadais, rialacha cosanta sonraí, agus eile.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagail 114 agus 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena léirítear bunús dlí na ngníomhartha leasaithe. Is é Airteagal 16 den Chonradh an bunús dlí iomchuí le haghaidh na bhforálacha lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus Rialachán (AE) 2018/1725. Ós rud é go bhfuil gach gníomh leasaithe eile bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh, is iomchuí an bunús dlí céanna freisin d'fhorálacha leasaitheacha comhfhreagracha an Rialacháin seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ós rud é gur rialacha de chuid an Aontais iad na rialacha leasaithe, ní féidir iad a leasú ach ar leibhéal an Aontais. Leis na coigeartuithe teicniúla a chuirtear i láthair sa Rialachán seo, caomhnaítear loighic na coimhdeachta atá mar bhonn taca leis na gníomhartha leasaithe.

A mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), treisítear leis na leasuithe cuspóir an Rialacháin deireadh a chur le bacainní sa mhargadh aonair don gheilleagar sonraíbhunaithe. Déantar amhlaidh trí na rialacha atá ann cheana a chur i gceangal leis an Rialachán. Leis na leasuithe spriocdhírithe a rinneadh ar na rialacha sin, féachtar le simpliú agus soiléiriú a dhéanamh agus ualaí riaracháin a laghdú don earnáil phríobháideach agus do na húdaráis náisiúnta araon. Ní chuireann siad isteach ar inniúlacht na mBallstát ná institiúidí an Aontais.

Is amhlaidh atá freisin maidir le haisghairm Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte), agus é á thabhairt faoi deara go n-ionsúitear a rialacha substainteacha isteach i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) gan na hinniúlachtaí a thugtar do na Ballstáit a mhodhnú go substaintiúil. Sa lá atá inniu ann, tá cuid mhór de shonraí earnála poiblí faoi réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/138 atá infheidhme go díreach maidir le tacair sonraí ardluacha[12]. Leis an gclaochlú go Rialachán, éascófar cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na n-athruithe atá beartaithe ar fud na mBallstát uile. Tacófar go háirithe le riaracháin phoiblí a bhfuil sonraí earnála poiblí acu, ach le hathúsáideoirí sonraí den sórt sin freisin, trí phróisis a chuíchóiriú agus trí laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhaineann le dlíthe náisiúnta éagsúla a léirmhíniú agus a chur chun feidhme. Is dócha go mbeidh forfheidhmiú rialacha atá infheidhme go díreach níos comhsheasmhaí. Ní athraítear córais rochtana náisiúnta leis an togra agus tá sé d’aidhm aige dóthain solúbthachta a sholáthar do réitigh náisiúnta – saincheart a bhfuil na Ballstáit ag cur béim air.

A mhéid a bhaineann le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus Rialachán (AE) 2018/1725, leis na leasuithe atá beartaithe féachtar le soiléireacht agus intuarthacht a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm na rialacha atá ann cheana, agus leis an ualach riaracháin a laghdú, i gcás inar féidir, gan an bonn a bhaint den ardleibhéal cosanta sonraí faoi Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus Rialachán (AE) 2018/1725. Ar an gcaoi chéanna, fágann siad gan athrú inniúlacht na mBallstát agus chomhlachtaí agus institiúidí an Aontais.

Le tabhairt isteach an phointe iontrála aonair le haghaidh tuairsciú teagmhas, moltar réiteach uile-Eorpach chun cainéal amháin a sholáthar le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla iomadúla a fhorchuirtear ar ghnólachtaí as an teagmhas céanna a thuairisciú go bunúsach. Leis an réiteach ní athraítear ar bhealach ar bith cearta agus inniúlachtaí na n-údarás náisiúnta chun tuarascálacha den sórt sin a fháil. Ina ionad sin, dreasaítear tuairisciú trí phointe iontrála aonair a sholáthar i gcomhéadan atá éasca le húsáid chun tuarascáil amháin a chomhdú, de réir dealraimh, ach freagraítear d’oibleagáidí dlíthiúla iomadúla an tráth céanna. Ós rud é go gcuirtear go leor de na seirbhísí lena mbaineann ar fáil ar bhonn trasteorann agus go bhfuil soláthraithe i láthair i roinnt Ballstát, tá gá le réiteach Eorpach.

- **Comhréireacht**

Áirítear sa togra leasuithe teicniúla a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a bhaint amach maidir le hualaí riaracháin a laghdú agus soiléireacht rialála a sholáthar, agus bunchuspóirí na reachtaíochta leasaithe á gcaomhnú agus á mbarrfheabhsú an tráth céanna. Tá siad comhréireach, maidir le costais dhiomaibhseacha, más ann dóibh, idirthréimhseacha agus oiriúnaithe a fhorchur ar ghnólachtaí agus ar údaráis, ach toradh ard coigiltis costais a éascú sna blianta amach romhainn.

Le roinnt de na leasuithe a chuirtear i láthair sa Rialachán seo, saothraítear an cuspóir simpliúcháin trí dheimhneacht dhlíthiúil a sholáthar go príomha agus trí chur i bhfeidhm na rialacha a shoiléiriú - mar shampla a mhéid a bhaineann le soiléirithe do shealbhóirí sonraí maidir le cosaintí ar rúin trádála i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), nó

---

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2013/138.

soiléirithe maidir le hoiliúint a chur ar shamhlacha agus córais intleachta saorga lena n-áirítear sonraí pearsanta a rialaítear le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), nó coincheap na sonraí pearsanta i Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus i Rialachán (AE) 2018/1725. Le cuid de na forálacha féachtar le léirmhínithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chódú, amhail maidir le bréagainmniú sonraí pearsanta a shoiléirítear a thuilleadh i Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Dá réir sin, áirítear leo leasuithe an-spriocdhírithe ar na rialacha, agus an tráth céanna meastar go mbeidh tionchar mór acu maidir le deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí.

Leis na leasuithe atá beartaithe sa Rialachán seo, féachtar freisin le costais dhíreacha ar ghnólachtaí agus ar údaráis a laghdú, ag tabhairt faoi deara gur féidir na cuspóirí rialála céanna a bhaint amach le hualaí níos ísle agus comhréireacht na rialacha a áirithiú. Mar shampla, an córas éigeantach le haghaidh seirbhísí idirghabhálacha sonraí dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí), déantar córas deonach feabhsaithe iontaoibhe de i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Trí fhorálacha áirithe is infheidhme maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide a leathnú chuig cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, tá na bearta simpliúcháin spriocdhírithe agus is beag athrú a dhéantar leo ar raon feidhme na n-oibleagáidí sin, agus deimhneacht dhlíthiúil á soláthar an tráth céanna do raon níos leithne fiontar a bhfuil ardacmhainneacht acu tacú le hiomaíochas an Aontais. Tá na tograí teoranta do na hathruithe sin is gá chun a áirithiú go mbainfidh cuideachtaí meánchaipitlithe beaga tairbhe as an gcreat dlíthiúil céanna le FBManna.

Leis an bpointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas agus fógraí faoi sháruithe ar shonraí, bíonn coigilteas ard costais do ghnólachtaí, agus an tráth céanna téitear i ngleic le saincheist ghinearálaithe an tearcthuairiscithe. Ní réiteach comhréireach amháin é, ach tugann sé príomhréiteach simpliúcháin trí uirlis dhigiteach agus tacaíonn sé le héifeachtacht na n-oibleagáidí tuairiscithe a chumhdaítear faoin bpointe iontrála.

Is gá Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B) a aisghairm chun deireadh a chur le dúbláil rialacha; níl ach luach iarmharach ag an Rialachán, agus, i bhfianaise cur chuige rialála comhréireach i rialáil ardán ar líne, is gá deireadh a chur le hoibleagáidí dúbailte.

- **An rogha ionstraime**

Moltar na leasuithe trí Rialachán, i bhfianaise chineál na rialacha leasaithe. I gcás ina leasaítear Treoracha, is chuig comhlachtaí Eorpacha a dhírítear na forálacha, nó déantar modhnuithe spriocdhírithe leo go háirithe chun forálacha a fhorbrófar a thuilleadh i Rialacháin a ghearradh amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá an chuid is mó den reachtaíocht atá á breithniú sa togra seo sách nua, faoi réir meastóireacht leanúnach ar thorthaí. Déantar achoimre ar na príomhbharúlacha sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.

Eisceacht air sin is ea réamh-athbhreithniú 2023 ar Rialachán (AE) 2019/1150 (an Rialachán maidir le hArdáin le haghaidh Gnó (Rialachán P2B)[13)). Tugadh faoi deara sa tuarascáil éifeachtaí dearfacha tosaigh a mhéid a bhaineann le trédhearcacht chonarthach d'úsáideoirí gnó agus próis chuí maidir le gearáin a láimhseáil, mar shampla. Mar sin féin, léiríodh sa tuarascáil freisin go raibh easpa feasachta i measc úsáideoirí gnó chomh maith le soláthraithe seirbhísí idirghabhála ar líne agus soláthraithe inneall cuardaigh ar líne maidir lena gcearta agus lena n-oibleagáidí faoi seach faoi Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B). Bhí sé sin nasctha freisin le comhlíonadh neamhleor Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B) agus bhí easpa cur chun feidhme mar thoradh air. Fuarthas gearáin an-teoranta faoi Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B) go dtí 2023. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil 'nár baineadh amach acmhainneacht iomlán Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B) faoi láthair'. Idir an dá linn, tháinig Rialachán (AE) 2022/2065 (GSD) agus Rialachán (AE) 2022/1925 (GMD) i bhfeidhm go hiomlán agus tá forálacha Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B) sáraithe den chuid is mó acu.

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

Rinneadh roinnt comhairliúchán agus an togra á ullmhú. Ceapadh gach ceann acu mar chomhlánú ar a chéile, ag tabhairt aghaidh ar ghnéithe tráthúla éagsúla nó ar ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla.

Foilsíodh trí chomhairliúchán phoiblí agus trí ghlao ar fhianaise maidir le príomhcholúin an togra in earrach 2025. Reáchtáladh comhairliúchán maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga ón 9 Aibreán go dtí an 4 Meitheamh[14], comhairliúchán eile maidir leis an athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil) ón 11 Aibreán go dtí an 20 Meitheamh[15], agus ar deireadh comhairliúchán eile maidir leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach ón 23 Bealtaine go dtí an 20 Iúil[16]. Bhí roinn thiomnaithe (nó níos mó ná ceann amháin uaireanta) i ngach ceistneoir maidir le hábhair imní a bhaineann le cur chun feidhme agus simpliú, a bhain go díreach leis an bplé ar an Omnibus Digiteach. I dteannta a chéile, fuarthas 718 bhfreagra uathúla mar chuid den chéad sruth comhairliúcháin sin.

Sa bhreis air sin, foilsíodh Glao ar Fhianaise maidir leis an Omnibus Digiteach ón 16 Meán Fómhair go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2025[17]. Ba é ab aidhm dó deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thogra comhdhlúite maidir le raon feidhme an

---

[13] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gcéad réamh-athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1150 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne {SWD(2023) 300 final}

[14] An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga*. Le fáil ag: Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga – mór-roinn na hintleachta saorga a neartú

[15] An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an athbhreithniú ar an nGníomh um Chibearshlándáil.* Le fáil ag: An Gníomh um Chibearshlándáil

[16] An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach*. Le fáil ag: Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach

[17] An Coimisiún Eorpach (2025) *Glao ar fhianaise maidir leis an bpacáiste digiteach agus an omnibus digiteach*. Le fáil ag: Simpliú — pacáiste digiteach agus omnibus digiteach

Omnibus Dhigitigh. Fuarthas 513 fhreagra, arna gcur isteach ag grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, go háirithe gnólachtaí agus comhlachais ghnó, an tsochaí shibhialta, acadóirí, údaráis chomh maith le rannchuidithe aonair ó shaoránaigh.

D’óstáil an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Henna Virkkunen dhá idirphlé cur chun feidhme maidir leis na príomhábhair a dtugtar aghaidh orthu san Omnibus Digiteach: an chéad cheann maidir leis an mbeartas sonraí[18] (1 Iúil 2025), agus an dara ceann maidir leis an mbeartas cibearshlándála[19] (15 Meán Fómhair).

D’óstáil an Coimisinéir McGrath idirphlé cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm RGCS (an 16 Iúil 2025).

Rinne seirbhísí an Choimisiúin roinnt ‘seiceálacha fírinne’ freisin — fócasghrúpaí miona agus doimhne le gnólachtaí agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta a eagraíodh idir an 15 Meán Fómhair agus an 6 Deireadh Fómhair 2025 chun plé a dhéanamh ar na dúshláin phraiticiúla cur chun feidhme a bhí ann ó lá go lá agus chun costais chomhlíontachta a mheas.

D’fhonn dul i gcomhairle go sonrach le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), agus a n-aiseolas a bhailiú, reáchtáladh Painéal tiomnaithe FBManna tríd an Líonra Fiontar Eorpach (LFE)[20] idir an 4 Meán Fómhair agus an 16 Deireadh Fómhair 2025.

Ar deireadh, fuair seirbhísí an Choimisiúin go leor páipéar seasaimh agus d’óstáil siad cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara éagsúla. Chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i dteagmháil freisin leis na Ballstáit i gcruinnithe comhchéime nó i gcomhthéacs Meithleacha éagsúla de chuid na Comhairle.

Ar an iomlán, thángthas ar aon intinn maidir le haiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá le cuid de na rialacha digiteacha a chur i bhfeidhm ar bhealach simplithe. Ba dhíol sásaimh do na páirtithe leasmhara an bhéim ar chomhleanúnachas agus ar chomhdhlúthú na rialacha, agus an bhéim ar bharrfheabhsú na gcostas comhlíontachta.

Iarradh go soiléir go ndéanfaí an *acquis* sonraí a chuíchóiriú agus na rialacha a chomhdhlúthú. Tugtar aghaidh air sin sa togra, in éineacht le leasuithe spriocdhírithe a dtacaíonn páirtithe leasmhara leo, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an tuirse a ghineann na meirgí fianán. Ina theannta sin, tá aird tarraingthe ag gnólachtaí ar mheasúnuithe breise ar an idirghníomhú idir na rialacha sonraí ar gá anailís níos doimhne a dhéanamh orthu trí na huirlisí um Rialáil Níos Fearr, go háirithe an tseiceáil oiriúnachta digití atá ar na bacáin.

Tharraing gnólachtaí ar fud earnálacha éagsúla aird freisin ar na hualaí gan údar a eascraíonn as tuairisciú dúbailte teagmhas ar fud creataí dlíthiúla éagsúla. Tugtar aghaidh ar an nglao seo ar ghníomhaíocht tríd an togra maidir le pointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas.

---

[18] An Coimisiún Eorpach (2025) *Idirphlé maidir le cur chun feidhme — beartas sonraí*. Le fáil ag: Idirphlé maidir le cur chun feidhme – beartas sonraí - an Coimisiún Eorpach

[19] An Coimisiún Eorpach (2025) *Idirphlé cur chun feidhme maidir leis an mbeartas cibearshlándála leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Henna Virkkunen*. Le fáil ag: Idirphlé cur chun feidhme maidir leis an mbeartas cibearshlándála leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Henna Virkkunen - an Coimisiún Eorpach

[20] Is é LFE an líonra tacaíochta is mó ar domhan d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus is í Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a chuireann chun feidhme é.

Maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, chuir páirtithe leasmhara in iúl go bhfuil gá le deimhneacht dhlíthiúil i gcur i bhfeidhm na rialacha, agus leag siad béim go háirithe ar an ngá atá le caighdeáin agus treoir atá ar fáil sula gcuirfear na rialacha i bhfeidhm. Leis an togra rialála ar leithligh faoin Omnibus Digiteach, tugtar aghaidh ar na hábhair imní atá acu.

Ar deireadh, níor labhair páirtithe leasmhara amach faoi thionchar an Rialacháin maidir le hArdáin le haghaidh Gnó, rud a dheimhníonn torthaí na tuarascála meastóireachta eatramhaí nach bhfuil eolas maith ar na rialacha, ná nach bhfuil siad éifeachtach chun a gcuspóir a bhaint amach. Moltar sa Rialachán seo na rialacha maidir le hArdáin le haghaidh Gnó a aisghairm, go háirithe i bhfianaise an fhorluí atá acu leis na rialacha is déanaí.

Tá forléargas mionsonraithe ar na comhairliúcháin sin leis na páirtithe leasmhara, agus ar an gcaoi a ndearnadh machnamh orthu sa togra, le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre lena dtacaítear leis an Omnibus Digiteach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

I dteannta na sruthanna comhairliúcháin a leagtar amach thuas, bhí an Coimisiún ag brath go príomha ar anailís inmheánach chun críoch an togra seo. Rinneadh dhá staidéar a chonrú freisin chun tacú leis an anailís ar chaibidlí sonraí an togra. Díríodh sa chéad cheann ar chur chun feidhme Rialachán (AE) 2018/1807 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta), Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) agus Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí). Sa dara staidéar, a bhfuil nasc níos dlúithe aige leis an Teachtaireacht maidir le Straitéis um Aontas Sonraí (a glacadh mar chuid den Phacáiste Simplithe céanna in éineacht leis an Omnibus Digiteach), díríodh ar fhorbairtí beartais sonraí a bhaineann le hintleacht shaorga ghiniúnach, comhlíonadh rialála, agus gnéithe idirnáisiúnta. Tá an dá staidéar á dtabhairt chun críche, agus foilseofar iad ag céim níos déanaí.

Reáchtáil seirbhísí an Choimisiúin staidéar freisin ar an idirghníomhú idir Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus gníomhartha reachtacha eile, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B). Mar chuid den Phacáiste Digiteach, tá an tuarascáil á heisiúint ag an gCoimisiún ina dtugtar tuairisc ar an idirghníomhú idir Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus rialacha gaolmhara eile, de bhun cheanglas Airteagal 91 de Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

- **Measúnú tionchair**

Tá na leasuithe a chuirtear chun cinn sa Rialachán seo spriocdhírithe agus teicniúil ó thaobh a gcineáil de. Tá siad ceaptha chun cur chun feidhme níos éifeachtúla rialacha a áirithiú. Níl an iliomad roghanna beartais i gceist leo a d’fhéadfaí a thástáil agus a chur i gcomparáid go fóinteach agus, i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, níl tuarascáil iomlán ar an measúnú tionchair mar bhonn taca leo.

Sa Doiciméad Inmheánach Oibre atá i gceangal leis seo, tugtar léargas domhain ar an loighic idirghabhála le haghaidh na leasuithe, ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir leis na bearta éagsúla, agus cuirtear i láthair ann an anailís ar chostais agus tairbhí le haghaidh na dtograí, lena n-áirítear an coigilteas costais a ghintear agus cineálacha eile tionchar. In go leor cásanna cuireann sé leis na Measúnuithe Tionchair faoi seach a rinneadh ar dtús le haghaidh na ngníomhartha éagsúla.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá laghdú an-láidir ar an ualach ar ghnólachtaí, agus ar riaracháin phoiblí agus ar shaoránaigh, i gceist leis an Rialachán atá beartaithe. Foráiltear sna meastacháin tosaigh go bhféadfaí coigilteas EUR 1 bhilliún ar a laghad a dhéanamh in aghaidh na bliana, ó thráth an teacht i bhfeidhm, le coigilteas breise EUR 1 bhilliún i gcostais aonuaire, arb é sin EUR 5 bhilliún ar a laghad thar 3 bliana faoi 2029. Tá coinne le tairbhí neamh-inchainníochtaithe den chuid is mó freisin, go háirithe ó shraith chuíchóirithe rialacha lena n-éascófar a rannpháirtíocht agus comhlíonadh na rialacha sin. Eisiatar sna ríomhanna freisin na deiseanna gnó a chruthaítear tríd an gcur chuige rialála atá beartaithe.

Cé go bhfuil FBManna díolmhaithe cheana féin faoi líon áirithe forálacha sna gníomhartha dlí arna leasú san Omnibus Digiteach, cuirtear bearta tacaíochta breise chun cinn i réimse an mhalartaithe néalríomhaireachta. Laistigh den chaibidil maidir le rialacha comhchuibhithe maidir le comhroinnt sonraí, leathnaítear roinnt díolúintí a soláthraíodh cheana do FBManna chuig cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach freisin le 'Measúnú Digiteach' an Choimisiúin, arb é is aidhm dó a áirithiú go ndéanfar tograí beartais a ailíniú go leordhóthanach le timpeallachtaí digiteacha. Tá tuilleadh sonraí faoi sin le fáil i gCaibidil 4 den Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach atá i gceangal leis seo.

- **Cearta bunúsacha**

Tacaíonn na leasuithe atá beartaithe leis na deiseanna nuálaíochta do ghnólachtaí sa mhargadh aonair, agus ar an gcaoi sin cuireann siad an ceart chun gnó a sheoladh san Aontas chun cinn.

Baineann forálacha áirithe freisin le cearta bunúsacha eile a chosaint agus a chur chun cinn, go háirithe an ceart chun príobháideachais agus chun sonraí pearsanta a chosaint agus calabraíodh iad chun an caighdeán is airde cosaintí a chaomhnú, agus chun tacú le daoine aonair a gcearta a fheidhmiú go héifeachtach, agus costais á mbarrfheabhsú agus tuilleadh deiseanna nuálaíochta á gcruthú an tráth céanna. Tríd an méid sin a dhéanamh, cloíonn an togra go docht le prionsabal na comhréireachta a chumhdaítear in Airteagal 52 den Chairt.

I gcás sonrach na leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus ar Rialachán (AE) 2018/1725, shimpleodh na leasuithe atá beartaithe na ceanglais maidir le próiseáil ísealriosca, chomhchuibheofaí caighdeáin áirithe agus shoiléireofaí príomhchoincheapa áirithe de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus de Rialachán (AE) 2018/1725 lena gceadaítear do rialaitheoirí beartais cosanta sonraí níos éifeachtaí a chur chun feidhme. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas dóibh a n-acmhainní a dhíriú ar ghníomhaíochtaí atá níos déine ó thaobh sonraí de agus ar ghníomhaíochtaí ardriosca a bhfuil na bearta chun sonraí pearsanta a chosaint ríthábhachtach ina leith.

Maidir le príobháideachas cumarsáide, caomhnaítear leis an togra an caighdeán is airde cosanta, lena n-áirítear rochtain bunaithe ar thoiliú ar threalamh teirminéil. Ní athraítear na cosaintí substainteacha leis an leasú ar Threoir (AE) 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas). Déantar na rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ar threalamh teirminéil agus uaidh a ailíniú le rialacha Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Coinnítear rialacha maidir le sláine an trealaimh teirminéil faoin Treoir i gcás ina bpróiseáiltear sonraí neamhphearsanta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Na himpleachtaí buiséadacha a bhaineann le bunú agus coinneáil ar bun an phointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), sonraítear iad san athbhreithniú ar Rialachán (AE) 2019/881 (an Gníomh um Chibearshlándáil), mar chuid d'acmhainní ENISA.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/2854 – an Gníomh um Shonraí***

Leis na leasuithe ar an gcreat dlíthiúil sonraí, comhdhlúthaítear i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), ar bhealach láidir cuíchóirithe, forálacha Rialachán (AE) 2018/1807 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí), Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte). Áirítear i gCaibidil I freisin leasuithe spriocdhírithe chun rialacha reatha Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) a choigeartú.

Cumhdaítear le hAirteagal 1 leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828.

**In Airteagal 1:**

Le mír (1), nuashonraítear raon feidhme Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) ina gcuirfear caibidlí nua isteach mar a mhínítear a thuilleadh thíos.

Le mír (2) leasaítear sainmhínithe agus cuirtear sainmhínithe nua isteach.

Le mír (3) cruthaítear riail nua faoi Airteagal 4(8) de Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) lena gceadaítear do shealbhóirí sonraí diúltú rúin trádála a nochtadh d'úsáideoir i gcás ina bhfuil ardriosca ann go bhfaighfear, go n-úsáidfear nó go nochtfar go neamhdhleathach iad do thríú tíortha, nó d'eintitis atá faoina rialú, atá faoi réir dlínsí a bhfuil cosaintí níos laige acu ná iad siúd atá ar fáil san Aontas.

Le mír (5) tugtar isteach an riail chéanna maidir le hAirteagal 5(11) de Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), a bhaineann le sealbhóirí sonraí a nochtann rúin trádála do thríú páirtithe.

Le míreanna (5) go (19), déantar raon feidhme Chaibidil V a chúngú ó 'riachtanais eisceachtúla' amháin go 'éigeandálaí poiblí'. Scriostar leis Airteagail 14 agus 15, agus cruthaítear Airteagal 15a nua, arb é an t-aon Airteagal amháin é chun iarraidh a dhéanamh le linn éigeandálaí poiblí faoi chóras B2G de Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí). Is féidir na hiarrataí a dhéanamh nuair is gá chun freagairt d'éigeandáil phoiblí (Airteagal 15a(2)), nó chun an téarnamh ó éigeandáil phoiblí a mhaolú nó chun tacú leis (Airteagal 15a(3)). Déantar crostagairtí a choigeartú dá réir sin, déantar an teanga a shimpliú agus a shoiléiriú. Le mír (21) d'Airteagal 1 cruthaítear Airteagal 22a nua lena leagtar amach

an córas gearán faoi Chaibidil V, lena ndéantar forálacha a rinneadh arís agus arís eile roimhe sin a chumasc.

Áirítear i míreanna (20) go (22) díolúintí áirithe ó Chaibidil VI de Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) (malartú idir seirbhísí próiseála sonraí): In Airteagal 31, cuirtear córas sonrach níos éadroime isteach le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí atá saincheaptha, i.e. seirbhísí próiseála sonraí nach bhfuil réamhdhéanta agus nach bhfeidhmeodh gan oiriúnú roimh ré do riachtanais agus d'éiceachóras an úsáideora, i gcás ina soláthraítear iad sin bunaithe ar chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025. Ar an gcaoi chéanna, in Airteagal 31, cuirtear córas nua sonrach níos éadroime isteach le haghaidh seirbhísí próiseála sonraí arna soláthar ag FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga ar bhonn conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025, mar aon le soiléiriú gur féidir leis na soláthraithe sin pionóis luathfhoirceanta a áireamh i gconarthaí ar théarma seasta.

Áirítear i míreanna (23) go (25) modhnuithe ar Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) a eascraíonn as comhtháthú na gcomhlachtaí a rialaítear faoi láthair faoi Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Le mír (26) cuirtear deireadh leis na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe conarthaí cliste ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh agus tugtar de chumhacht don Choimisiún caighdeáin chomhchuibhithe a ghlacadh.

Le mír (27), comhtháthaítear dhá chóras dlí faoi láthair i Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí), Rialachán a aisghairfear a luaithe a thiocfaidh an Omnibus i bhfeidhm. Leis an bpointe seo, déantar athchóiriú ar na rialacha atá ann faoi láthair i gcaibidil III agus IV den Ghníomh um Rialachas Sonraí lena ndéantar foráil maidir le córas fógartha éigeantach le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus maidir le córas clárúcháin deonach le haghaidh eagraíochtaí altrúchais sonraí. Cuirfear an dá chóras isteach mar Chaibidil VIIa nua i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí). I bhfianaise chineál an mhargaidh atá ag teacht chun cinn le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí, beidh oibleagáidí Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) níos solúbtha chun go bhfásfaidh an margadh sin: Ar an gcéad dul síos, déanfar córas deonach den chóras le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí. Ar an dara dul síos, maidir leis an oibleagáid is criticiúla, an oibleagáid seirbhísí idirghabhála sonraí a choinneáil scartha go dlíthiúil ó aon seirbhís eile a d'fhéadfadh cuideachta a bheith ag iarraidh a thairiscint, cuirfear oibleagáid ina hionad chun seirbhísí a choinneáil scartha go feidhmiúil agus beidh tacar breise coinníollacha ag gabháil leis sin. Ar deireadh, déantar liosta na n-oibleagáidí a ghiorrú go mór. A mhéid a bhaineann le haltrúchas ó thaobh sonraí de, aisghairtear oibleagáidí tuairiscithe agus trédhearcachta d'eagraíochtaí altrúchais sonraí chomh maith leis an smaoineamh rialacha Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) a fhorlíonadh i 'Leabhar Rialacha altrúchais sonraí' le rialacha níos mionsonraithe fós.

Tugtar isteach leis Caibidil VIIb nua faoina ndéantar an toirmeasc ar cheanglais logánaithe le haghaidh sonraí neamhphearsanta laistigh den Aontas, a bhí ann roimhe seo faoin Rialachán atá le haisghairm (AE) 2018/1807 (an Rialachán maidir le Saorshreabhadh Sonraí Neamhphearsanta) a chur isteach i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí). Coinnítear an oibleagáid fógra a thabhairt don Choimisiún ach cuirtear deireadh leis an bpointe faisnéise aonair náisiúnta ar líne inar cheart do na Ballstáit ceanglais logánaithe sonraí is infheidhme a fhoilsiú.

Le míreanna (4), (33) – (58) tugtar isteach na forálacha cumaiscthe maidir le hathúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí faoi Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus faoi Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte):

- Le pointí (4) tugtar isteach sainmhínithe ó na forálacha a cuireadh isteach i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí), lena gcomhchuibhítear an sainmhíniú ar shonraí agus ar dhoiciméid trí idirdhealú docht a sholáthar idir ábhar digiteach (sonraí) agus ábhar neamhdhigiteach (doiciméad).
- Tugtar isteach leis Caibidil VIIc nua maidir le hathúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí.
- Tugtar isteach leis Roinn 1 nua, lena dtugtar isteach na prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir leis an gcaibidil nua a cuireadh isteach.
- Tugtar isteach leis ábhar agus raon feidhme na Caibidle cumaiscthe, lena gcomhcheanglaítear rialacha comhchoiteanna Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte).
- Leagtar amach ann prionsabal coiteann an neamh-idirdhealaithe is infheidhme maidir le sonraí rialtais oscailte agus catagóirí áirithe sonraí cosanta a chomhroinnt.
- Leagtar amach ann an toirmeasc ar shocruithe eisiacha, atá coiteann do chóras na sonraí rialtais oscailte agus do chatagóirí áirithe sonraí cosanta.
- Leagtar amach ann prionsabail ghinearálta a bhaineann le muirear a ghearradh ar athúsáid sonraí rialtais oscailte nó ar chatagóirí áirithe sonraí cosanta. Mar riail nua, beidh ar chomhlachtaí earnála poiblí a áirithiú gur féidir aon mhuirear a íoc ar líne freisin trí sheirbhísí íocaíochta trasteorann atá ar fáil go forleathan, gan idirdhealú a dhéanamh maidir le hathúsáid sonraí rialtais oscailte. Is síneadh é sin ar an riail sin nach rabhthas ar an eolas faoi roimhe seo ach amháin maidir le hathúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta faoi Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí).
- Déantar foráil ann maidir leis an gceart atá ag athúsáideoirí sonraí rialtais oscailte agus catagóirí áirithe sonraí cosanta a bheith ar an eolas faoi na modhanna sásaimh atá ar fáil a bhaineann le cinntí nó cleachtais a dhéanann difear dóibh.
- Cuirtear isteach ann an roinn maidir leis na rialacha le haghaidh athúsáid sonraí rialtais oscailte, arbh iad na rialacha faoi Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) roimhe seo.
- Cinntear leis raon feidhme na roinne, lena n-áirítear gan feidhm a bheith aige maidir le catagóirí áirithe sonraí cosanta faoi raon feidhme na Caibidle ginearálta maidir le hathúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí.
- Leagtar amach ann an prionsabal ginearálta maidir le sonraí oscailte rialtais a athúsáid.
- Leagtar amach ann na rialacha maidir le hiarrataí ar athúsáid sonraí rialtais oscailte a phróiseáil, agus cuirtear isteach an fhoráil roimhe seo de Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte).

- Tugtar isteach leis na rialacha maidir leis na formáidí atá ar fáil le haghaidh athúsáid sonraí rialtais oscailte, a áiríodh roimhe seo faoi Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte).
- Tugtar isteach leis na rialacha lena rialaítear muirear a ghearradh ar shonraí rialtais oscailte, a bhí á rialú roimhe seo ag Treoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte). Mar riail nua, féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí muirir níos airde a ghearradh ar an athúsáid ag fiontair an-mhór. Ní mór na muirir sin a bheith comhréireach agus ní mór a méid a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla.
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir le ceadúnais chaighdeánacha le haghaidh athúsáid sonraí rialtais oscailte, a áiríodh roimhe seo i dTreoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte). Mar riail nua, féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta d'fhiontair an-mhór. Ní mór na coinníollacha sin a bheith comhréireach agus ní mór iad a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla.
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir le socruithe praiticiúla a áiríodh roimhe seo i dTreoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte), chun an cuardach ar shonraí nó ar dhoiciméid atá ar fáil lena n-athúsáid a éascú i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir le sonraí taighde a áiríodh roimhe seo i dTreoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir le tacair sonraí ardluacha, a áiríodh roimhe seo i dTreoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) i Rialachán (AE) 20232854 (an Gníomh um Shonraí).
- Cruthaítear roinn nua leis chun catagóirí áirithe sonraí cosanta a athúsáid chun na rialacha a bhí ann roimhe seo faoi Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) a chur san áireamh sa Chaibidil. Leagtar amach sa phointe raon feidhme chur i bhfeidhm an tríú roinn seo lena n-eisiatar ón raon feidhme na sonraí agus na doiciméid faoi raon feidhme Roinn a dó, lena rialaítear an córas athúsáide maidir le sonraí rialtais oscailte. Mar riail nua, áirítear doiciméid i raon feidhme na roinne seo.
- Leagtar amach ann an prionsabal ginearálta a bhaineann le hathúsáid catagóirí áirithe de shonraí cosanta. Is é sin an prionsabal a leagtar amach faoi Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí), nach gcruthaítear leis an roinn oibleagáid ar chomhlachtaí earnála poiblí athúsáid sonraí cosanta a cheadú, ach ina ionad sin leagtar amach inti coinníollacha íosta i gcás ina gcinneann comhlachtaí earnála poiblí na sonraí sin a chur ar fáil lena n-athúsáid.
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir leis na coinníollacha le haghaidh athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta, a áiríodh roimhe seo i gCaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) i bhfoirm shimplithe chuíchóirithe. Áirítear ann soiléiriú ar na rialacha is infheidhme i gcásanna ina ndearnadh anaithnidiú ar shonraí pearsanta. Coinnítear na ceanglais a bhaineann le haistrithe sonraí neamhphearsanta chuig tríú tíortha ach roinntear iad in Airteagal nua faoi phointe (54).
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir le muirir a ghearradh, a bhí ina gcuid de Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) i

Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí). Mar riail nua, féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí foráil a dhéanamh maidir le táillí níos airde ar an athúsáid ag fiontair an-mhór. Ní mór na táillí sin a bheith comhréireach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla. An breithniú speisialta maidir le FBManna a dhreasú chun athúsáide, leathnaítear é chuig cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

- Tugtar isteach leis na rialacha maidir le comhlachtaí inniúla, a bhí ina gcuid de Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868/An Gníomh um Rialachas Sonraí roimhe seo, i Rialachán (AE) 2023/2854 (An Gníomh um Shonraí). Tá comhlachtaí inniúla ceaptha chun cuidiú le comhlachtaí earnála poiblí freagairt d’iarrataí ar athúsáid sonraí agus doiciméad a chumhdaítear i Roinn 3.
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir leis an bpointe faisnéise aonair, ar cuid de Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) é roimhe seo, i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) an Gníomh um Shonraí. Tá pointí faisnéise aonair ceaptha chun cuidiú le hathúsáideoirí teacht ar fhaisnéis faoi athúsáid catagóirí áirithe sonraí faoi chosaint ar bhealach éasca.
- Tugtar isteach leis na rialacha maidir leis an nós imeachta le haghaidh iarrataí ar athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta, a rialaíodh roimhe seo faoi Chaibidil II de Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) faoi Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Le mír (57) comhtháthaítear na bunrialacha maidir leis an mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí (BENS), grúpa a chuireann comhairle ar an gCoimisiún maidir le forfheidhmiú comhsheasmhach an Ghnímh um Shonraí agus a fheidhmíonn mar fhóram comhordúcháin le haghaidh ceapadh beartas i réimse bheartais an gheilleagair sonraí. Déanfaidh sé na bunrialacha a chomhtháthú sa Ghníomh um Shonraí. Leis na hathruithe, beidh an Coimisiún in ann doiciméid bhunúsacha ábhartha BENS a mhodhnú (cinneadh ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2023 — C(2023)1074 final) agus an bhallraíocht a leathnú chuig ionadaithe ceaptha beartas náisiúnta chomh maith le húdaráis inniúla.

I míreanna (61) - (65) tá leasuithe ar fhorálacha Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí) maidir le nós imeachta an Choiste agus cumhacht an tarmligin, agus pointí (66) maidir le Rialachán (AE) 2022/868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) is gá chun rialacha Rialachán (AE) 2022(868 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) agus Threoir (AE) 2019/1024 (an Treoir maidir le Sonraí Oscailte) a thabhairt isteach i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Le mír (68) leathnaítear an fócas ar leith ar FBManna i gcomhthéacs na meastóireachta chuig cuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus le pointe (69) tugtar isteach an mheastóireacht ar na rialacha nua a cuireadh isteach i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Le h**Airteagal 2** tugtar isteach i Rialachán (AE) 2018/174 na tagairtí ábhartha do sheirbhísí idirghabhála sonraí agus d’altrúchas ó thaobh sonraí de san iarscríbhinn a bhaineann le ‘gnólacht a thosú, a athnuachan agus a dhúnadh’.

***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2018/1725 agus Treoir 2002/58/CE***

Le hAirteagal 3 den togra, thabharfaí isteach leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2016/679 (‘an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí’).

**In Airteagal 3:**

Shoiléireofaí le mír 1 an sainmhíniú ar shonraí pearsanta faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) trína lua nach bhfuil faisnéis le meas mar shonraí pearsanta le haghaidh eintiteas ar leith nuair nach bhfuil sé réasúnta dóchúil go n-úsáidfear í chun an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint. Mar thoradh air sin, ní thiocfadh eintiteas den sórt sin, i bprionsabal, faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin sin.

Le mír 2 dhéanfaí foráil maidir le dhá dhíolúine bhreise ó phróiseáil catagóirí speisialta sonraí: Dhéanfaí foráil leis maidir le díolúine ón toirmeasc ginearálta ar phróiseáil sonraí bithmhéadracha, nuair is gá sin chun céannacht an ábhair sonraí a dheimhniú agus nuair atá na sonraí agus na modhanna le haghaidh fíorú den sórt sin faoi rialú aonair an ábhair sonraí sin. Dhéanfaí foráil leis freisin maidir le díolúine i ndáil le próiseáil iarmharach catagóirí speisialta sonraí pearsanta chun córas intleachta saorga nó samhail intleachta saorga a fhorbairt agus a oibriú, faoi réir coinníollacha áirithe, lena n-áirítear bearta iomchuí eagraíochtúla agus teicniúla chun bailiú catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus baint na sonraí sin a sheachaint.

Shoiléireofaí le mír 3 an cás faoi Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) i gcás ina mbaineann ábhair sonraí mí-úsáid as an gceart rochtana chun críoch eile seachas chun a sonraí pearsanta a chosaint. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh an rialaitheoir diúltú an iarraidh a chomhlíonadh nó táille réasúnta a ghearradh. Thairis sin, shoiléireodh sé na coinníollacha chun a léiriú go raibh iarraidh ar rochtain iomarcach.

Dhíreofaí i mír 4 ar oibleagáid an rialaitheora na hábhair sonraí a chur ar an eolas faoi phróiseáil a sonraí pearsanta faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) tríd an oibleagáid sin a bhaint i gcásanna ina bhfuil forais réasúnta ann glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana féin, ach amháin má tharchuireann an rialaitheoir na sonraí chuig faighteoirí eile nó chuig catagóirí eile faighteoirí, má aistríonn sé na sonraí chuig tríú tír, má dhéanann sé cinnteoireacht uathoibrithe nó más dócha go mbeidh an phróiseáil ina cúis le hardriosca do chearta an ábhair sonraí.

Shoiléireofaí le mír 5 na ceanglais maidir le cinnteoireacht aonair uathoibrithe faoi Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), i gcomhthéacs conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir sonraí, go háirithe go bhfuil an ceanglas maidir le ‘riachtanas’ gan beann ar cé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí an cinneadh a dhéanamh ar bhealach eile seachas trí mhodhanna uathoibrithe amháin.

Le mír 6, dhéanfaí oibleagáid an rialaitheora fógra a thabhairt faoi sháruithe ar shonraí don údarás inniúil maoirseachta faoi Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a ailíniú lena oibleagáid fógra a thabhairt d’ábhair sonraí faoi sháruithe den sórt sin trína shonrú nach gceanglaítear an fógra ach amháin más dócha go mbeidh ardriosca do chearta an ábhair sonraí mar thoradh ar shárú ar shonraí. Chuirfeadh sé síneadh 96 uair an chloig leis an sprioc-am maidir le fógra a thabhairt freisin. Tá sé beartaithe freisin go n-úsáidfidh rialaitheoirí an pointe iontrála aonair nuair a thabharfaidh siad fógra don údarás maoirseachta faoi sháruithe ar shonraí. Ina theannta sin, bheadh sé d’oibleagáid ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí togra a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le teimpléad coiteann le haghaidh fógraí faoi sháruithe sonraí, a dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún é a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, tar éis athbhreithniú a dhéanamh air, de réir mar is gá.

Le mír 7 dhéanfaí comhchuibhiú ar liostaí na ngníomhaíochtaí próiseála a bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith agus nach bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith trí fhoráil a dhéanamh maidir le liostaí aonair d’oibríochtaí próiseála

a bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith agus nach bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith, agus ar an gcaoi sin chuirfí le comhchuibhiú choincheap an ardriosca. Bheadh sé d'oibleagáid ar an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí tograí a ullmhú le haghaidh liostaí den sórt sin. Bheadh sé d'oibleagáid air freisin togra a ullmhú le haghaidh teimpléad coiteann agus modheolaíocht choiteann chun measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, a dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún iad a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, tar éis athbhreithniú a dhéanamh orthu, de réir mar is gá.

Bunaítear le mír 8 gur féidir leis an gCoimisiún, in éineacht leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, tacú le rialaitheoirí agus measúnú á dhéanamh acu an ionann sonraí a eascraíonn as bréagainmniú agus sonraí pearsanta trí mhodhanna agus critéir atá ábhartha do mheasúnú den sórt sin a shonrú, lena n-áirítear úrscothacht na dteicnící agus na gcritéar atá ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hath-shainaithint...

Le mír 12, déantar athchóiriú ar an gcóras dlí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ar threalamh teirminéil nó uaidh ('gairis nasctha'), atá ina chuid de Threoir 2002/58/CE faoi láthair (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas). Cuirtear Airteagal 88a nua isteach i Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), lena leagtar síos an ceanglas maidir le toiliú le haghaidh stóráil nó rochtain sonraí pearsanta ar threalamh teirminéil daoine nádúrtha agus lena ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar threalamh teirminéil agus uaidh laistigh de rialacha Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). Airteagal 88b nua Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), le haghaidh tásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ar roghanna aonair agus urraim do na tásca sin ag soláthraithe suíomhanna gréasáin a luaithe a bheidh caighdeáin ar fáil.

**In Airteagal 4:**

Le hAirteagal 4 den togra, thabharfaí isteach leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2018/1725, chun a théacs a ailíniú leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a tugadh isteach in Airteagal 3.

**In Airteagal 5:**

Déantar foráil in Airteagal 5 maidir le leasuithe ar Threoir 2002/58/CE, an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach ('an Treoir maidir le r-Phríobháideachas'). Aisghairtear Airteagal 4 den Treoir sin. Leis an mír 3 d'Airteagal 5 den Treoir sin, ceadaítear aistriú chuig Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) na rialacha maidir le sonraí pearsanta a stóráil agus a rochtain ó threalamh teirminéil duine nádúrtha, trí Airteagal 88a nua de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a chur isteach mar a thuairiscítear thuas.

***Pointe Iontrála Aonair le haghaidh Tuairisciú Teagmhas***

In Airteagal 6:

I míreanna (1) agus (2), bunaítear an pointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas, trí cheanglais shonracha a chur san áireamh do ENISA. Thairis sin, suitear gur cheart tuairisciú teagmhas a shainordaítear faoi Threoir NIS2 a dhéanamh tríd an bpointe iontrála aonair nua.

In Airteagal 7: tá an pointe iontrála aonair sainordaithe freisin le haghaidh tuairisciú teagmhas faoi Rialachán (AE) 910/2014 (Rialachán eIDAS)

**In Airteagal 8:** tá an pointe iontrála aonair sainordaithe freisin le haghaidh Rialachán (AE) 2022/2554 (Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais)

In Airteagal 9: tá an pointe iontrála aonair sainordaithe freisin le haghaidh Threoir (AE) 2022/2557 (an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil)

Ina theannta sin, in Airteagal 3(6), sainordaítear tuairisciú teagmhas maidir le sárú sonraí freisin chun Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a threorú tríd an bpointe iontrála aonair. In Airteagal 5(1), aisghairtear na ceanglais tuairiscithe faoi Threoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas), toisc go bhfuil siad imithe i léig i bhfianaise na bhforálacha i Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

***Aisghairm Gníomhartha agus Forálacha Críochnaitheacha***

In Airteagal 10:

Le mír 1 aisghairtear Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B), a meastar ábharthacht iarmharach a bheith ag baint leis i bhfianaise na rialacha a bhí ann le déanaí lena gcumhdaítear na saincheisteanna céanna den chuid is mó. De mhaolú air sin, tugtar aghaidh i mír 2 ar aon chrostagairt do Rialachán (AE) 2019/1150 (Rialachán P2B) in ionstraimí dlí eile: fanfaidh siad sin i bhfeidhm go dtí go leasófar iad ina ngníomhartha bunaidh, faoin 31 Nollaig 2032 ar a dhéanaí chun aon éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint.

Le mír 3 aisghairtear na téacsanna dlíthiúla a glacadh isteach i Rialachán (AE) 2023/2854 (an Gníomh um Shonraí).

Leagtar amach in **Airteagal 11** forálacha críochnaitheacha an Rialacháin leasaithigh.

2025/0360 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 16 agus 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[21],

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[22],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún[23],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ina Theachtaireacht maidir le hEoraip níos simplí agus níos tapúla[24], d'fhógair an Coimisiún a thiomantas do chlár uaillmhianach chun beartais nuálacha réamhbhreathnaitheacha a chur chun cinn lena neartaítear iomaíochas an Aontais agus lena laghdaítear go mór an t-ualach rialála ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar riaracháin, agus an caighdeán is airde á choinneáil ar bun an tráth céanna maidir le luachanna an Aontais a chur chun cinn. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún tús áite don togra maidir le coigeartuithe láithreacha a dhéanamh ar an reachtaíocht, lena n-áirítear reachtaíocht dhigiteach, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán iomaíochais an Aontais.

[21] IO C […], […], lch. […].
[22] IO C […], […], lch. […].
[23] IO C […], […], lch. […].
[24] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM(2025)47 final, an 11 Feabhra 2025

(2) Le reachtaíocht dhigiteach an Aontais, leagtar síos ardchaighdeán san Aontas agus is féidir léi a bheith ina foinse chumhachtach buntáiste iomaíoch do ghnólachtaí a chloíonn leis na rialacha, rud a léiríonn marc ceannródaíoch domhanda cáilíochta, sábháilteachta agus iontaofachta. Le rialacháin dhigiteacha, leagadh amach rialacha soiléire an mhargaidh san Aontas maidir le gnólachtaí freagracha, lena n-áirithítear cothroime agus trédhearcacht sa chaidreamh gnólacht le gnólacht, lena spreagtar samhlacha nuálacha gnó, lena leagtar síos ardchaighdeán cosanta agus sábháilteachta tomhaltóirí, agus maidir le cearta bunúsacha a chosaint, go háirithe príobháideachas agus cosaint sonraí.

(3) Tá forbairt tagtha ar reachtaíocht dhigiteach an Aontais de réir a chéile le blianta beaga anuas, mar fhreagairt ar lorg na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag fás go tapa i ngeilleagar agus i ndinimic shochaíoch an Aontais, agus i bhfianaise aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus deiseanna gnó a chur chun cinn san Aontas. D’ainneoin thiomantas an Choimisiúin do ‘thástáil struis’ chórasach ar na rialacha digiteacha, mar aon le rialacha eile de chuid an Aontais, as a bhféadfadh tuilleadh coigeartuithe rialála teacht, go háirithe tar éis na Seiceála Oiriúnachta Digití atá ar na bacáin, chomh maith le meastóireachtaí spriocdhírithe eile ar rialacha digiteacha, tá gá le hathruithe rialála láithreacha. Dá bhrí sin, moltar sa Rialachán seo an chéad sraith leasuithe ar an gcreat reachtach digiteach, arb é is aidhm dóibh soiléirithe rialála a sholáthar láithreach lena spreagtar nuálaíocht i margadh an Aontais, agus lena laghdaítear costais chomhlíonta riaracháin go háirithe do ghnólachtaí, agus costais mhaoirseachta agus riaracháin d’údaráis mhaoirseachta agus do chomhlachtaí comhairleacha á gcuíchóiriú an tráth céanna. Leis na leasuithe freisin féachtar le soiléireacht a thabhairt do dhaoine aonair.

(4) I bhfianaise an ról bunúsach atá ag sonraí maidir le cruthú luacha a spreagadh sa gheilleagar digiteach, agus de bhun chuspóirí na Teachtaireachta le haghaidh Straitéis um Aontas Sonraí Eorpach, leis na leasuithe a chuirtear i láthair sa Rialachán seo ar an gcreat reachtach maidir le sonraí, féachtar le creat rialála comhleanúnach agus comhtháite a thógáil maidir le hinfhaighteacht agus úsáid sonraí, agus an creat rialála sonraí a chuíchóiriú agus a chomhdhlúthú in dhá ghníomh dlí, is iad sin Rialacháin (AE) 2016/679[25] agus (AE) 2023/2854[26] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ó chúig ghníomh éagsúla is infheidhme faoi láthair. Leis na leasuithe, féachtar le costais riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú agus le hinfhaighteacht sonraí a spreagadh mar réamhriachtanas chun tacú le gnólachtaí digiteacha iomaíocha san Aontas, agus an caighdeán is airde cosanta maidir le príobháideachas, cosaint sonraí pearsanta agus cleachtais ghnó chothroma á choinneáil ar bun an tráth céanna, agus príomhchuspóirí rialála á n-áirithiú, lena n-áirítear comhlíonadh dhlí iomaíochta an Aontais agus an dlí iomaíochta náisiúnta.

---

[25] RIALACHÁN (AE) 2016/679 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí)

[26] RIALACHÁN (AE) 2023/2854 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí)

(5) Agus éabhlóid atriallach na rialacha cothrománacha agus earnáilsonracha á haithint, tá sé fíor-riachtanach aghaidh a thabhairt freisin ar fhorluí i bhforálacha sonracha as a n-eascraíonn dúbláil neamhriachtanach ar ualaí riaracháin. Is amhlaidh atá i gcás ceanglais i roinnt rialacha maidir le tuairisciú tar éis teagmhais chibearshlándála agus teagmhais ghaolmhara, i gcás inar féidir le réitigh dhigiteacha, mar a mholtar sa Rialachán seo, faoiseamh láithreach a thabhairt do ghnólachtaí ar fud na n-earnálacha uile lena mbaineann.

(6) Ar an gcaoi chéanna, le rialáil atriallach na n-ardán ar líne le blianta beaga anuas, bunaíodh creat níos soiléire agus níos uaillmhianaí leis na rialacha is déanaí ná cuid de na rialacha roimhe sin, rud a fhágann go bhfuil siad imithe i léig. Is gá, dá bhrí sin, go dtiocfaidh forbairt ar an gcreat dlíthiúil, rud a chuirfidh deireadh le haon dúbláil nach bhfuil gá léi a chuireann le castacht dhlíthiúil.

(7) Le Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] bunaíodh rialacha maidir le feidhmeanna idirmheánacha i dtrí shuíomh éagsúla: (a) feidhmeanna a thacaíonn le hathúsáid sonraí cosanta atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí faoi choinníollacha rialaithe; (b) seirbhísí idirghabhála sonraí lena n-éascaítear comhroinnt sonraí idir ábhair sonraí, sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí; agus (c) eagraíochtaí altrúchais sonraí a thacaíonn le húsáid na sonraí a chuireann ábhair sonraí agus sealbhóirí sonraí ar fáil ar bhonn altrúchais nó daonchairdis. Na feidhmeanna a thacaíonn le hathúsáid sonraí cosanta atá i seilbh na hearnála poiblí, tá dlúthnasc acu le rialacha Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28]. Bhí a n-idirghníomhú ina chúis mearbhaill, is é sin, i measc comhlachtaí earnála poiblí. Is gá, dá bhrí sin, an dá shraith rialacha a chumasc. Léiríodh sa mheastóireacht ar na rialacha maidir le seirbhísí idirghabhála sonraí go bhfuil laigí ag baint leis an sainmhíniú ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus go bhfuil na rialacha ródhian do sholáthraithe seirbhíse chun samhail airgeadais inbhuanaithe a aimsiú. Is gá, dá bhrí sin, an córas a chuíchóiriú freisin. Maidir leis an altrúchas ó thaobh sonraí de, is cosúil nach bhfuil gá le rialacha áirithe de Rialachán (AE) 2022/868, go háirithe an oibleagáid atá ar na Ballstáit beartais náisiúnta maidir leis an altrúchas ó thaobh sonraí de a chur i bhfeidhm, 'leabhar rialacha' a bhunú agus foirm thoilithe Eorpach i ndáil le haltrúchas ó thaobh sonraí de a fhorbairt, agus i bhfianaise na hoibre leanúnaí atá á déanamh ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 68 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] maidir le treoir i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs an taighde eolaíoch.

---

27 Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/868/oj).

28 Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1024/oj).

29 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(8) Cé go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le seirbhísí idirghabhála sonraí i gcomhthéacs go leor tionscnamh lena dtacaítear le comhroinnt agus comhoibriú sonraí, ba cheart rialacha Rialachán (AE) 2022/868 maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí a shoiléiriú. Go háirithe, ba cheart an sainmhíniú ar sholáthraithe den sórt sin a dhéanamh níos beaichte. Leis an sainmhíniú, ba cheart deireadh a chur le heilimintí nach raibh iontu ach samplaí léiritheacha, seachas eisceachtaí. Thairis sin, ba cheart aghaidh a thabhairt leis ar bhealaí éalaithe a eascraíonn as foirmlithe débhríocha, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcoincheap ‘grúpa iata’. Níor cheart seirbhísí a bheith incháilithe chun clárú mar sheirbhísí idirghabhála sonraí i gcás ina n-úsáideann grúpa iata cuideachtaí go heisiach iad agus i gcás nach féidir ach leis an ngrúpa sin agus ní leis an soláthraí seirbhíse aon síneadh ar an ngrúpa cuideachtaí sin a chinneadh. Níos tábhachtaí fós, tá costais chomhlíontachta neamhriachtanacha ann mar thoradh ar an margadh seo atá ag teacht chun cinn a chur faoi réir córas éigeantach. Ag an gcéim seo d’fhorbairt an mhargaidh, is cosúil gur leor córas deonach, lena gceadaítear do ghníomhaithe neodracha iad féin a idirdhealú ó ghníomhaithe eile. Chomh maith leis sin, chun samhlacha gnó inbhuanaithe a chumasú, ba cheart an córas a dhéanamh níos scaoilte trí dheireadh a chur leis an gceanglas maidir le deighilt dhlíthiúil idir seirbhísí idirghabhála sonraí agus seirbhísí breisluacha eile ba cheart a cheadú do sheirbhís a thairiscint, agus deighilt fheidhmiúil a chur ina hionad agus coimircí áirithe á gcoinneáil an tráth céanna. Ba cheart an córas faireacháin riaracháin a shimpliú. In ionad clár poiblí náisiúnta agus clár poiblí de chuid an Aontais le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí, níor cheart ach cláir phoiblí de chuid an Aontais a bheith ann, is é sin clár amháin le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus clár eile le haghaidh eagraíochtaí altrúchais sonraí. Na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar dhámhachtain an lipéid agus ar chomhlíontacht na n-eintiteas leis na ceanglais chun é a fháil, ba cheart iad a bheith neamhspleách sa chúram sin. Ba cheart a thuiscint leis sin go bhfuil siad neamhspleách go dlíthiúil agus go feidhmiúil ar sheirbhís idirghabhála sonraí nó ar eagraíocht altrúchais sonraí, lena n-áirítear ar leibhéal a n-ardbhainistíochta. Ba cheart d’eagraíochtaí rialtais a bheith in ann tacaíocht airgeadais a thabhairt do sheirbhísí idirghabhála sonraí nó d’eagraíochtaí altrúchais sonraí, go háirithe i bhfianaise chineál na n-eintiteas sin atá ag teacht chun cinn, ar choinníoll gur eintitis ar leithligh iad ó thaobh an dlí de. Chun a áirithiú go mbeidh eintitis aitheanta inaitheanta go héasca ar fud an Aontais, bhunaigh an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1622 maidir le dearadh lógónna coiteanna chun soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas a shainaithint.

(9) Le Rialachán (AE) 2023/2854, baintear bacainní ar rochtain ar shonraí agus ar úsáid sonraí, scaoiltear nuálaíocht agus iomaíochas sonraíbhunaithe, agus cosnaítear dreasachtaí na ndaoine sin a infheistíonn i dteicneolaíochtaí sonraí.

(10) Le Caibidil II de Rialachán (AE) 2023/2854 ceanglaítear ar shealbhóirí sonraí sonraí, lena n-áirítear sonraí atá cosanta mar rúin trádála, a chur ar fáil d’úsáideoirí agus dá dtríú páirtithe roghnaithe, ar choinníoll go gcoinnítear ar bun bearta rúndachta arna mbunú ag an sealbhóir sonraí. Leis an gceanglas sin maidir le rúndacht a choinneáil ar

bun, comhlánaítear Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [30], lena leagtar síos an caighdeán chun rúin trádála a chosaint laistigh den Aontas. Mar sin féin, d’fhéadfadh nochtadh rún trádála d’eintitis tríú tír rioscaí dá sláine agus dá rúndacht a mhéadú i gcás ina bhfuil neamhchosaint ar dhlínsí a bhfuil cosaintí neamhleora acu, nó deacrachtaí maidir lena bhforfheidhmiú iarbhír, rud a d’fhéadfadh úsáid neamhúdaraithe, damáiste eacnamaíoch agus éiginnteacht dhlíthiúil a bheith mar thoradh air.

(11) Is gá Rialachán (AE) 2023/2854 a neartú trí fhoras breise a thabhairt isteach do shealbhóirí sonraí chun nochtadh rún trádála a dhiúltú, lena bhforlíontar na forálacha atá ann cheana lena gceadaítear diúltú bunaithe ar léiriú an tsealbhóra sonraí go bhfuil dóchúlacht ard ann go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch. Faoin bhforáil nua, féadfaidh sealbhóirí sonraí diúltú rúin trádála a nochtadh má léiríonn siad go bhfuil ardriosca ann go bhfaighfear, go n-úsáidfear nó go nochtfar go neamhdhleathach iad d’eintitis atá faoi réir córais ag a bhfuil creataí dlíthiúla neamhleora, neamhchoibhéiseacha nó níos laige ná na rialacha is infheidhme de chuid an Aontais. Cumhdaítear leis an bhforáil nua freisin cásanna ina bhfuil creat dlíthiúil an tríú tír, go teoiriciúil, láidir nó ina sáraíonn sé rialacha sin an Aontais, ach nach bhfuil forfheidhmiú iomchuí aige sa chleachtas. Cuireann rioscaí den sórt sin i dtábhacht an fhéidearthacht go bhféadfaí rúin trádála a fháil, a úsáid nó a nochtadh de shárú ar dhlí an Aontais, rud a chuirfeadh sláine agus rúndacht rún trádála i mbaol.

(12) Ba cheart gníomhachtú an tsásra diúltaithe a bheith deonach i gcónaí, agus níor cheart an léiriú a dhéanamh go dtí go ngníomhachtófaí é. Níor cheart a cheangal ar shealbhóirí sonraí anailís ná léiriú iomlán a dhéanamh ar leibhéal na cosanta rún trádála i dtríú tíortha nó ag eintiteas tríú tír mar réamhchoinníoll chun bheith in ann bunús a thabhairt lena ndiúltú sonraí a chomhroinnt nó rúin trádála a nochtadh. Ina léiriú, féadfaidh sealbhóirí sonraí tosca éagsúla a chur san áireamh, amhail caighdeáin dhlíthiúla neamhleora nó neamhleordhóthanacha, forfheidhmiú lag nó treallach, sáruithe stairiúla, oibleagáidí maidir le nochtadh eachtrach atá i gcoinbhleacht le dlí an Aontais, iontaoibh dhlíthiúil theoranta nó leigheasanna teoranta d’eintitis an Aontais, mí-úsáid straitéiseach oirbhearta nós imeachta chun an bonn a bhaint d’iomaitheoirí, nó tionchar polaitiúil míchuí. I bhfianaise raon éagsúil na n-eintiteas, na dtríú tíortha, agus na gcásanna comhroinnte sonraí lena mbaineann, ba cheart do shealbhóirí sonraí a measúnú agus a léiriú a dhíriú ar rioscaí ábhartha agus gníomhú dá réir sin, lena n-áirítear trí choimircí iomchuí a leagan síos nó tríd an sásra diúltaithe a ghníomhachtú. Ba cheart diúltuithe a bheith soiléir, comhréireach agus curtha in oiriúint d’imthosca sonracha gach cáis, seachas iad a chur i bhfeidhm go córasach nó ar bhealach ginearálaithe ar fud tríú tír ina hiomláine.

(13) D’fhéadfadh cosaint neamhleor rún trádála agus na dúshláin a bhaineann lena bhforfheidhmiú i dtríú tíortha dochar doleasaithe a dhéanamh do ghnólachtaí Eorpacha. Dá bhrí sin, is é an cuspóir atá ann na coimircí maidir le rúin trádála a neartú trí chosc a chur ar sceitheadh na rún sin chuig daoine nádúrtha nó dlítheanacha

[30] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne a n-éadála, a n-úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (OJ L 157, 15.6.2016, p. 1).

atá bunaithe i ndlínsí lena mbaineann rioscaí den sórt sin nó atá faoi réir na ndlínsí sin. Áirítear leis sin eintitis atá bunaithe san Aontas arna rialú ag eintitis tríú tír, a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhú de mheon mímhacánta nó mar scáthanna le haghaidh eintitis tríú tír. Ina theannta sin, is é an cuspóir neamhchosaint dhíreach ar eintitis tríú tír a oibríonn laistigh den Aontas, atá faoi réir dlínsí den sórt sin, a sheachaint. Ciallaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach a bheith faoi réir dlínse tríú tír go bhfuil an duine nádúrtha nó dlítheanach á rialú, faoi smacht nó faoi cheangal ar shlí eile ag dlíthe nó ag údarás rialála tríú tír. Féadfaidh fochuideachtaí nó cleamhnaithe máthairchuideachtaí tríú tír leas a bhaint as na dlínsí sin chun dlíthe an Aontais a sheachaint nó chun dul timpeall orthu. Tagraíonn rialú díreach nó indíreach don chumas tionchar cinntitheach nó ceannasach a fheidhmiú ar chinntí bainistíochta nó straitéiseacha eintitis eile, cibé acu trí úinéireacht ar chaipiteal nó ar chearta vótála, rannpháirtíocht airgeadais, socruithe conarthacha, nó eintitis idirmheánacha. Féadfar rialú a fheidhmiú go díreach nó ar bhealaí eile, fiú gan úinéireacht tromlaigh. Ba cheart do shealbhóirí sonraí a ndícheall a dhéanamh an fhaisnéis ábhartha a fháil, lena bhféadfaí cuardaigh i gcláir phoiblí a áireamh nó í a iarraidh go díreach ar an úsáideoir nó ar thríú páirtí, agus é á áirithiú go bhfanfaidh sí neamhchunórach go hiomchuí.

(14) Tá sé ríthábhachtach rúin trádála a chosaint ar na leochaileachtaí sin do thionscail na hEorpa chun a staid sa mhargadh agus a mbuntáiste iomaíoch a choinneáil ar bun. Cé go bhféadfaidh sealbhóirí sonraí lánrogha a fheidhmiú maidir lena rúin trádála a chosaint, ba cheart diúltuithe sonraí a chomhroinnt a bheith teoranta d'imthosca eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, chun cuspóirí Rialachán (AE) 2023/2854 a chaomhnú, is é sin nuálaíocht shonraíbhunaithe agus geilleagar digiteach rathúil a chothú san Aontas. Ba cheart coimircí i gcoinne mhí-úsáid an tsásra diúltaithe a bheith i bhfeidhm i gcónaí, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar an sealbhóir sonraí a léiriú ar bhealach cuí-réasúnaithe go bhfuil ardriosca ag baint le nochtadh agus fógra a thabhairt d'údaráis inniúla. Ba cheart an léiriú sin a chur ar fáil i scríbhinn gan moill mhíchuí don úsáideoir nó don tríú páirtí agus ba cheart é a bheith comhréireach leis an gcás atá idir lámha. Ba cheart do na páirtithe uile lena mbaineann caitheamh leis an gcinneadh agus leis an léiriú tacaíochta mar chinneadh rúnda chun cineál rúnda na rún trádála lena mbaineann a chaomhnú. Féadfaidh úsáideoirí agus tríú páirtithe, de réir mar a bheidh, agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an tsealbhóra sonraí leis an údarás inniúil, sa chúirt, nó trí chomhlachtaí um réiteach díospóidí.

(15) Chun an creat comhroinnte sonraí gnólacht le rialtas faoi Rialachán (AE) 2023/2854 a shimpliú agus chun débhríochtaí a shoiléiriú lenar forchuireadh oibleagáidí níos leithne ar ghnólachtaí roimhe seo, is gá raon feidhme Chaibidil V den Rialachán sin a chúngú ó 'riachtanas eisceachtúil' go 'éigeandálaí poiblí'. Dá bhrí sin, leis an gcoincheap 'éigeandálaí poiblí', a shainmhínítear faoi Airteagal 2(29) de Rialachán (AE) 2023/2854, áirithítear nach ndéantar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil sin a agairt ach amháin i gcásanna práinneacha dea-shainithe, lena laghdaítear na dúshláin theicniúla, riaracháin agus dhlíthiúla a bhí roimh ghnó faoin gcóras roimhe sin. D'áiritheofaí leis sin go mbeadh iarrataí ar shonraí ábhartha agus comhréireach maidir le freagairt don téarnamh ó éigeandálaí poiblí, é a mhaolú nó tacú leis. Ós rud é nach dtugtar aghaidh ar éigeandálaí poiblí le creat nuashonraithe an Aontais maidir le

staidreamh Eorpach faoi Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], tá sé ríthábhachtach ról an staidrimh oifigiúil a chaomhnú faoi Chaibidil V de Rialachán (AE) 2023/2854 chun soiléireacht agus éifeachtacht a áirithiú sna cásanna sin. Is gá freisin an córas cúitimh a shoiléiriú i gcásanna ina gceanglaítear ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga sonraí a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar éigeandáil phoiblí, agus sa chás sin ceadaítear do na fiontair sin cúiteamh a éileamh.

(16) Chun maolú a dhéanamh ar éiginnteachtaí dlíthiúla a d'fhéadfadh samhlacha gnó nuálacha a dhíspreagadh, is gá aghaidh a thabhairt ar na débhríochtaí agus na hualaí comhlíontachta substaintiúla a bhaineann leis na forálacha maidir le conarthaí cliste lena ndéantar comhaontuithe comhroinnte sonraí faoi Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/2854. In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe agus sainmhínithe soiléire ar phríomhchoincheapa amhail 'stóinseacht', 'rialú rochtana', agus 'comhsheasmhacht le téarmaí conarthacha', mar aon leis an gceanglas maidir le 'sásra foirceanta nó briste sábháilte' a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le hailtireachtaí blocshlabhra díláraithe nó poiblí atá bunaithe ar mhórleabhair dhosháraithe, bhí dúshláin ann do nuálaithe ó thaobh costais agus deiseanna de. Ina theannta sin, tá an baol ann go bhforchuirfí ualaí díréireacha leis an débhríocht a bhaineann le feidhmíocht an mheasúnaithe comhréireachta faoi Airteagal 36(2) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, dá gcuirfí deireadh le hAirteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/2854, chuirfí forbairt agus tabhairt isteach samhlacha nua gnó ar an margadh chun cinn, chothófaí nuálaíocht, agus laghdófaí bacainní ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

(17) Seirbhísí áirithe próiseála sonraí, nach dtagann faoi shamhail seachadta an Infreastruchtúir mar Sheirbhís, déantar iad a shaincheapadh do riachtanais nó d'éiceachóras custaiméara. Tá soláthar na seirbhísí próiseála sonraí sin bunaithe ar chaibidlíochtaí réamhchonarthacha agus conarthacha atá dian ó thaobh ama de chun riachtanais shonracha an chustaiméara a chinneadh agus ar iarrachtaí teicniúla ina dhiaidh sin chun an tseirbhís próiseála sonraí a shaincheapadh agus chun réiteach saincheaptha a sholáthar. Is seirbhísí iad sin nach soláthraítear réamhdhéanta, agus déantar iad a phearsantú do riachtanais chustaiméara chun réiteach saincheaptha a sholáthar i gcás ina ndearna an soláthraí formhór ghnéithe agus fheidhmiúlachtaí na seirbhíse próiseála sonraí a oiriúnú do riachtanais shonracha an chustaiméara i gcás nach mbeadh formhór na ngnéithe agus na bhfeidhmiúlachtaí inúsáidte do chustaiméir gan oiriúnú roimh ré ón soláthraí. Tá na seirbhísí sin éagsúil le seirbhísí próiseála sonraí saincheaptha dá dtagraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2023/2854. Is éard is seirbhísí próiseála sonraí saincheaptha ann seirbhísí a bhfuil formhór na bpríomhghnéithe díobh saincheaptha chun freastal ar riachtanais shonracha custaiméara aonair nó i gcás nach dtairgtear na seirbhísí próiseála sonraí sin ar scála

[31] Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

leathan tráchtála trí chatalóg seirbhíse an tsoláthraí. Chun costais bhreise agus ualach riaracháin breise a sheachaint a bhaineann leis an ngá le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin a athoscailt agus a athchaibidliú, is gá a shoiléiriú, cé is moite den oibleagáid muirir mhalartaithe agus imeachta a laghdú agus a bhaint ar deireadh, nár cheart seirbhísí saincheaptha a sholáthraítear de réir conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin teacht faoi raon feidhme Chaibidil VI de Rialachán (AE) 2023/2854.

(18) Ar chúiseanna a bhaineann le pleanáil airgeadais agus infheistíocht a mhealladh, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr le soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, conarthaí ar feadh tréimhse sheasta a thairiscint. Is gá a shoiléiriú go bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí forálacha maidir le pionóis chomhréireacha luathfhoirceannta a áireamh sna conarthaí sin fad is nach bhfuil siad ina mbacainn ar mhalartú. Ina theannta sin, tá ualach ar leith ar sholáthraithe seirbhísí próiseála sonraí ar FBManna nó cuideachtaí meánchaipitlithe beaga iad mar gheall ar an ngá atá le conarthaí atá ann cheana maidir le soláthar seirbhísí próiseála sonraí a ailíniú le Rialachán (AE) 2023/2854. Is gá, dá bhrí sin, córas sonrach a bhunú le haghaidh na soláthraithe sin má sholáthraíonn siad seirbhísí próiseála sonraí, seachas an tInfreastruchtúr mar Sheirbhís, bunaithe ar chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin. Agus aidhm Rialachán (AE) 2023/2854 maidir le malartú idir seirbhísí próiseála sonraí a chumasú á cur san áireamh agus ós rud é gur bacainn thromchúiseach ar mhalartú iad muirir mhalartaithe, lena n-áirítear muirir imeachta, níor cheart do na córais nua níos éadroime maidir le seirbhísí próiseála sonraí atá saincheaptha nó a sholáthraíonn FBManna nó cuideachtaí meánchaipitlithe beaga an bonn a bhaint de tharraingt siar na muirear sin de réir a chéile. Forálacha conarthacha a thagann salach ar an gcuspóir sin, ba cheart a mheas nárbh ann dóibh riamh, má áirítear iad i gcomhaontuithe conarthacha maidir le soláthar seirbhísí a thagann faoi raon feidhme an dá chóras shonracha nua sin.

(19) Le Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] tugadh isteach príomhphrionsabal chun tacú leis an ngeilleagar sonraíbhunaithe laistigh den Aontas, atá mar bhonn taca i dtéarmaí nithiúla leis an tsaoirse bunaíochta agus leis an tsaoirse chun seirbhís a sholáthar. Tá 'saorshreabhadh sonraí' san Aontas, a shoiléirítear tríd an toirmeasc ar logánú sonraí a fhorchur, fós ina phrionsabal bunúsach, lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí, agus ba cheart é a choinneáil i Rialachán (AE) 2023/2854. Ní dhéanann an fhoráil difear do phróiseáil sonraí a mhéid a dhéantar í mar chuid de ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, go háirithe maidir leis an tslándáil náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. An tráth céanna, cuirtear rialacha níos déanaí in ionad forálacha eile de Rialachán (AE) 2018/1807. Go háirithe, le Caibidil VI de Rialachán (AE) 2023/2854 tugadh isteach creat dlíthiúil cothrománach nua-aimseartha lena dtugtar aghaidh ar mhalartú idir seirbhísí próiseála sonraí agus

---

32 Rialachán (AE) 2018/1807 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le creat le haghaidh saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas Eorpach (IO L 303, 28.11.2018, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1807/oj).

fágadh go bhfuil Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2018/1807 imithe i léig go praiticiúil. Mar gheall ar na forálacha sin a bheith ann i gcomhthráth, tá méadú tagtha ar chastacht dhlíthiúil do ghnólachtaí. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/1807 a aisghairm.

(20) Maidir leis an gcoincheap 'slándáil phoiblí', de réir bhrí Airteagal 52 CFAE agus arna léirmhíniú ag an gCúirt Bhreithiúnais, cumhdaítear an tslándáil inmheánach agus slándáil sheachtrach Ballstáit leis, chomh maith le saincheisteanna maidir le slándáil phoiblí, chun, go háirithe, imscrúdú, brath agus ionchúiseamh cionta coiriúla a éascú. Leis an gcoincheap sin, glactar leis gurb ann d'fhíorbhagairt atá tromchúiseach go leor agus lena ndéantar difear do cheann de leasanna bunúsacha na sochaí, amhail bagairt d'fheidhmiú institiúidí agus seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha agus do mharthanas an phobail, mar aon leis an riosca go ndéanfaí mórshuaitheadh ar an gcaidreamh eachtrach nó ar an gcómhaireachtáil shíochánta idir náisiúin, nó riosca do leasanna míleata. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart do cheanglais logánaithe sonraí a bhfuil údar leo ar fhoras na slándála poiblí a bheith oiriúnach chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach, agus níor cheart dóibh dul thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(21) Le Treoir (AE) 2019/1024 agus le Caibidil II de Rialachán (AE) 2022/868, rialaítear athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí chun críoch nuálaíochta. Leis an idirghníomhú idir an dá shraith rialacha cruthaíodh éiginnteacht dhlíthiúil, go príomha do chomhlachtaí earnála poiblí. Dá bhrí sin, is gá na rialacha a ailíniú in aon ionstraim dlí amháin chun comhleanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil bhreise a thabhairt isteach.

(22) Ós rud é go bhfuil an sprioc chéanna ag Treoir (AE) 2019/1024 agus ag Rialachán (AE) 2022/868 araon maidir le feabhas a chur ar athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí, agus chun rialacha a shimpliú ó thaobh comhlachtaí earnála poiblí agus athúsáideoirí faisnéise ón earnáil phoiblí araon, tá sé réasúnach Treoir (AE) 2019/1024 agus Rialachán (AE) 2022/868 a aisghairm agus an dá chóras a ailíniú agus na rialacha a chomhdhlúthú i gCaibidil aonair faoin Rialachán seo. Leis an réiteach sin, méadófar comhchuibhiú na rialacha sin ar fud an Aontais, laghdófar an t-ualach riaracháin a bhaineann le reachtaíocht náisiúnta a léirmhíniú agus a chur chun feidhme agus beidh sé níos éasca do ghnólachtaí seirbhísí agus táirgí trasteorann a fhorbairt. Agus comhlachtaí inniúla á n-ainmniú acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, fiú i gcás ina n-ainmnítear comhlachtaí inniúla earnáilsonracha, go gcumhdófar gach earnáil ábhartha ar deireadh. Ba cheart a thuiscint leis na leasuithe sa Rialachán seo nach n-athraítear léirmhíniú an tsainmhínithe agus na dtéarmaí éagsúla, mura sonraítear go soiléir iad.

(23) Sonraí agus doiciméid, ar féidir iad a chur ar fáil go poiblí lena n-athúsáid, agus sonraí agus doiciméid, a chosnaítear ar fhorais rúndachta tráchtála, lena n-áirítear rúin ghnó, ghairmiúla agus chuideachta, rúndacht staidrimh, cosaint ceart maoine intleachtúla tríú páirtithe nó cosaint sonraí pearsanta, is minic a bhíonn siad i seilbh na gcomhlachtaí earnála poiblí céanna. Dá bhrí sin, is gá sainmhínithe agus prionsabail choiteanna a bhfuil feidhm acu maidir le faisnéis uile na hearnála poiblí a ailíniú agus aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir le hidirghníomhú an dá shraith rialacha.

(24) Ba cheart na rialacha atá ann cheana a chuíchóiriú chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a fheabhsú. Mar sin féin, ba cheart an dá chóras athúsáide a bheith éagsúil i gcónaí agus ba cheart a raon feidhme faoi seach a bheith ag brath i gcónaí ar shaintréithe na sonraí nó na ndoiciméad agus ar chomhthéacs a n-athúsáide. Ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí an córas sonraí oscailte a chur i bhfeidhm aon uair is

féidir. I gcás ina gcinneann siad go bhfuil faisnéis sna sonraí nó i ndoiciméad a chomhfhreagraíonn do chatagóirí áirithe sonraí cosanta, agus sa chás sin amháin, ba cheart dóibh teorainn a chur lena n-infhaighteacht phoiblí agus breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin a chur ar fáil lena hathúsáid mar shonraí cosanta.

(25) Gnólachtaí nuathionscanta, fiontair bheaga agus fiontair a cháilíonn mar fhiontair mheánmhéide faoi Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[33] agus fiontair ó earnálacha nach bhfuil a gcumais dhigiteacha chomh forbartha sin, bíonn deacrachtaí acu sonraí agus doiciméid a athúsáid. An tráth céanna, tá roinnt eintiteas an-mhór tagtha chun cinn a bhfuil cumhacht mhór eacnamaíoch acu sa gheilleagar digiteach trí mhéideanna ollmhóra sonraí a charnadh agus a chomhiomlánú agus tríd an mbonneagar teicneolaíoch chun luach airgid a chur orthu. Áirítear ar na fiontair an-mhór sin gnóthais a sholáthraíonn croísheirbhísí ardáin agus a ainmnítear mar gheatóirí faoi Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34] agus atá faoi réir oibleagáidí speisialta chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí. Chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí sin agus chun iomaíocht agus nuálaíocht a neartú, ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí a bheith in ann coinníollacha speisialta a thabhairt isteach i gceadúnais a bhaineann le hathúsáid sonraí agus doiciméad ag fiontair an-mhór. Ba cheart aon choinníoll den sórt sin a bheith comhréireach, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus an chumhacht eacnamaíoch, cumas an eintitis sonraí a fháil nó an t-ainmniú mar gheatóir faoi Rialachán (AE) 2022/1925, agus critéir eile den sórt sin, i gcás inarb iomchuí, á gcur san áireamh. Féadfaidh coinníollacha speisialta den sórt sin a bheith bainteach, *inter alia*, leis na muirir agus na táillí nó le cuspóirí na hathúsáide.

(26) De mheon nuálaíocht a chothú agus iomaíocht chóir a choinneáil ar bun laistigh de mhargadh digiteach an Aontais, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go rachaidh rochtain ar shonraí earnála poiblí agus athúsáid na sonraí sin chun tairbhe do raon leathan rannpháirtithe sa mhargadh agus nach dtreiseoidh siad de thaisme na seasaimh cheannasacha atá ann cheana. Tá cumhacht agus tionchar mór ag fiontair an-mhór, agus go háirithe ag gnóthais arna n-ainmniú mar gheatóirí faoi Rialachán (AE) 2022/1925, ar an margadh inmheánach. Chun cosc a chur ar eintitis den sórt sin a n-acmhainní substaintiúla a ghiaráil chun dochair don iomaíocht chóir agus don nuálaíocht, ba cheart do chomhlachtaí earnála poiblí a bheith in ann muirir agus táillí níos airde a leagan amach maidir le hathúsáid sonraí rialtais oscailte agus sonraí cosanta. Ba cheart na muirir agus na táillí níos airde sin a bheith comhréireach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus an chumhacht eacnamaíoch agus cumas an eintitis sonraí a fháil á gcur san áireamh. Leis an mbeart sin, cosnaítear deiseanna do ghnólachtaí beaga agus d'iontrálaithe nua sa mhargadh nuálaíocht a dhéanamh agus dul san iomaíocht sa gheilleagar digiteach.

---

[33] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

[34] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

(27) Moltar sa Rialachán seo sraith leasuithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2016/679 ar mhaithe le soiléiriú agus simpliú, agus an leibhéal céanna cosanta sonraí á chaomhnú an tráth céanna. Foráiltear le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679 gurb éard atá i gceist le sonraí pearsanta aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Chun a chinneadh an bhfuil duine nádúrtha in-sainaitheanta nó nach bhfuil, ba cheart aird a thabhairt ar na modhanna uile a bhfuil sé réasúnta dóchúil go n-úsáidfear iad chun an duine nádúrtha a shainaithint go díreach nó go hindíreach. Agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir leis an sainmhíniú ar shonraí pearsanta á chur san áireamh, is gá tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir le cathain ba cheart a mheas go bhfuil duine nádúrtha inaitheanta. Má tá faisnéis bhreise ann lenar féidir an t-ábhar sonraí a shainaithint, ní chiallaíonn sé sin ann féin nach mór a mheas gur sonraí pearsanta iad sonraí bréagainmnithe, i ngach cás agus i gcás gach duine nó eintitis, chun críocha chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679. Go háirithe, ba cheart a shoiléiriú nach measfar faisnéis a bheith ina sonraí pearsanta le haghaidh eintiteas ar leith i gcás nach bhfuil modhanna ag an eintiteas sin ar dócha go réasúnta go n-úsáidfear iad chun an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint. Trí tharchur féideartha na faisnéise sin ina dhiaidh sin chuig tríú páirtithe a bhfuil modhanna réasúnta acu chun ligean dóibh an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint, amhail cros-seiceáil le sonraí eile atá ar fáil dóibh, fágtar an fhaisnéis sin mar shonraí pearsanta amháin do na tríú páirtithe sin a bhfuil na modhanna sin ar fáil dóibh. Ní thagann eintiteas nach sonraí pearsanta í an fhaisnéis ina leith, i bprionsabal, faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/679. I ndáil leis sin, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach dócha go réasúnta go n-úsáidfear modh chun an t-ábhar sonraí a shainaithint i gcás ina ndealraíonn sé i ndáiríre go bhfuil an riosca sainaitheanta neamhshuntasach, sa mhéid is go dtoirmisctear le dlí an t-ábhar sonraí sin a shainaithint nó go bhfuil sé dodhéanta sa chleachtas é sin a dhéanamh, mar shampla toisc go mbeadh iarracht dhíréireach i gceist leis ó thaobh ama, costais agus saothair de. Tá sampla de thoirmeasc ar ath-shainaithint le fáil in oibleagáidí na n-úsáideoirí sonraí sláinte in Airteagal 61(3) de Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. Ba cheart don Choimisiún, in éineacht leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí, tacú le rialaitheoirí an sainmhíniú nuashonraithe sin a chur i bhfeidhm trí chritéir theicniúla a shonrú i ngníomh cur chun feidhme.

(28) Chun a mheas an gcomhlíonann taighde coinníollacha an taighde eolaíoch chun críoch an Rialacháin seo, is féidir gnéithe amhail cur chuige modheolaíochta agus córasach a chuirtear i bhfeidhm agus an taighde á dhéanamh sa réimse sonrach a chur san áireamh. Ba cheart taighde agus forbairt teicneolaíochta a dhéanamh i suíomhanna acadúla, tionscail agus eile, lena n-áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide, (Airteagal 179(2) CFAE) agus ba cheart iad a bheith ar ardcháilíocht i gcónaí agus ba cheart dóibh cloí le prionsabail na hiontaofachta, na macántachta, na hurraime agus na cuntasachta (infhíoraitheacht).

---

35 Rialachán (AE) 2025/327 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2025 maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus lena leasaítear Treoir 2011/24/AE agus Rialachán (AE) 2024/2847 (IO L 2025/327, 5.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/327/oj)

(29) Ba cheart a athdhearbhú gur cheart a mheas gur oibríochtaí próiseála dleathacha comhoiriúnacha iad tuilleadh próiseála chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh. I gcásanna den sórt sin, ní gá a fháil amach ar bhonn Airteagal 6(4) den Rialachán seo an bhfuil críoch na próiseála breise comhoiriúnach leis an gcríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos.

(30) Tá intleacht shaorga iontaofa ríthábhachtach chun foráil a dhéanamh maidir le fás eacnamaíoch agus chun tacú leis an nuálaíocht le torthaí a rachaidh chun tairbhe don tsochaí. Braitheann forbairt agus úsáid na gcóras intleachta saorga agus na mbunsamhlacha amhail samhlacha móra teanga agus físsamhlacha giniúnacha ar shonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta, i gcéimeanna éagsúla de shaolré na hintleachta saorga, amhail céim na hoiliúna, na tástála agus an bhailíochtaithe agus féadfar iad a choinneáil sa chóras intleachta saorga nó sa tsamhail intleachta saorga i gcásanna áirithe. Dá bhrí sin, féadfar próiseáil sonraí pearsanta sa chomhthéacs sin a dhéanamh chun críoch leasa dhlisteanaigh de réir bhrí Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb iomchuí. Ní dhéanann sé sin difear d’oibleagáid an rialaitheora a áirithiú go gcomhlíonfaidh forbairt nó úsáid (imscaradh) na hintleachta saorga i gcomhthéacs sonrach nó chun críoch sonrach dlí eile de chuid an Aontais nó dlí náisiúnta eile, nó comhlíonadh a áirithiú i gcás ina dtoirmisctear go sainráite le dlí í a úsáid. Ní dhéanann sé difear ach oiread dá oibleagáid a áirithiú go gcomhlíontar gach coinníoll eile d’Airteagal 6(1)(f) de Rialachán (AE) 2016/679 chomh maith le gach ceanglas agus prionsabal eile den Rialachán sin.

(31) I gcás ina bhfuil cothromaíocht á baint amach ag an rialaitheoir, i bhfianaise an chur chuige rioscabhunaithe lena gcuirtear bonn eolais faoi inscálaitheacht na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo, idir an leas dlisteanach atá á shaothrú ag an rialaitheoir nó ag tríú páirtí agus leasanna, cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, ba cheart machnamh a dhéanamh an chun tairbhe an ábhair sonraí agus na sochaí i gcoitinne an leas atá á shaothrú ag an rialaitheoir, rud a d’fhéadfadh a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhfuil gá le sonraí pearsanta a phróiseáil chun claontacht a bhrath agus a bhaint, agus ar an gcaoi sin ábhair sonraí a chosaint ar idirdhealú, nó i gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta dírithe ar aschuir chruinne agus shábháilte a áirithiú ar mhaithe le húsáid thairbhiúil, amhail inrochtaineacht ar sheirbhísí áirithe a fheabhsú. Ba cheart aird a thabhairt freisin, i measc nithe eile, ar ionchais réasúnta an ábhair sonraí bunaithe ar a gcaidreamh leis an rialaitheoir, ar choimircí iomchuí chun an tionchar ar chearta na n-ábhar sonraí a íoslaghdú amhail trédhearcacht fheabhsaithe a sholáthar d’ábhair sonraí, ceart neamhchoinníollach a sholáthar chun agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a sonraí pearsanta, agus aird á tabhairt ar thásca teicniúla atá leabaithe i seirbhís lena dteorannaítear úsáid sonraí le haghaidh forbairt intleachta saorga ag tríú páirtithe, ar úsáid teicnící úrscothacha eile um chaomhnú príobháideachais le haghaidh oiliúint intleachta saorga agus ar bhearta teicniúla iomchuí chun rioscaí a eascraíonn, mar shampla, as athchúrsáil, sceitheadh sonraí agus gníomhaíochtaí eile atá beartaithe nó intuartha a íoslaghdú go héifeachtach.

(32) Tá próiseáil sonraí pearsanta chun críoch taighde eolaíoch agus cur i bhfeidhm fhorálacha RGCS maidir le taighde eolaíoch ag brath ar choimircí iomchuí a ghlacadh le haghaidh cearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí, de bhun Airteagal 89(1) RGCS. Chuige sin, le RGCS, déantar cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, de bhun Airteagal 8 CCBAE, agus saoirse na heolaíochta, de bhun Airteagal 13 CCBAE. Dá bhrí sin, maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críche taighde eolaíoch, saothraítear leas dlisteanach léi de réir bhrí Airteagal 6(1)(f)

de Rialachán (AE) 2016/679, ar choinníoll nach bhfuil an taighde sin contrártha do dhlí an Aontais ná do dhlí Ballstáit. Tá an méid sin gan dochar d'oibleagáid an rialaitheora a áirithiú go gcomhlíonfar gach coinníoll eile in Airteagal 6(1)(f) de Rialachán (AE) 2016/679 chomh maith le gach ceanglas agus prionsabal eile de chuid an Rialacháin sin.

(33) D'fhéadfadh bailiú méideanna móra sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta díobh a bheith i gceist le forbairt córas intleachta saorga agus samhlacha intleachta saorga áirithe. D'fhéadfadh catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bheith ann go hiarmharach sna tacair sonraí oiliúna, tástála nó bailíochtaithe nó féadfar iad a choinneáil sa chóras intleachta saorga nó sa tsamhail intleachta saorga, cé nach bhfuil gá leis na catagóirí speisialta sonraí pearsanta chun críoch na próiseála. Ionas nach gcuirfear bac díréireach ar fhorbairt agus ar oibriú na hintleachta saorga agus cumais an rialaitheora catagóirí speisialta sonraí pearsanta a shainaithint agus a bhaint á gcur san áireamh, ba cheart maolú ar an toirmeasc ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2016/679 a cheadú. Níor cheart feidhm a bheith ag an maolú ach amháin i gcás ina bhfuil bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí curtha chun feidhme ag an rialaitheoir ar bhealach éifeachtach chun próiseáil na sonraí sin a sheachaint, ina ndéanann sé na bearta iomchuí le linn saolré iomlán córais intleachta saorga nó samhla intleachta saorga agus, a luaithe a shainaithníonn sé na sonraí sin, ina ndéanann sé iad a bhaint go héifeachtach. Dá mbeadh iarracht dhíréireach ag teastáil chun sonraí a bhaint, go háirithe i gcás ina mbeadh gá leis an gcóras intleachta saorga nó an tsamhail intleachta saorga a ath-eagrú chun catagóirí speisialta sonraí a chuirtear i gcuimhne sa chóras intleachta saorga, nó sa tsamhail intleachta saorga a bhaint, ba cheart don rialaitheoir na sonraí sin a chosaint go héifeachtach ar iad a úsáid chun aschuir a thátal, a nochtadh nó a chur ar fáil ar bhealach eile, do thríú páirtithe. Níor cheart feidhm a bheith ag an maolú sin i gcás inar gá catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch na próiseála. Sa chás sin, ba cheart don rialaitheoir brath ar na maoluithe de bhun Airteagal 9(2)(a) – (j) de Rialachán (AE) 2016/679.

(34) Ciallaíonn sonraí bithmhéadracha, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(14) de Rialachán (AE) 2016/679, próiseáil a dhéanamh ar shaintréithe áirithe duine nádúrtha trí mhodh teicniúil sonrach lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainaithint uathúil an duine sin. Áirítear dhá fheidhm ar leith i gcoincheap na sonraí bithmhéadracha, is iad sin duine nádúrtha a shainaithint nó an chéannacht a mhaítear a bheith aige nó aici a fhíorú (ar a dtugtar fíordheimhniú freisin), agus braitheann an dá cheann acu ar phróisis theicniúla éagsúla. Tá an próiseas sainaitheantais bunaithe ar chuardach 'aon le mórán' ar shonraí bithmhéadracha an ábhair sonraí i mbunachar sonraí, agus tá an próiseas fíorúcháin bunaithe ar chomparáid 'aon le haon' idir sonraí bithmhéadracha arna soláthar ag an ábhar sonraí, a mhaíonn, ar an gcaoi sin, a chéannacht nó a céannacht. Ba cheart maolú ar an toirmeasc ar shonraí bithmhéadracha a phróiseáil faoi Airteagal 9(1) den Rialachán a cheadú freisin i gcás inar gá céannacht mhaíte an ábhair sonraí a fhíorú chun críche atá á saothrú ag an rialaitheoir, agus ina bhfuil feidhm ag coimircí oiriúnacha chun é a chur ar a chumas don ábhar sonraí rialú aonair a bheith aige nó aici ar an bpróiseas fíorúcháin. Mar shampla, i gcás ina stóráiltear na sonraí bithmhéadracha go slán ar thaobh an ábhair sonraí amháin nó ina stóráiltear go slán ar thaobh an rialaitheora iad i bhfoirm chriptithe úrscothach agus i gcás ina bhfuil an eochair chriptithe nó na modhanna coibhéiseacha i seilbh an ábhair sonraí amháin, ní dócha go gcruthóidh an phróiseáil sin rioscaí móra do chearta agus saoirsí bunúsacha an duine sin. Ní fhaigheann an rialaitheoir eolas ar na sonraí

bithmhéadracha nó ní fhaigheann sé eolas orthu ach ar feadh tréimhse an-teoranta le linn an phróisis fíorúcháin.

(35) Le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/679, tugtar an ceart d'ábhair sonraí deimhniú a fháil ón rialaitheoir maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil agus, i gcás inarb amhlaidh an cás, rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta agus ar fhaisnéis bhreise áirithe. Leis an gceart rochtana, ba cheart don ábhar sonraí a bheith ar an eolas faoi dhlíthiúlacht na próiseála agus ba cheart dó nó di a bheith in ann dlíthiúlacht na próiseála a fhíorú agus ba cheart dó nó di a bheith in ann a chearta eile nó a cearta eile a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2016/679. Os a choinne sin, ba cheart a shoiléiriú in Airteagal 12 den Rialachán nár cheart mí-úsáid a bhaint as an gceart rochtana, atá fabhrach do na hábhair sonraí ón tús, sa chiall go mbaineann na hábhair sonraí mí-úsáid astu chun críoch eile seachas chun a gcuid sonraí a chosaint. Mar shampla, thiocfadh mí-úsáid den sórt sin ar an gceart rochtana chun cinn i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an ábhar sonraí a chur faoi deara don rialaitheoir iarraidh ar rochtain a dhiúltú, chun a éileamh ina dhiaidh sin go n-íocfaí cúiteamh, a d'fhéadfadh a bheith faoi bhagairt éileamh ar dhamáistí a dhéanamh. I measc na samplaí eile de mhí-úsáid tá cásanna ina mbaineann ábhair sonraí úsáid iomarcach as an gceart rochtana agus níl sé beartaithe acu ach damáiste nó díobháil a dhéanamh don rialaitheoir nó nuair a dhéanann duine aonair iarraidh, ach an tráth céanna ina dtairgeann siad é a tharraingt siar ar mhaithe le tairbhe de chineál éigin ón rialaitheoir. Thairis sin, chun a n-ualach a choinneáil go pointe réasúnta, ba cheart dualgas cruthúnais níos ísle a bheith ar rialaitheoirí maidir le cineál iomarcach iarrata ná mar a bheadh orthu maidir le cineál iarrata atá go follasach gan bhunús. Is é is cúis leis sin go mbraitheann cineál iarrata atá go follasach gan bhunús ar fhíorais atá go príomha laistigh de réimse freagrachta an rialaitheora, cé go mbaineann cineál iomarcach iarrata le hiompar mí-úsáideach a d'fhéadfadh a bheith ag ábhar sonraí, atá lasmuigh de réimse tionchair an rialaitheora go príomha, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh an rialaitheoir in ann an mhí-úsáid sin a chruthú ach ar leibhéal réasúnta. In aon chás, agus rochtain á hiarraidh faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart an t-ábhar sonraí a bheith chomh sonrach agus is féidir. Ba cheart iarrataí róleathan agus neamhdhifreáilte a mheas mar iarrataí iomarcacha freisin.

(36) Ceanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679 ar an rialaitheoir sonraí faisnéis áirithe a sholáthar don ábhar sonraí maidir le próiseáil a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta chomh maith le faisnéis áirithe bhreise is gá chun próiseáil chothrom agus thrédhearcach a áirithiú, mar a shainmhínítear i míreanna 1, 2 agus 3 den fhoráil sin. De réir mhír 4 d'Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/679, níl feidhm ag an oibleagáid sin i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ag an ábhar sonraí cheana agus a mhéid atá an fhaisnéis sin aige cheana. Chun ualach na rialaitheoirí sonraí a laghdú a thuilleadh, gan an bonn a bhaint de na féidearthachtaí atá ag an ábhar sonraí a chearta nó a cearta a fheidhmiú faoi Chaibidil III den Rialachán, ba cheart an maolú sin a leathnú chuig cásanna nach dócha go mbeidh ardriosca ag baint leis an bpróiseáil, de réir bhrí Airteagal 35 den Rialachán, agus ina bhfuil forais réasúnta ann glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) de mhír 1 ag an ábhar sonraí cheana i bhfianaise an chomhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe maidir leis an gcaidreamh idir na hábhair sonraí agus an rialaitheoir. Ba cheart gurb iad sin na cásanna ina bhfuil comhthéacs an chaidrimh idir an rialaitheoir agus an t-ábhar sonraí an-soiléir agus an-teoranta agus nach bhfuil gníomhaíocht an rialaitheora dian ar shonraí, amhail an caidreamh idir ceardaí agus a gcliaint, i gcás ina bhfuil raon feidhme na próiseála teoranta don íosmhéid sonraí is gá chun an tseirbhís a dhéanamh. Níl gníomhaíocht an rialaitheora dian ar shonraí i gcás ina mbailíonn sé méid íseal

sonraí pearsanta agus nach bhfuil a oibríochtaí próiseála casta, rud nach amhlaidh, mar shampla, i réimse na fostaíochta. Sna himthosca sin, is é sin le rá nuair nach bhfuil an phróiseáil dian ar shonraí, nuair nach bhfuil sí casta agus nuair a bhailíonn an rialaitheoir méid íseal sonraí pearsanta, ba cheart é a bheith réasúnta coinne a bheith leis, mar shampla, go mbeadh an fhaisnéis ag an ábhar sonraí maidir le céannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora agus maidir le cuspóir na próiseála nuair a dhéantar an phróiseáil sin chun conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí, nó nuair a thugann an t-ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú don phróiseáil sin, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid céanna maidir le comhlachais agus clubanna spóirt ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta teoranta do bhallraíocht a bhainistiú, do chumarsáid le comhaltaí agus d'eagrú gníomhaíochtaí. Mar sin féin, tá an maolú sin ar oibleagáidí Airteagal 13 gan dochar d'oibleagáidí neamhspleácha an rialaitheora faoi Airteagal 15 den Rialachán sin, a bhfuil feidhm aige i gcás ina n-iarrann an t-ábhar sonraí rochtain bunaithe ar an bhforáil dheireanach sin. I gcás nach bhfuil feidhm ag an maolú ar oibleagáidí Airteagal 13, chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le hiomláine agus tuiscint éasca ag an ábhar sonraí, féadfaidh rialaitheoirí cur chuige srathach a ghlacadh agus an fhaisnéis is gá á soláthar acu, go háirithe trí ligean d'úsáideoirí nascleanúint a dhéanamh chuig tuilleadh faisnéise.

(37) I gcás ina ndéantar an phróiseáil chun críche taighde eolaíoch agus go bhfuil sé dodhéanta faisnéis a sholáthar don ábhar sonraí nó go mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis, níor cheart é a bheith riachtanach an fhaisnéis dá bhforáiltear faoi Airteagal 13 den Rialachán seo a sholáthar. Ba cheart don rialaitheoir iarrachtaí réasúnta a dhéanamh sonraí teagmhála a fháil má tá siad ar fáil go héasca agus mura mbeadh iarracht dhíréireach ag teastáil chun iad a fháil. Bheadh iarracht dhíréireach ag baint le soláthar na faisnéise go háirithe i gcás nach raibh a fhios ag an rialaitheoir nó nach raibh coinne aige leis, tráth bailithe na sonraí pearsanta, go ndéanfadh sé sonraí pearsanta a phróiseáil chun críoch taighde eolaíoch ag céim níos déanaí, agus sa chás sin d'fhéadfadh sé nach mbeadh sonraí teagmhála na n-ábhar sonraí ar fáil go héasca dó. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don rialaitheoir ábhair sonraí a chur ar an eolas go hindíreach, amhail tríd an bhfaisnéis a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart a áirithiú le soláthar na faisnéise sin go sroichfear an oiread daoine is féidir is ábhar do na sonraí lena mbaineann. Ba cheart modhanna ábhartha chun an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí a chinneadh ag brath ar chomhthéacs an tionscadail taighde agus ar na hábhair sonraí lena mbaineann.

(38) Déantar foráil le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le rialacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta nuair a dhéanann an rialaitheoir sonraí cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla nó éifeachtaí móra comhchosúla acu ar an ábhar sonraí, bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin. Chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar, ba cheart a shoiléiriú go gceadaítear cinntí atá bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin nuair a chomhlíontar coinníollacha sonracha, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679. Ba cheart a shoiléiriú freisin, agus measúnú á dhéanamh an bhfuil gá le cinneadh chun conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir sonraí, mar a leagtar amach in Airteagal 22(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/679, nár cheart a cheangal nach bhféadfaí an cinneadh a dhéanamh ach amháin trí phróiseáil uathoibrithe. Ciallaíonn sé sin nach gcuireann an fíoras go bhféadfadh duine an cinneadh a dhéanamh freisin cosc ar an rialaitheoir an cinneadh a dhéanamh trí phróiseáil uathoibrithe amháin, I gcás ina bhfuil roinnt réiteach próiseála uathoibrithe atá chomh héifeachtach céanna ann, ba cheart don rialaitheoir an ceann nach bhfuil chomh cunórach céanna a úsáid.

(39) Chun an t-ualach ar rialaitheoirí a laghdú agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh rochtain ag údaráis mhaoirseachta ar an bhfaisnéis ábhartha agus gur féidir leo gníomhú i leith sáruithe ar an Rialachán, ba cheart an tairseach chun fógra a thabhairt don údarás maoirseachta faoi Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le sárú i ndáil le sonraí pearsanta a ailíniú leis an tairseach chun sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí faoi Airteagal 34 den Rialachán sin. I gcás sárú i ndáil le sonraí nach dócha go mbeadh ardriosca ann dá bharr do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, níor cheart a cheangal ar an rialaitheoir fógra a thabhairt don údarás inniúil maoirseachta. Leis an tairseach níos airde chun fógra a thabhairt don údarás maoirseachta faoi shárú i ndáil le sonraí, ní dhéantar difear d'oibleagáid an rialaitheora an sárú a dhoiciméadú i gcomhréir le mír 5 d'Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/679, ná dá oibleagáid a bheith in ann a léiriú go gcomhlíonann sé an Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin. Chun comhlíontacht rialaitheoirí agus cur chuige comhchuibhithe san Aontas a éascú, ba cheart don Bhord teimpléad coiteann a ullmhú chun fógra a thabhairt don údarás maoirseachta inniúil faoi sháruithe ar shonraí agus liosta coiteann de na himthosca inar dócha go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí duine nádúrtha mar thoradh ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta. Ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar an togra arna ullmhú ag an mBord agus athbhreithniú a dhéanamh air, de réir mar is gá, sula nglacfar é. Chun bagairtí nua slándála faisnéise a chur san áireamh, ba cheart an teimpléad coiteann agus an liosta a athbhreithniú gach 3 bliana ar a laghad agus iad a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá. In éagmais liosta coiteann de na himthosca inar dócha go mbeadh ardriosca ann do chearta agus do shaoirsí duine nádúrtha mar thoradh ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta, níor cheart difear a dhéanamh d'oibleagáidí na rialaitheoirí fógra a thabhairt faoi na sáruithe sin.

(40) Le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679 ceanglaítear ar rialaitheoirí measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh i gcás inar dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar phróiseáil sonraí pearsanta. Ceanglaítear ar na húdaráis mhaoirseachta arna mbunú de bhun an Rialacháin sin liosta a bhunú agus a phoibliú de na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí. Ina theannta sin, foráiltear leis an Rialachán go bhféadfaidh údaráis mhaoirseachta liosta a bhunú agus a phoibliú de na cineálacha oibríochtaí próiseála nach bhfuil aon mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí ag teastáil ina leith. Chun rannchuidiú go héifeachtach leis an aidhm na geilleagair a chóineasú agus chun saorshreabhadh sonraí pearsanta idir na Ballstáit a áirithiú go héifeachtach, chun deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú, chun comhlíontacht rialaitheoirí a éascú agus chun léirmhíniú comhchuibhithe a áirithiú ar choincheap an ardriosca do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí, ba cheart liosta aonair d'oibríochtaí próiseála a sholáthar ar leibhéal an Aontais chun teacht in ionad na liostaí náisiúnta atá ann cheana. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith éigeantach liosta a fhoilsiú de na cineálacha oibríochtaí próiseála nach bhfuil aon mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí ag teastáil ina leith, rud atá roghnach faoi láthair. Ba cheart don Bhord liostaí na n-oibríochtaí próiseála a ullmhú agus ba cheart don Choimisiún iad a ghlacadh mar ghníomh cur chun feidhme. Chun comhlíontacht rialaitheoirí a éascú, ba cheart don Bhord teimpléad coiteann agus modheolaíocht choiteann a ullmhú chun measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, a ghlacfaidh an Coimisiún mar ghníomh cur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar na tograí arna n-ullmhú ag an mBord agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, de réir mar is gá, sula nglacfar iad. Chun forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na liostaí agus ar an teimpléad coiteann agus ar an

modheolaíocht gach 3 bliana ar a laghad agus iad a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá.

(41) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Tá feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37] maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Ba cheart Rialachán (AE) 2018/1725 agus Treoir (AE) 2016/680 a thabhairt i gcomhréir leis na leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/679 a thugtar isteach leis an Rialachán seo.

(42) Mar a shoiléirítear in aithris 5 de Rialachán (AE) 2018/1725, aon uair a leanann forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 na prionsabail chéanna le forálacha Rialachán (AE) 2016/679, ba cheart an dá shraith forálacha sin, faoi chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú go haonchineálach. Ba cheart a thuiscint go bhfuil scéim Rialachán (AE) 2018/1725 coibhéiseach le scéim Rialachán (AE) 2016/679. Dá bhrí sin, leasaítear leis an Rialachán seo freisin forálacha Rialachán (AE) 2018/1725 a mbaineann na leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/679 leo, a mhéid atá na leasuithe deireanacha sin ábhartha freisin i gcomhthéacs sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais.

(43) Chun creat láidir comhleanúnach um chosaint sonraí a chur ar fáil san Aontas, ba cheart na hoiriúnuithe is gá ar Threoir (AE) 2016/680 agus ar aon ghníomh dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta sin a dhéanamh tar éis ghlacadh an Rialacháin seo, chun go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm chomh gar agus is féidir do theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/679 agus ar Rialachán (AE) 2018/1725.

(44) Ba cheart stóráil sonraí pearsanta, nó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil agus próiseáil na sonraí sin ina dhiaidh sin a rialáil faoi chreat dlíthiúil aonair, is é sin Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inar duine nádúrtha é síntiúsóir na seirbhíse cumarsáide leictreonaí nó úsáideoir an trealaimh teirminéil. Leanann na leasuithe a chuirtear i láthair sa Rialachán seo de na leibhéil is airde

[36] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

[37] Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016, lch. 89, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/680/oj).

cosanta a thabhairt do shonraí pearsanta, agus an tráth céanna simpliú a dhéanamh ar thaithí na n-ábhar sonraí maidir lena gcearta a fheidhmiú agus a roghanna a chur in iúl ar líne. Baineann na leasuithe go háirithe le faisnéis a stóráil sa trealamh sin, le rochtain a fháil ar fhaisnéis ón trealamh sin nó le faisnéis a bhailiú ar bhealach eile ón trealamh sin lena mbaineann próiseáil sonraí pearsanta trí fhianáin nó trí theicneolaíochtaí comhchosúla chun faisnéis a fháil ón trealamh teirminéil. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha ábhartha freisin gan beann ar cé acu atá an trealamh teirminéil faoi úinéireacht an duine nádúrtha nó faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh nó nádúrtha eile.

Níor cheart leanúint de stóráil sonraí pearsanta, ná de rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil a cheadú ach amháin ar bhonn toilithe. Cosúil leis an gcur chuige i dTreoir 2002/58/CE, níor cheart a chosc leis an gceanglas sin stóráil sonraí pearsanta, ná rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana féin, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha, nuair atá sé sin bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit de réir bhrí Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 agus má chomhlíontar leis na coinníollacha dlíthiúlachta uile a leagtar síos san fhoráil sin, agus má dhéantar é le haghaidh na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

D’fhonn an t-ualach comhlíonta a laghdú agus soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do rialaitheoirí, agus ós rud é go mbaineann riosca íseal le críocha áirithe próiseála do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí nó go bhféadfadh sé go mbeadh gá le próiseáil den sórt sin chun seirbhís arna hiarraidh ag an ábhar sonraí a sholáthar, is gá liosta teorannaitheach a shainiú de na críocha ar cheart an phróiseáil a cheadú ina leith gan toiliú. Maidir le sonraí pearsanta a stóráil, nó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana féin, i dtrealamh teirminéil, agus próiseáil ina dhiaidh sin atá riachtanach chun na gcríoch sin, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo, dá bhrí sin, go bhfuil an phróiseáil dleathach. Féadfaidh an rialaitheoir, amhail soláthraí seirbhíse meán, sainordú a thabhairt do phróiseálaí, amhail cuideachta taighde margaidh, an phróiseáil a dhéanamh thar a cheann.

Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ina dhiaidh sin chun críche eile seachas na críocha sin a shainítear sa liosta teorannaitheach, ba cheart Airteagal 6 agus, i gcás inarb ábhartha, Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 a chur i bhfeidhm. Tá sé de fhreagracht ar an rialaitheoir i bhfianaise phrionsabal na cuntasachta an bunús dlí iomchuí a roghnú don phróiseáil atá beartaithe. Chun bheith in ann brath ar leas dlisteanach faoi Airteagal 6(1), pointe f, de Rialachán (AE) 2016/679 mar fhoras le sonraí pearsanta a phróiseáil ina dhiaidh sin, ní mór don rialaitheoir a léiriú go bhfuil leas dlisteanach an rialaitheora nó tríú páirtithe á shaothrú aige, gur gá an phróiseáil a dhéanamh chun cuspóir an leasa dhlisteanaigh sin a bhaint amach, agus nach sáraíonn leasanna nó cearta bunúsacha an ábhair sonraí na leasanna atá á saothrú ag an rialaitheoir. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do rialaitheoirí an aird is mó is féidir a thabhairt ar na gnéithe seo a leanas: an leanbh é an t-ábhar sonraí; ionchais réasúnta an ábhair sonraí; an tionchar ar an duine aonair mar gheall ar scála na sonraí a phróiseáiltear nó mar gheall ar íogaireacht na sonraí a phróiseáiltear; scála na próiseála atá i gceist sa chiall nach féidir leis an bpróiseáil a bheith an-fhairsing mar gheall ar a méid nó ar raon na gcatagóirí sonraí; ba cheart an phróiseáil a bheith bunaithe ar shonraí atá teoranta don mhéid is gá agus ní féidir í a bhunú ar fhaireachán ar chodanna móra de ghníomhaíocht ar líne na n-ábhar sonraí; agus tosca ábhartha eile de réir mar is iomchuí. Níor cheart faireachán leanúnach ar shaol príobháideach an ábhair sonraí a bheith mar thoradh ar an bpróiseáil.

I gcás nach féidir leis an rialaitheoir brath ar leas dlisteanach mar fhoras dlíthiúil don phróiseáil ina dhiaidh sin, ba cheart an phróiseáil a bheith bunaithe ar fhoras eile in Airteagal 6(1), go háirithe ar thoiliú i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 7 de Rialachán (AE) 2016/679, ar choinníoll go gcomhlíontar prionsabail uile Rialachán (AE) 2016/679.

(45) Is minic a bhíonn ar ábhair sonraí a dhiúltaigh iarraidh ar thoiliú aghaidh a thabhairt ar iarraidh nua chun toiliú a thabhairt gach uair a thugann siad cuairt ar sheirbhís ar líne an rialaitheora chéanna arís. D'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith aige sin ar na hábhair sonraí a fhéadfaidh toiliú a thabhairt díreach chun iarrataí a dhéantar arís agus arís eile a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir roghanna an ábhair sonraí a urramú maidir le hiarraidh ar thoiliú a dhiúltú ar feadh tréimhse áirithe ar a laghad.

(46) Ba cheart an deis a bheith ag ábhair sonraí brath ar thásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ar a rogha toiliú a thabhairt nó diúltú d'iarraidh ar thoiliú nó agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil na sonraí. Ba cheart na modhanna sin a bheith úrscothach. Is féidir iad a chur chun feidhme i socruithe brabhsálaí gréasáin nó i dTiachóg Eorpach Céannachta Digití mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 914/2014, nó ar aon mhodh leordhóthanach eile. Leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo, ba cheart tacú le teacht chun cinn réiteach atá faoi thionchar an mhargaidh le comhéadain iomchuí. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar an rialaitheoir tásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ar roghanna an ábhair sonraí a urramú a luaithe a bheidh caighdeáin ar fáil. I bhfianaise thábhacht na hiriseoireachta neamhspleáiche i sochaí dhaonlathach agus ionas nach mbainfear an bonn den bhunús eacnamaíoch ina leith sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse meán na tásca meaisín-inléite ar roghanna an ábhair sonraí a urramú. Leis an oibleagáid atá ar sholáthraithe brabhsálaithe gréasáin na modhanna teicniúla a chur ar fáil d'ábhair sonraí chun roghanna a dhéanamh maidir leis an bpróiseáil, níor cheart an bonn a bhaint den fhéidearthacht atá ag soláthraithe seirbhíse meán toiliú a iarraidh ó ábhair sonraí.

(47) Le Treoir 2002/58/CE maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach 'an Treoir maidir le r-Phríobháideachas'), a athbhreithníodh go deireanach in 2009, soláthraítear creat chun an ceart chun príobháideachais a chosaint, lena n-áirítear rúndacht na cumarsáide. Sonraítear ann freisin Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Cosnaítear príobháideachas agus sláine threalamh teirminéil an úsáideora nó an tsíntiúsóra a úsáidtear le haghaidh na cumarsáide sin. Ba cheart an fhoráil reatha d'Airteagal 5(3) de Threoir 2002/58/CE leanúint de bheith infheidhme a mhéid nach duine nádúrtha é an síntiúsóir nó an t-úsáideoir, agus nach ionann an fhaisnéis a stóráiltear nó a bhfaightear rochtain uirthi agus próiseáil sonraí pearsanta ná nach mbeidh próiseáil sonraí pearsanta mar thoradh ar an bhfaisnéis sin.

(48) Ba cheart Airteagal 4 de Threoir 2002/58/CE a aisghairm. Leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2002/58/CE ceanglais le haghaidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí maidir le slándáil a gcuid seirbhísí a chosaint agus ceanglais maidir le fógra a thabhairt. Ina dhiaidh sin, leagadh síos le Treoir (AE) 2022/2555 ceanglais nua a mhéid a bhaineann le bearta bainistíochta riosca cibearshlándála agus tuairisciú teagmhas le haghaidh na soláthraithe sin. Chun oibleagáidí forluiteacha a laghdú d'eintitis san earnáil cumarsáide leictreonaí, ba cheart Airteagal 4 de Threoir 2002/58/CE a aisghairm. Maidir le slándáil na próiseála ar shonraí pearsanta de bhun Airteagal 4(1) agus (1a) den Treoir seo agus maidir le fógra a thabhairt faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta de bhun Airteagal 4(3) go (5)

de Threoir 2002/58/CE, déantar foráil cheana féin i Rialachán (AE) 2016/679 maidir le rialacha cuimsitheacha agus cothrom le dáta. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha sin maidir le soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí agus soláthraithe líonraí cumarsáide poiblí, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh feidhm ag córas amháin maidir leis na rialaitheoirí agus na próiseálaithe.

(49) Ceanglaítear le roinnt gníomhartha dlí cothrománacha nó earnála de chuid an Aontais go dtabharfar fógra faoin imeacht céanna d'údaráis éagsúla trí mhodhanna agus bealaí teicniúla éagsúla a úsáid. Leis an bpointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas, ba cheart eintitis a bheith in ann oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh faoi Threoir (AE) 2022/2555, Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2022/2554, Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2022/2557 trí fhógraí a chur faoi bhráid comhéadan aonair. Thairis sin, leis an bpointe iontrála aonair, ba cheart deis a thabhairt d'eintitis faisnéis a chuir siad isteach roimhe sin a aisghabháil trí úsáid a bhaint as an bpointe iontrála aonair, rud a chuideoidh le heintitis súil a choinneáil ar a mhéid a chomhlíonann siad na hoibleagáidí tuairiscithe i ndáil le teagmhais shonracha.

(50) Chun slándáil an phointe iontrála aonair a áirithiú, ba cheart do ENISA bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach a dhéanamh chun na rioscaí do shlándáil an phointe iontrála aonair agus an fhaisnéis a chuirtear isteach nó a scaiptear tríd an bpointe iontrála aonair a bhainistiú. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca, agus ar oiriúnacht agus comhréireacht na mbeart sin, ba cheart do ENISA íogaireacht na faisnéise arna cur isteach nó arna scaipeadh de bhun na ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais a chur san áireamh. Ba cheart do ENISA dul i gcomhairle le húdaráis inniúla faoi na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais agus na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla is gá á ndréachtú aige chun an pointe iontrála aonair a bhunú, a choinneáil ar bun agus a oibriú go slán trí úsáid a bhaint as grúpaí comhair agus líonraí na mBallstát atá ann cheana arna mbunú faoi na gníomhartha sin.

(51) Sula bhféadfar fógra a thabhairt faoi theagmhais, ba cheart do ENISA feidhmiú an phointe iontrála aonair a phíolótú, ar cheart a áireamh ann tástáil chríochnúil ar na sainiúlachtaí agus ar na ceanglais a bhaineann leis na fógraí le haghaidh na ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais. Bunaithe ar thorthaí an treoirthionscadail, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú cuí, iontaofacht, sláine agus rúndacht an phointe iontrála aonair. Ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le líonra CSIRTanna agus leis na húdaráis inniúla faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais, trí úsáid a bhaint as grúpaí comhair agus líonraí na mBallstát atá ann cheana arna mbunú faoi na gníomhartha sin, agus an measúnú á dhéanamh aige. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go n-áirithítear feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine agus rúndacht leis an bpointe iontrála aonair, ba cheart dó fógra chuige sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina measann an Coimisiún nach n-áirithítear feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine agus rúndacht, ba cheart do ENISA gach beart ceartaitheach is gá a dhéanamh, agus ba cheart don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ina dhiaidh sin.

(52) Chun an leanúnachas agus an idir-inoibritheacht le réitigh theicniúla náisiúnta atá ann cheana lena n-éascaítear tuairisciú teagmhas a áirithiú, a mhéid is féidir, ba cheart do ENISA na réitigh theicniúla náisiúnta sin a chur san áireamh agus sonraíochtaí á bhforbairt aige maidir leis na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla is gá chun an pointe iontrála aonair a bhunú, a choinneáil ar bun agus a oibriú go slán. Thairis sin, ba cheart do ENISA breithniú a dhéanamh ar phrótacail agus uirlisí teicniúla amhail comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár agus caighdeáin mheaisín-

inléite lena gcuirtear ar a gcumas d'eintitis oibleagáidí tuairiscithe a chomhtháthú i bpróisis ghnó, agus d'údaráis chun an pointe iontrála aonair a nascadh lena gcórais tuairiscithe náisiúnta.

(53) Chun a áirithiú go gcuirfidh an pointe iontrála aonair ar a gcumas d'eintitis ábhartha an cineál faisnéise agus an fhormáid a cheanglaítear faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais a chur isteach, ba cheart do ENISA dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis inniúla faoi na gníomhartha sin. I gcás nach bhfuil gníomh dlí de chuid an Aontais comhchuibhithe go hiomlán maidir leis an gcineál faisnéise agus formáid na bhfógraí, ba cheart do na Ballstáit ENISA a chur ar an eolas faoina bhforálacha náisiúnta.

(54) Bunaithe ar Rialachán (AE) 2022/2554, tá an earnáil airgeadais ar thús cadhnaíochta maidir le creat comhchuibhithe, cuimsitheach agus éifeachtach a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le tuairisciú teagmhas. Chun comhlíonadh a shimpliú, is iomchuí an creat tuairiscithe teagmhas a bhunaítear faoi Rialachán (AE) 2022/2554 a ailíniú leis an bpointe iontrála aonair, agus leanúnachas agus cobhsaíocht an chreata tuairiscithe atá ann cheana á n-áirithiú an tráth céanna, agus ós rud é go mbeadh an pointe iontrála aonair oibríochtúil tar éis measúnú a dhéanamh air go n-áirithítear leis feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine agus rúndacht. Thairis sin, tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2554 teimpléid tuairiscithe chaighdeánaithe lena ndéantar cuíchóiriú ar ábhar tuarascálacha le haghaidh mórtheagmhais a bhaineann le TFC don earnáil airgeadais. Leis an taithí a fuarthas ó ghlacadh na dteimpléad sin, soláthraítear léargais luachmhara agus dea-chleachtais ar cheart iad a chur san áireamh agus an cineál faisnéise, an fhormáid agus an nós imeachta fógra á sonrú chun tuairisciú don phointe iontrála aonair faoi Threoir (AE) 2022/2555, faoi Threoir (AE) 2022/2557 nó faoi Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb iomchuí. Chun na críche sin, ba cheart don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar na caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Rialachán (AE) 2022/2554, lena sonraítear ábhar an fhógra tosaigh, chomh maith leis na tuarascálacha idirmheánacha agus deiridh, maidir le mórtheagmhais a bhaineann le TFC. Is é is aidhm don chur chuige sin comhsheasmhacht a áirithiú, sineirgí a chur chun cinn agus an t-ualach riaracháin ar eintitis a laghdú tríd an líon réimsí sonraí a cheanglaítear ar eintitis a chur i gcrích a íoslaghdú, agus ar an gcaoi sin próisis tuairiscithe níos éifeachtúla agus níos cuíchóirithe a éascú.

(55) Faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais, tá faisnéis áirithe a bhaineann go sonrach le teagmhais le comhroinnt ag céim ina dhiaidh sin idir údaráis inniúla chun maoirseacht agus comhordú éifeachtach a éascú. Dá bhrí sin, ba cheart an pointe iontrála aonair a dhearadh chun freastal ar mhalartú faisnéise ar an leibhéal sin agus chun tacú leis i gcás gach gnímh dlí ábhartha de chuid an Aontais, lena n-áiritheofar go gcumasófar sreabha iomchuí sonraí idir na húdaráis ar bhealach slán, tráthúil agus éifeachtúil, i gcás ina gcinnfidh na Ballstáit úsáid a bhaint as an ngné bhreise sin.

(56) Chun a áirithiú go ndéanfar tuairisciú teagmhas tríd an bpointe iontrála aonair, ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2022/2555, Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2022/2554, Rialachán (AE) 910/2014, agus Treoir (AE) 2022/2557 a leasú dá réir. Ba cheart tús a chur leis an bpointe iontrála aonair a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh faoi na gníomhartha sin laistigh de 18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Nuair a thionscnaíonn an Coimisiún sásraí an fhógra lena gcuirtear moill ar an dáta cur i bhfeidhm go 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin, ba cheart feidhm a bheith fós ag forálacha comhfhreagracha Threoir (AE) 2022/2555, Rialachán (AE) 910/2014, Rialachán (AE) 2022/2554 agus Threoir (AE) 2022/2557 chun na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos sna forálacha a chomhlíonadh.

(57) Sa chás eisceachtúil go gcuirtear cosc ar fhógraí teagmhais a chur isteach trí úsáid a bhaint as an bpointe iontrála aonair ar chúiseanna teicniúla, ba cheart d'eintitis a n-oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh trí mhodhanna malartacha. Chun na críche sin, ba cheart do sheolaithe fógraí teagmhais faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais a áirithiú gur féidir leo fógraí teagmhais den sórt sin a fháil trí mhodhanna malartacha agus ba cheart dóibh faisnéis faoi na modhanna malartacha sin a chur ar fáil go poiblí.

(58) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], agus thug sé a thuairim uaidh an [DÁTA]. Chuathas i gcomhairle leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [DÁTA].

(59) Le Rialachán (AE) 2019/1150, bunaítear sraith spriocdhírithe rialacha éigeantacha ar leibhéal an Aontais chun timpeallacht ghnó ar líne atá cothrom, intuartha, inbhuanaithe agus iontaofa a áirithiú laistigh den mhargadh inmheánach. Le Rialachán (AE) 2022/2065 agus Rialachán (AE) 2022/1925, soláthraítear creat rialála cuimsitheach le haghaidh timpeallachtaí sábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne d'úsáideoirí deiridh uile na seirbhísí ar líne, agus bunaítear cothrom iomaíochta do ghnólachtaí i margaí digiteacha. Ar mhaithe le simpliú reachtaíocht an Aontais i réimse na seirbhísí idirghabhála ar líne agus na n-ardán ar líne, agus ós rud é go gcumhdaítear cuspóirí agus forálacha ábhartha an Rialacháin maidir le hArdáin le haghaidh Gnó den chuid is mó leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha agus leis an Ionstraim um Margaí Digiteacha, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1050 a aisghairm. Rannchuidíonn Rialachán (AE) 2022/2065 agus Rialachán (AE) 2022/1925 le creat rialála lán-chomhchuibhithe le haghaidh seirbhísí digiteacha agus margaí digiteacha, trí chomhfhogasú a dhéanamh ar bhearta náisiúnta maidir leis na ceanglais le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha agus inchoimhlinteacht agus cothroime na gcroísheirbhísí ardáin a sholáthraíonn geatóirí. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, na sainmhínithe roghnaithe in Airteagal 2, na forálacha maidir le srianta agus fionraíochtaí in Airteagal 4, chomh maith leis na forálacha maidir leis an gcóras inmheánach um láimhseáil gearán in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/1150 a ndéantar crostagairt dóibh le gníomhartha dlí eile, go háirithe Treoir (AE) 2023/2831 maidir le dálaí oibre a fheabhsú in obair ardáin, agus Airteagal 15 lena n-áirithítear forfheidhmiú, fanfaidh siad i bhfeidhm go sealadach go dtí go leasófar na gníomhartha bunaidh.

(60) I bhfianaise chineál teicniúil na leasuithe a mholtar sa Rialachán seo agus na práinne a bhaineann le creat dlíthiúil simplithe a sheachadadh, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe san *Iris Oifigiúil*. De réir mar is

---

[38] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

iomchuí, ba cheart idirthréimhsí a thabhairt do na Ballstáit agus d'eintitis rialáilte chun dul in oiriúint do na rialacha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/2854*

Leasaítear Rialachán (AE) 2023/2854 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(ea) clárú deonach seirbhísí idirghabhála sonraí;

(eb) clárú deonach na n-eintiteas a bhailíonn agus a phróiseálann sonraí a chuirtear ar fáil chun críoch altrúchais;

(ec) Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí a bhunú;

(ed) ceanglais logánaithe sonraí agus infhaighteacht sonraí d'údaráis inniúla;

(ee) athúsáid sonraí agus doiciméad áirithe atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí nó gnóthais phoiblí áirithe, agus athúsáid sonraí taighde.';

(b) i mír 2, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(g) tá feidhm ag Caibidil VIIa maidir le sonraí pearsanta agus neamhphearsanta;

(h) tá feidhm ag Caibidil VIIb maidir le haon sonraí neamhphearsanta;

(i) tá feidhm ag Caibidil VIIc maidir le sonraí pearsanta agus neamhphearsanta, mar atá:

(i) doiciméid atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí na mBallstát dá dtagraítear

(1) in Airteagal 32i(1), pointe (a) nó atá i seilbh gnóthais phoiblí dá dtagraítear

(2) in Airteagal 32i(1), pointe (b);

(ii) sonraí taighde dá dtagraítear in Airteagal 32i(1), pointe (c);

(iii) catagóirí áirithe sonraí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 32i(1), pointe (a).'

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) rannpháirtithe i spásanna sonraí.';

(d) scriostar mír 7.

(e) cuirtear isteach na míreanna 11, 12 agus 13 seo a leanas:

'11. Tá Caibidil VIIb den Rialachán seo gan dochar do dhlíthe, do rialacháin agus d'fhorálacha riaracháin a bhaineann le heagrú inmheánach na mBallstát agus lena leithdháiltear, i measc údaráis phoiblí agus comhlachtaí arna rialú leis an dlí poiblí, cumhachtaí agus freagrachtaí maidir le sonraí a phróiseáil gan luach saothair conarthach páirtithe príobháideacha, chomh maith le dlíthe,

rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát lena ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme na gcumhachtaí agus na bhfreagrachtaí sin.

12. I gcás ina gceanglófar le dlí earnáilsonrach de chuid an Aontais nó le dlí náisiúnta earnáilsonrach ar chomhlachtaí earnála poiblí, ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí nó ar eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí ceanglais theicniúla, riaracháin nó eagraíochtúla shonracha bhreise a bhaineann le Caibidlí VIIa agus VIIb a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí chóras údaraithe nó deimhniúcháin, beidh feidhm freisin ag na forálacha sin den dlí earnáilsonrach sin de chuid an Aontais nó den dlí náisiúnta earnáilsonrach sin. Beidh aon cheanglas sonrach breise den sórt sin neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus beidh údar oibiachtúil leis.’

13. Maidir le sonraí agus doiciméid a thagann faoi raon feidhme Roinn II de Chaibidil VIIc, ní dhéanann Caibidil VIIc den Rialachán seo difear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit rialacha níos mionsonraithe nó níos déine a ghlacadh, ar choinníoll go gceadaítear leis na rialacha sin athúsáid níos forleithne a bhaint as sonraí agus doiciméid.’

2. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach na pointí (4a), (4b) agus (4c) seo a leanas:

‘(4a) ciallaíonn ‘toiliú’ toiliú mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (11), de Rialachán (AE) 2016/679;

(4b) ciallaíonn ‘cead’ an ceart a thabhairt d’úsáideoirí sonraí chun sonraí neamhphearsanta a phróiseáil;

(4c) ciallaíonn ‘rochtain’ úsáid sonraí, i gcomhréir le ceanglais shonracha theicniúla, dhlíthiúla nó eagraíochtúla, agus ní gá go dtuigfí leis sin tarchur ná íoslódáil sonraí;’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 13:

‘(13) ciallaíonn ‘sealbhóir sonraí’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil sé de cheart aige nó d’oibleagáid air, i gcomhréir leis an Rialachán seo, le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme arna glacadh i gcomhréir le dlí an Aontais, sonraí a úsáid nó a chur ar fáil, lena n-áirítear, i gcás ina gcomhaontaítear sin go conarthach, sonraí táirge nó sonraí seirbhíse gaolmhaire, a d’aisghabh sé nó a ghin sé le linn seirbhís ghaolmhar a sholáthar;

(c) cuirtear isteach na pointí (28a) agus (28b) seo a leanas:

‘(28a) ciallaíonn ‘comhlachtaí faoi rialú an dlí phoiblí’ comhlachtaí ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

(a) bunaítear iad leis an gcuspóir sonrach riachtanais leasa ghinearálta a chomhlíonadh, nach bhfuil carachtar tionsclaíoch ná tráchtála aige;

(b) tá pearsantacht dhlítheanach acu;

(c) tá siad á maoiniú, den chuid is mó, ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla, nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí; nó tá siad faoi réir mhaoirseacht bainistíochta na n-údarás nó na gcomhlachtaí sin; nó tá bord riaracháin, bainistíochta nó faireacháin acu, a bhfuil níos mó ná

leath dá chomhaltaí ceaptha ag an Stát, ag údaráis réigiúnacha nó áitiúla nó ag comhlachtaí eile a rialaítear leis an dlí poiblí;

(28b) ciallaíonn ‘gnóthas poiblí’ aon ghnóthas a bhféadfaidh comhlacht earnála poiblí tionchar ceannasach a imirt go díreach nó go hindíreach air de bhua a úinéireachta air, a rannpháirtíochta airgeadais ann, nó na rialacha lena rialaítear é. Measfar go bhfuil tionchar ceannasach á imirt ag na comhlachtaí earnála poiblí in aon cheann de na cásanna inar fíor an méid seo a leanas maidir leis na comhlachtaí sin, go díreach nó go hindíreach:

(a) tá formhór de chaipiteal suibscríofa an ghnóthais ina seilbh acu;

(b) rialaíonn siad tromlach na vótaí a ghabhann le scaireanna arna n-eisiúint ag an ngnóthas;

(c) is féidir leo níos mó ná leath de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta an ghnóthais a cheapadh;’;

(d) cuirtear isteach na pointí (38a) agus (38b) seo a leanas:

‘(38a) ciallaíonn ‘seirbhís idirghabhála sonraí’ seirbhís a bhfuil sé d’aidhm aici caidrimh de chineál eacnamaíoch a shuí chun críoch comhroinnte sonraí idir líon neamhchinntithe ábhar sonraí nó sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, trí mhodhanna teicniúla, dlíthiúla nó trí mhodhanna eile, lena n-áirítear chun cearta ábhar sonraí a fheidhmiú i ndáil le sonraí pearsanta, agus ar seirbhís í:

(1) nach bhfuil idirghabháil ábhair atá faoi chosaint cóipchirt mar phríomhchuspóir aici;

(2) nach bhfuil á soláthar go comhpháirteach ag roinnt daoine dlítheanacha lena húsáid go heisiach ina measc;

(38b) ciallaíonn ‘altrúchas ó thaobh sonraí de’ comhroinnt dheonach sonraí ar bhonn thoiliú na n-ábhar sonraí sonraí pearsanta a bhaineann leo a phróiseáil, nó ceadanna ó shealbhóirí sonraí a sonraí neamhphearsanta a úsáid gan luaíocht a lorg nó a fháil, luaíocht a théann thar chúiteamh a bhaineann leis na costais a thabhaíonn siad i gcás ina gcuireann siad a gcuid sonraí ar fáil le haghaidh cuspóirí leasa ghinearálta dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, amhail cúram sláinte, an t-athrú aeráide a chomhrac, an tsoghluaisteacht a fheabhsú, forbairt, táirgeadh agus scaipeadh staidrimh oifigiúil a éascú, soláthar seirbhísí poiblí a fheabhsú, ceapadh beartas poiblí nó chun críoch taighde eolaíoch ar mhaithe leis an leas ginearálta;’

(e) cuirtear isteach na pointí (44) go (63) seo a leanas:

‘(44) ciallaíonn ‘fiontar meánmhéide’ fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Moladh 2003/361/CE;

(45) ciallaíonn ‘cuideachta mheánchaipitlithe bheag’ fiontar meánchaipitlithe beag mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún;

(46) ciallaíonn ‘ollscoil’ comhlacht earnála poiblí a sholáthraíonn ardoideachas iar-mheánscoile a mbíonn céimeanna acadúla mar thoradh air;

(47) ciallaíonn ‘ceadúnas caighdeánach’ tacar coinníollacha réamhshainithe maidir le hathúsáid i bhformáid dhigiteach, atá comhoiriúnach, más féidir, le ceadúnais phoiblí chaighdeánaithe atá ar fáil ar líne;

(48) ciallaíonn ‘doiciméad’:

(a) aon ábhar atá neamhdhigiteach, is cuma cén meán ina bhfuil sé (páipéar nó mar thaifeadadh fuaime, amhairc nó closamhairc); nó

(b) aon chuid d’ábhar den sórt sin;

(50) ciallaíonn ‘sonraí dinimiciúla’ sonraí agus doiciméid i bhfoirm dhigiteach atá faoi réir nuashonruithe rialta nó fíor-ama, go háirithe mar gheall ar a luaineacht nó a ndífheidhmeacht thapa; sonraí arna nginiúint ag braiteoirí, de ghnáth meastar gur sonraí dinimiciúla iad;

(51) ciallaíonn ‘sonraí taighde’ sonraí, seachas foilseacháin eolaíocha, a bhailítear nó a tháirgtear le linn gníomhaíochtaí taighde eolaíoch agus a úsáidtear mar fhianaise sa phróiseas taighde, nó a nglactar leo go coitianta sa phobal taighde de réir mar is gá chun fionnachtana agus torthaí taighde a bhailíochtú;

(52) ciallaíonn ‘athúsáid’ an úsáid a bhaineann daoine nádúrtha nó eintitis dhlítheanacha as doiciméid atá i seilbh:

(a) comhlachtaí earnála poiblí, chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála seachas an cuspóir tosaigh a bhí ann laistigh den chúram poiblí ar táirgeadh na doiciméid chuige, diomaite de mhalartú doiciméad idir comhlachtaí earnála poiblí chun a gcúraimí poiblí a shaothrú agus chuige sin amháin; nó

(b) gnóthais phoiblí, faoi Chaibidil VIIc Roinn 2 chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála seachas an cuspóir tosaigh maidir le seirbhísí leasa ghinearálta a sholáthar ar táirgeadh na doiciméid lena n-aghaidh, cé is moite de mhalartú doiciméad idir gnóthais phoiblí agus comhlachtaí earnála poiblí chun cúraimí poiblí comhlachtaí earnála poiblí a shaothrú agus chuige sin amháin;

(53) ciallaíonn ‘tacair sonraí ardluacha’ sonraí agus doiciméid a mbaineann tairbhí tábhachtacha don tsochaí, don chomhshaol agus don gheilleagar lena n-athúsáid, go háirithe mar gheall ar a n-oiriúnacht chun seirbhísí breisluacha, feidhmchláir agus poist nua ardcháilíochta chuibhiúla a chruthú, agus mar gheall ar líon thairbhithe féideartha na seirbhísí agus na bhfeidhmchlár breisluacha bunaithe ar na sonraí agus na doiciméid sin;

(54) ciallaíonn ‘catagóirí áirithe sonraí cosanta’ sonraí agus doiciméid atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí agus atá cosanta ar na forais seo a leanas:

(a) rúndacht tráchtála, lena n-áirítear rúin ghnó, ghairmiúla nó chuideachta;

(b) rúndacht staidrimh;

(c) cearta maoine intleachtúla tríú páirtithe a chosaint; nó

(d) cosaint sonraí pearsanta, a mhéid nach dtagann na sonraí sin faoi raon feidhme Roinn 2 de Chaibidil VIIc;

(56) ciallaíonn ‘timpeallacht shlán phróiseála’ an timpeallacht fhisiceach nó fhíorúil agus na modhanna eagraíochtúla chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú go háirithe maidir le cearta na n-ábhar sonraí, cearta maoine intleachtúla, agus rúndacht tráchtála agus staidrimh, sláine agus inrochtaineacht, chomh maith leis an dlí náisiúnta is infheidhme, agus chun a cheadú don eintiteas a sholáthraíonn an timpeallacht shlán phróiseála na gníomhaíochtaí próiseála sonraí uile a chinneadh agus a mhaoirsiú, lena n-áirítear sonraí a thaispeáint, a stóráil, a íoslódáil agus a onnmhairiú agus sonraí díorthacha a ríomh trí algartaim ríomhaireachtúla;

(57) ciallaíonn ‘athúsáideoir’ duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart chun sonraí nó doiciméid atá i seilbh comhlachta earnála poiblí nó gnóthais phoiblí faoi Chaibidil VIIc a athúsáid nó chun taighde a dhéanamh ar shonraí nó ar chatagóirí áirithe sonraí cosanta;

(58) ciallaíonn ‘formáid mheaisín-inléite’ formáid chomhaid atá struchtúrtha ionas gur féidir le feidhmchláir bogearraí sonraí sonracha a shainaithint, a aithint agus a asbhaint go héasca, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach;

(59) ciallaíonn ‘formáid oscailte’ formáid chomhaid atá neamhspleách ar ardán agus a chuirtear ar fáil don phobal gan aon srian a chuireann bac ar athúsáid doiciméad;

(60) ciallaíonn ‘caighdeán oscailte foirmiúil’ caighdeán a leagadh síos i bhfoirm scríofa, ina sonraítear sonraíochtaí le haghaidh na gceanglas maidir le conas idir-inoibritheacht bogearraí a áirithiú;

(61) ciallaíonn ‘toradh réasúnta ar infheistíocht’ céatadán den mhuirear foriomlán, sa bhreis ar an méid is gá chun na costais incháilithe a aisghabháil, nach mó ná 5 phointe céatadáin os cionn ráta seasta úis BCE;

(62) ciallaíonn ‘ceanglas logánaithe sonraí’ aon oibleagáid, toirmeasc, coinníoll, teorainn nó ceanglas eile dá bhforáiltear i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin Ballstáit nó atá mar thoradh ar chleachtais riaracháin ghinearálta agus chomhsheasmhacha i mBallstát agus i gcomhlachtaí arna rialú leis an dlí poiblí, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí, gan dochar do Threoir 2014/24/AE, lena bhforchuirtear próiseáil sonraí i gcríoch Ballstáit ar leith nó lena gcuirtear bac ar phróiseáil sonraí in aon Bhallstát eile;

(63) ciallaíonn ‘bréagainmniú’ bréagainmniú dá dtagraítear faoi Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2016/679.’

3. in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. In imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil an sealbhóir sonraí ar sealbhóir rúin trádála é in ann a léiriú, d’ainneoin na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil arna ndéanamh ag an úsáideoir de bhun mhír 6 den Airteagal seo, gur rídhócha go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch dó mar gheall ar rúin trádála a nochtadh, nó mar gheall ar rúin trádála a nochtadh don úsáideoir, go bhfuil ardriosca ann go bhfaighfear, go n-úsáidfear nó go nochtfar rúin trádála d’eintitis tríú tír, nó d’eintitis atá bunaithe san Aontas faoi rialú díreach nó indíreach na n-eintiteas sin, atá faoi réir dlínsí a thugann cosaint níos laige nó cosaint neamhchoibhéiseach i gcomparáid leis an gcosaint sin faoi dhlí an Aontais, féadfaidh an sealbhóir sonraí sin diúltú, ar bhonn cás ar chás, d’iarraidh ar rochtain ar na sonraí sonracha atá i gceist. Beidh bunús cuí leis an léiriú sin ar bhonn

eilimintí oibiachtúla, amhail in-fhorfheidhmitheacht na cosanta ar rúin trádála i dtríú tíortha, cineál agus leibhéal rúndachta na sonraí arna n-iarraidh, agus uathúlacht agus úrnuacht an táirge nasctha. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i scríbhinn don úsáideoir gan moill mhíchuí. I gcás ina ndiúltaíonn an sealbhóir sonraí sonraí a chomhroinnt de bhun na míre seo, tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37.';

4. in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

'11. In imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil an sealbhóir sonraí ar sealbhóir rúin trádála é in ann a léiriú, d'ainneoin na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil arna ndéanamh ag an tríú páirtí de bhun mhír 9 den Airteagal seo, gur rídhócha go ndéanfar damáiste tromchúiseach eacnamaíoch dó mar gheall ar rúin trádála a nochtadh nó mar gheall ar rúin trádála a nochtadh don tríú páirtí go bhfuil ardriosca ann go bhfaighfear, go n-úsáidfear nó go nochtfar rúin trádála d'eintitis tríú tír, nó d'eintitis atá bunaithe san Aontas faoi rialú díreach nó indíreach na n-eintiteas sin, atá faoi réir dlínsí a thugann cosaint níos laige nó cosaint neamhchoibhéiseach i gcomparáid leis an gcosaint sin faoi dhlí an Aontais, féadfaidh an sealbhóir sonraí sin iarraidh ar rochtain ar na sonraí sonracha atá i gceist a dhiúltú ar bhonn cás ar chás. Beidh bunús cuí leis an léiriú sin ar bhonn eilimintí oibiachtúla, amhail in-fhorfheidhmitheacht na cosanta ar rúin trádála i dtríú tíortha, cineál agus leibhéal rúndachta na sonraí arna n-iarraidh, agus uathúlacht agus úrnuacht an táirge nasctha. Soláthrófar an fhaisnéis sin i scríbhinn don tríú páirtí gan moill mhíchuí. I gcás ina ndiúltaíonn an sealbhóir sonraí sonraí a chomhroinnt de bhun na míre seo, tabharfaidh sé fógra don údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37.';

5. cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil V:

**'SONRAÍ A CHUR AR FÁIL DO CHOMHLACHTAÍ EARNÁLA POIBLÍ, DON CHOIMISIÚN, DON BHANC CEANNAIS EORPACH AGUS DO CHOMHLACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS AR BHONN ÉIGEANDÁIL PHOIBLÍ';**

6. Scriostar Airteagail 14 agus 15;

7. cuirtear isteach an tAirteagal 15a seo a leanas:

'Airteagal 15a

*Oibleagáid ar shealbhóirí sonraí sonraí a chur ar fáil ar bhonn éigeandáil phoiblí*

1. I gcás ina léiríonn comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais go bhfuil gá eisceachtúil le sonraí áirithe a úsáid chun a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh ar mhaithe le leas an phobail agus freagairt d'éigeandáil phoiblí, í a mhaolú nó tacú le téarnamh uaithi, féadfaidh sé a iarraidh ar shealbhóirí sonraí ar daoine dlítheanacha iad, seachas comhlachtaí earnála poiblí, na sonraí sin a chur ar fáil, lena n-áirítear na meiteashonraí is gá chun na sonraí sin a léirmhíniú agus a úsáid. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe den sórt sin, cuirfidh sealbhóirí sonraí na sonraí agus na meiteashonraí ar fáil don chomhlacht earnála poiblí iarrthach, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais. Féadfar iarrataí den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás inar gá staidreamh oifigiúil a thabhairt ar aird i ndáil le héigeandáil phoiblí.

2. I gcás ina bhfuil gá leis na sonraí a iarrtar chun freagairt d'éigeandáil phoiblí, agus nach bhfuil an comhlacht iarrthach de bhun mhír 1 in ann na sonraí sin a fháil ar bhealaí eile ar bhealach tráthúil agus éifeachtach faoi choinníollacha coibhéiseacha, bainfidh an iarraidh le sonraí neamhphearsanta. I gcás nach leor soláthar sonraí neamhphearsanta chun aghaidh a thabhairt ar an éigeandáil phoiblí, féadfar sonraí pearsanta a iarraidh freisin agus, i gcás inar féidir, a chur ar fáil i bhfoirm bhréagainmnithe, faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun a gcosaint a áirithiú.

3. I gcás ina bhfuil gá leis na sonraí a iarrtar chun téarnamh ó éigeandáil phoiblí a mhaolú nó chun tacú leis, féadfaidh comhlacht iarrthach de bhun mhír 1, ag gníomhú dó ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta, sonraí neamhphearsanta sonracha a iarraidh, a gcuireann a n-easpa cosc air téarnamh ó éigeandáil phoiblí a mhaolú nó tacú leis. Ní dhéanfar iarrataí den sórt sin chuig micrifhiontair agus fiontair bheaga.';

8. in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Ní bheidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann comhlachtaí earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlachtaí de chuid an Aontais a bhaineann le cionta coiriúla nó riaracháin a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó le pionóis choiriúla a fhorghníomhú, ná le riarachán custaim nó cánachais. Ní dhéanann an Chaibidil seo difear do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta lena rialaítear na gníomhaíochtaí sin.'

9. Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Agus sonraí á n-iarraidh de bhun Airteagal 15a, déanfaidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais an méid seo a leanas:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha chun iarraidh a dhéanamh faoi Airteagal 15a;

(c) míniú a thabhairt ar chuspóir na hiarrata, ar úsáid bheartaithe na sonraí arna n-iarraidh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ag tríú páirtí i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, ar fhad na húsáide sin, agus, i gcás inarb ábhartha, ar an gcaoi a bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta le haghaidh a thabhairt ar an éigeandáil phoiblí;';

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) beidh siad comhréireach leis an éigeandáil phoiblí agus beidh údar cuí leo, maidir le gráinneacht agus méid na sonraí a iarrtar agus maidir le minicíocht na rochtana ar na sonraí a iarrtar;';

(ii) scriostar pointe (e).;

(c) scriostar míreanna 5 agus 6;

10. Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘2. Gan dochar do riachtanais shonracha maidir le hinfhaighteacht sonraí a shainítear i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta, féadfaidh sealbhóir sonraí iarraidh ar shonraí a chur ar fáil faoin gCaibidil seo a dhiúltú, nó modhnú na hiarrata sin a lorg gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis iarraidh a fháil de bhun Airteagal 15a(2), agus gan moill mhíchuí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis iarraidh a fháil de bhun Airteagal 15a(3), ar aon cheann de na forais seo a leanas:’;

(b) scriostar mír 5;

11. Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Déanfaidh comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais a fhaigheann sonraí de bhun iarraidh arna déanamh faoi Airteagal 15a an méid seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní cheanglófar rúin trádála a nochtadh do chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach ná do chomhlacht de chuid an Aontais ach amháin a mhéid a bhfuil géarghá leis chun cuspóir iarrata a bhaint amach faoi Airteagal 15a. I gcás mar sin, déanfaidh an sealbhóir sonraí nó, i gcás nach iad an duine céanna iad, an sealbhóir rúin trádála, na sonraí atá faoi chosaint mar rúin trádála a shainaithint, lena n-áirítear sna meiteashonraí ábhartha. Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais, sula nochtfar rúin trádála, gach beart teicniúil agus eagraíochtúil is gá agus is iomchuí chun rúndacht na rún trádála a chaomhnú, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, téarmaí conarthacha eiseamláireacha, caighdeáin theicniúla a úsáid agus cóid iompair a chur i bhfeidhm.’;

12. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20:

‘Airteagal 20

*Cúiteamh as sonraí a chur ar fáil faoi Chaibidil V*

1. Cuirfidh sealbhóirí sonraí na sonraí is gá chun freagairt d’éigeandáil phoiblí de bhun Airteagal 15a(2) ar fáil saor in aisce. Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó an comhlacht de chuid an Aontais a fuair sonraí admháil phoiblí a thabhairt do shealbhóir na sonraí má iarrann sealbhóir na sonraí amhlaidh.

2. Beidh an sealbhóir sonraí i dteideal cúiteamh cóir as sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le hiarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 15a(3). Le cúiteamh den sórt sin, cumhdófar na costais theicniúla agus eagraíochtúla a tabhaíodh i dtaca leis an iarraidh a chomhlíonadh, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, na costais maidir le hanaithnidiú, bréagainmniú, comhiomlánú agus oiriúnú teicniúil, agus móide corrlach réasúnta. Arna iarraidh sin don chomhlacht earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach nó do chomhlacht de chuid an Aontais, soláthróidh an sealbhóir sonraí faisnéis ar bhonn ríomh na gcostas agus an chorrlaigh réasúnta.

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh sealbhóir sonraí ar micrifhiontar nó fiontar beag é cúiteamh a éileamh as sonraí a chur ar fáil mar

fhreagairt ar iarraidh faoi Airteagal 15a(2), de réir na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo.

4. Ní bheidh sealbhóirí sonraí i dteideal cúiteamh a fháil as sonraí a chur ar fáil i gcomhréir le hiarraidh arna déanamh de bhun Airteagal 15a(3), i gcás inarb é an cúram sonrach a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail staidreamh oifigiúil a tháirgeadh agus i gcás nach gceadaítear leis an dlí náisiúnta sonraí a cheannach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i gcás nach gceadaítear leis an dlí náisiúnta sonraí a cheannach chun staidreamh oifigiúil a tháirgeadh.';

13. Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

'**Sonraí a fhaightear i gcomhthéacs éigeandáil phoiblí a chomhroinnt le heagraíochtaí taighde nó le comhlachtaí staidrimh**';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag comhlacht earnála poiblí, ag an gCoimisiún, ag an mBanc Ceannais Eorpach nó ag comhlacht de chuid an Aontais sonraí a tharchur nó a chur ar fáil faoi mhír 1, tabharfaidh sé fógra gan moill mhíchuí don sealbhóir sonraí óna bhfuarthas na sonraí, agus luafaidh sé an méid seo a leanas:

(a) céannacht agus sonraí teagmhála na heagraíochta nó an duine aonair a fhaigheann na sonraí;

(b) an cuspóir atá leis na sonraí a tharchur nó a chur ar fáil;

(c) an tréimhse ar lena linn a úsáidfear na sonraí agus an chosaint theicniúil;

(d) na bearta eagraíochtúla a rinneadh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil sonraí pearsanta nó rúin trádála i gceist.';

14. Cuirtear isteach an tAirteagal 22a seo a leanas roimh Chaibidil VI:

'Airteagal 22a

*Ceart chun gearán a thaisceadh*

I gcás ina dtagann díospóid chun cinn maidir le hiarraidh ar shonraí faoi Airteagal 15a, lena n-áirítear diúltú, modhnú, leibhéal an chúitimh, nó tarchur nó cur ar fáil sonraí, féadfaidh an sealbhóir sonraí, an comhlacht earnála poiblí, an Coimisiún, an Banc Ceannais Eorpach nó comhlacht de chuid an Aontais gearán a thaisceadh le húdarás inniúil, arna ainmniú de bhun Airteagal 37, an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe.';

15. in Airteagal 31, cuirtear isteach na míreanna 1a agus 1b seo a leanas:

'1a. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil VI, cé is moite d'Airteagal 29, agus in Airteagal 34 maidir le seirbhísí próiseála sonraí seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagal 30(1), i gcás inar chuir an soláthraí formhór ghnéithe agus fheidhmiúlachtaí na seirbhíse próiseála sonraí in oiriúint do riachtanais shonracha an chustaiméara, má tá soláthar na seirbhísí

sin bunaithe ar chonradh a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin.

Ní cheanglófar ar sholáthraí na seirbhísí próiseála sonraí sin conradh chun na seirbhísí sin a sholáthar a athchaibidliú nó a leasú sula rachaidh sé in éag má tugadh an conradh sin i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin. Aon fhoráil chonarthach sa chonradh sin atá contrártha d'Airteagal 29(1), (2), nó (3), measfar go bhfuil sí ar neamhní.

1b. Féadfaidh soláthraí seirbhíse próiseála sonraí forálacha a chur san áireamh maidir le pionóis chomhréireacha luathfhoirceannta i gconradh ar feadh tréimhse seasta maidir le soláthar seirbhísí próiseála sonraí seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagal 30(1).

I gcás inar fiontar beag agus meánmhéide nó cuideachta mheánchaipitlithe bheag é soláthraí seirbhíse próiseála sonraí, ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil VI, cé is moite d'Airteagal 29, agus in Airteagal 34 maidir le seirbhísí próiseála sonraí seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagal 30(1), má tá soláthar na seirbhísí sin bunaithe ar chonradh a tugadh i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin.

I gcás inar fiontar beag agus meánmhéide nó cuideachta mheánchaipitlithe bheag é soláthraí seirbhíse próiseála sonraí, ní cheanglófar ar an soláthraí conradh a athchaibidliú ná a leasú chun seirbhís próiseála sonraí a sholáthar seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear in Airteagal 30(1) sula rachaidh sé in éag 1 má tugadh an conradh sin i gcrích roimh an 12 Meán Fómhair 2025 nó ar an dáta sin. Aon fhoráil chonarthach sa chonradh sin atá contrártha d'Airteagal 29(1), (2), nó (3), measfar go bhfuil sí ar neamhní go hiomlán.';

16. Leasaítear Airteagal 32 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

'1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, an comhlacht earnála poiblí a chuireann sonraí nó doiciméid ar fáil i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí nó doiciméid a athúsáid i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí gach beart teicniúil, eagraíochtúil agus dlíthiúil is leordhóthanach, lena n-áirítear conarthaí, chun cosc a chur ar rochtain agus aistriú rialtasach idirnáisiúnta agus tríú tír ar shonraí neamhphearsanta atá á sealbhú san Aontas i gcás ina mbeadh an t-aistriú nó an rochtain sin ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha, gan dochar do mhír 2 nó 3.

2. Aon chinneadh nó breithiúnas ó chúirt nó binse tríú tír, agus aon chinneadh ó údarás riaracháin tríú tír lena gceanglaítear ar sholáthraí seirbhísí próiseála sonraí, ar an gcomhlacht earnála poiblí a chuireann sonraí nó doiciméid ar fáil i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, ar an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí nó doiciméid a athúsáid i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, ar sholáthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó ar eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí, sonraí neamhphearsanta atá á gcoinneáil san Aontas a aistriú nó rochtain a thabhairt orthu, ní aithneofar iad ná ní bheidh siad in-fhorfheidhmithe ar aon bhealach ach amháin má tá siad bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, amhail conradh um chúnamh dlíthiúil

frithpháirteach, atá i bhfeidhm idir an tríú tír iarrthach agus an tAontas, nó aon chomhaontú den sórt sin idir an tríú tír iarrthach agus Ballstát.';

(b) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'3. In éagmais comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 2, i gcás inarb é soláthraí seirbhísí próiseála sonraí, an comhlacht earnála poiblí a chuireann sonraí nó doiciméid ar fáil i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí nó doiciméid a athúsáid i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí seolaí cinnidh nó breithiúnais ó chúirt nó binse tríú tír nó cinnidh ó údarás riaracháin tríú tír chun sonraí neamhphearsanta a aistriú nó rochtain a thabhairt orthu a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo atá á gcoinneáil san Aontas agus go mbeadh an baol ann go mbeadh an seolaí ar neamhréir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta an Bhallstáit ábhartha dá gcomhlíonfaí cinneadh nó breithiúnas den sórt sin, ní dhéanfar na sonraí sin a aistriú chuig an údarás tríú tír sin ná rochtain a thabhairt orthu ach amháin sna cásanna seo a leanas:';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

'4. Má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i míreanna 2 nó 3, soláthróidh an soláthraí seirbhísí próiseála sonraí, an comhlacht earnála poiblí a chuireann sonraí nó doiciméid ar fáil i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí nó doiciméid a athúsáid i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó an eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí an t-íosmhéid sonraí is incheadaithe mar fhreagra ar iarraidh, ar bhonn léirmhíniú réasúnta ar an iarraidh sin ag an soláthraí nó ag an gcomhlacht nó údarás náisiúnta ábhartha dá dtagraítear i mír 3, an dara fomhír.

5. An soláthraí seirbhísí próiseála sonraí, an comhlacht earnála poiblí a chuireann sonraí nó doiciméid ar fáil i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, an duine nádúrtha nó dlítheanach dár deonaíodh an ceart sonraí nó doiciméid a athúsáid i gcomhréir le Caibidil VIIc Roinn 3, an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó an eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí, cuirfidh siad an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhféadfaí difear a dhéanamh dá chearta agus dá leasanna ar an eolas faoi iarraidh a bheith déanta ag údarás tríú tír ar rochtain a fháil ar a shonraí sula gcomhlíonfaidh siad an iarraidh sin, ach amháin i gcás ina bhfónann an iarraidh sin chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus a fhad is gá sin chun éifeachtacht na gníomhaíochta forfheidhmithe dlí a chaomhnú.';

17. Scriostar Airteagal 36.

18. cuirtear na Caibidlí VIIa, VIIb agus VIIc seo a leanas isteach:

## ‘CAIBIDIL VIIa
## SEIRBHÍSÍ IDIRGHABHÁLA SONRAÍ
## AGUS EAGRAÍOCHTAÍ ALTRÚCHAIS SONRAÍ’

Airteagal 32a

*Cláir phoiblí de chuid an Aontais*

(1) Coimeádfaidh an Coimisiún cláir phoiblí de chuid an Aontais agus tabharfaidh sé cothrom le dáta go rialta iad maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta agus

(b) eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.

(2) Féadfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí atá cláraithe i gclár poiblí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), an lipéad ‘soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí a aithnítear san Aontas’ a úsáid ina chumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal, chomh maith le lógó coiteann dá dtagraítear i mír 4.

(3) Féadfaidh eagraíochtaí altrúchais sonraí atá cláraithe i gclár poiblí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), an lipéad ‘eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas’ a úsáid ina chumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal, chomh maith leis an lógó coiteann dá dtagraítear i mír 4.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí a aithnítear san Aontas inaitheanta go héasca ar fud an Aontais, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear dearadh don lógó coiteann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 46(1a).

Airteagal 32b

*Údaráis inniúla maidir le clárú soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí*

(1) Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 37(1).

(2) Cuirfear na húdaráis inniúla ar bun ar bhealach lena ráthófar a neamhspleáchas ar aon soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó ar aon eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí.

Airteagal 32c

*Ceanglais ghinearálta maidir le clárú soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta*

Chun cáiliú do chlárú i gclár poiblí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 32a mír 1 pointe (a), comhlíonfaidh soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí na ceanglais uile seo a leanas:

(a) ní úsáideann siad na sonraí dá soláthraíonn sé seirbhísí idirghabhála sonraí chun críoch eile seachas iad a chur ar fáil d’úsáideoirí sonraí;

(b) na sonraí a bhailíonn siad i ndáil le haon ghníomhaíocht de chuid duine nádúrtha nó dlítheanach chun an tseirbhís idirghabhála sonraí a sholáthar, lena n-áirítear na sonraí maidir le dáta, am agus geoshuíomh, fad na gníomhaíochta agus naisc le daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile arna mbunú ag an duine a úsáideann an tseirbhís

idirghabhála sonraí, ní úsáidtear na sonraí sin ach amháin chun an tseirbhís idirghabhála sonraí sin a fhorbairt;

(c) i gcás ina dtairgeann siad uirlisí agus seirbhísí breise do shealbhóirí sonraí nó d'ábhair sonraí chun malartú sonraí a éascú go sonrach, amhail stóráil shealadach, coimeádaíocht, tiontú, criptiú, anaithnidiú agus bréagainmniú, ní úsáidtear na huirlisí agus na seirbhísí sin ach amháinar iarraidh shainráite nó ar fhormheas sainráite ón sealbhóir sonraí nó ón ábhar sonraí;

(d) i gcás ina dtairgeann soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí nach micrifhiontair agus fiontair bheaga iad seirbhísí breisluacha dá gcliaint seachas na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe (c), comhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

  (i) iarrann an t-úsáideoir na seirbhísí breisluacha go sainráite;

  (ii) ní úsáidtear na sonraí chun críoch eile seachas chun an tseirbhís breisluacha a dhéanamh;

  (iii) tairgtear na seirbhísí breisluacha trí eintiteas atá go feidhmiúil;

  (iv) níl an gnóthas atá ag iarraidh na seirbhísí breisluacha a thairiscint ainmnithe mar gheatóir de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925;

  (v) na téarmaí tráchtála, lena n-áirítear praghsáil, maidir le seirbhísí idirghabhála sonraí a sholáthar do shealbhóir sonraí nó d'úsáideoir sonraí, níl siad ag brath ar cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an sealbhóir sonraí nó an t-úsáideoir sonraí seirbhísí breisluacha arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó ag eintiteas gaolmhar;

(e) gníomhaíonn an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí a thairgeann seirbhísí d'ábhair sonraí chun leas na n-ábhar sonraí i gcás ina n-éascaíonn sé feidhmiú a gceart, go háirithe trí ábhair sonraí a chur ar an eolas agus, i gcás inarb iomchuí, comhairle a chur orthu ar bhealach atá gonta, trédhearcach, intuigthe agus inrochtana go héasca maidir leis na húsáidí sonraí atá beartaithe ag úsáideoirí sonraí agus maidir leis na téarmaí agus coinníollacha caighdeánacha a ghabhann leis na húsáidí sin sula dtugann na hábhair sonraí toiliú.

Airteagal 32d

*Ceanglais ghinearálta maidir le clárú eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí*

Chun cáiliú do chlárú i gclár poiblí de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airt. 32a mír 1 pointe (b), comhlíonfaidh eagraíocht altrúchais sonraí na ceanglais uile seo a leanas:

(a) déanann siad gníomhaíochtaí altrúchais sonraí;

(b) is duine dlítheanach atá i gceist arna bhunú de bhun an dlí náisiúnta chun cuspóirí leasa ghinearálta a chomhlíonadh dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta, i gcás inarb infheidhme;

(c) feidhmíonn siad ar bhonn neamhbhrabúsach agus tá siad neamhspleách go dlíthiúil ar aon eintiteas a oibríonn ar bhonn brabúsach;

(d) déanann siad a ngníomhaíochtaí altrúchais sonraí trí struchtúr atá scartha go feidhmiúil óna ngníomhaíochtaí eile.

Airteagal 32e

*Clárú*

(1) Féadfaidh soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 32c iarratas ar chlárú i gclár poiblí de chuid an Aontais de sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta a chur faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 32b sa Bhallstát ina bhfuil a bpríomhbhunaíocht acu.

Féadfaidh eagraíocht altrúchais sonraí a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 32d iarratas ar chlárú i gclár poiblí de chuid an Aontais d'eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 32b sa Bhallstát ina bhfuil a bpríomhbhunaíocht.

(2) Ainmneoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí nach bhfuil aon phríomhbhunaíocht acu san Aontas ionadaí dlíthiúil i gceann de na Ballstáit. Beidh sainordú ag údaráis inniúla nó ag ábhair sonraí agus sealbhóirí sonraí chun dul i dteagmháil leis an ionadaí dlíthiúil sa bhreis ar an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí, nó an eagraíocht altrúchais sonraí, nó ina ionad. Comhoibreoidh an t-ionadaí dlíthiúil leis an údarás inniúil agus léireoidh sé go cuimsitheach dó, arna iarraidh sin dó, na gníomhaíochtaí arna ndéanamh agus na forálacha arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó ag an eagraíocht altrúchais sonraí chun comhlíonadh an Rialacháin seo a áirithiú.

Measfar an soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó an eagraíocht altrúchais sonraí a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil an t-ionadaí dlíthiúil lonnaithe. Beidh ainmniú ionadaí dhlíthiúil gan dochar d'aon chaingean dlí a d'fhéadfaí a thionscnamh i gcoinne an tsoláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó na heagraíochta altrúchais sonraí.

(3) Bunóidh na húdaráis inniúla na foirmeacha iarratais is gá.

(4) I gcás inar thíolaic soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí an fhaisnéis uile is gá de bhun mhír 3 den Airteagal seo, agus ina gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 32c, déanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh, laistigh de 12 sheachtain tar éis dó an t-iarratas ar chlárú a fháil, i dtaobh an gcomhlíonann an soláthraí na critéir a leagtar amach in Airteagal 32c. I gcás ina gcomhlíonann an soláthraí na critéir, cuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin agus cláróidh an Coimisiún na soláthraithe i gclár poiblí de chuid an Aontais mar sholáthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta.

Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin i gcás inar thíolaic eagraíocht altrúchais sonraí an fhaisnéis uile is gá de bhun mhír 2, agus ina gcomhlíonann sí na ceanglais chlárúcháin a leagtar amach in Airteagal 32d.

Beidh an clárú i gclár poiblí de chuid an Aontais bailí i ngach Ballstát.

(5) Féadfaidh an t-údarás inniúil táillí a ghearradh as an gclárú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Beidh na táillí sin comhréireach agus oibiachtúil agus beidh siad bunaithe ar na costais riaracháin a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh. I gcás cuideachtaí meánchaipitlithe beaga, fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus gnólachtaí nuathionscanta, féadfaidh an t-údarás inniúil táille lascainithe a ghearradh nó an táille a tharscaoileadh.

(6) Tabharfaidh eintitis chláraithe fógra don údarás inniúil faoi aon athrú ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis arna soláthar le linn an phróisis iarratais nó i gcás ina scoirfidh siad dá ngníomhaíochtaí idirghabhála sonraí nó altrúchais sonraí san Aontas.

(7) Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra don Choimisiún gan mhoill agus trí mheán leictreonach faoi aon fhógra de bhun mhír 6. Déanfaidh an Coimisiún clár poiblí de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta gan moill mhíchuí.

Airteagal 32f

*Dualgais eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí*

(1) Cuirfidh eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí ábhair sonraí nó sealbhóirí sonraí ar an eolas ar bhealach soiléir sothuigthe faoin méid seo a leanas sula ndéanfar aon phróiseáil ar a gcuid sonraí:

(a) na cuspóirí leasa ghinearálta agus, más infheidhme, an chríoch shonraithe, shainráite agus dhlisteanach dá bhfuil sonraí pearsanta le próiseáil, agus dá gceadaíonn sé d'úsáideoir sonraí a gcuid sonraí a phróiseáil;

(b) suíomh na próiseála agus na cuspóirí leasa ghinearálta dá gceadaíonn sí aon phróiseáil a dhéantar i dtríú tír, i gcás inarb í an eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí a dhéanann an phróiseáil.

(2) Ní úsáidfidh eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí na sonraí le haghaidh cuspóirí eile seachas na cuspóirí leasa ghinearálta ar ina leith a cheadaíonn an t-ábhar sonraí nó an sealbhóir sonraí an phróiseáil. Ní bhainfidh an eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí úsáid as cleachtais mhargaíochta mhíthreoracha chun soláthar sonraí a iarraidh.

(3) Soláthróidh eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí modhanna leictreonacha chun toiliú a fháil ó ábhair sonraí nó ceadanna chun sonraí a chuireann sealbhóirí sonraí ar fáil a phróiseáil agus chun iad a tharraingt siar.

(4) Cuirfidh eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí sealbhóirí sonraí ar an eolas gan mhoill i gcás aon aistriú neamhúdaraithe ar na sonraí neamhphearsanta a roinn siad, aon rochtain neamhúdaraithe orthu nó aon úsáid neamhúdaraithe a bhaintear astu.

(5) I gcás ina n-éascaíonn eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí próiseáil sonraí ag tríú páirtithe, lena n-áirítear trí uirlisí a sholáthar chun toiliú a fháil ó ábhair sonraí nó ceadanna chun sonraí a chuireann sealbhóirí sonraí ar fáil a phróiseáil, sonróidh siad, i gcás inarb ábhartha, an tríú tír ina bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as na sonraí.

Airteagal 32g

*Faireachán ar chomhlíonadh*

(1) Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 32b, ar a dtionscnamh féin nó ar iarraidh ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach, faireachán agus maoirseacht i dtaobh an gcomhlíonann soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta agus eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil seo, lena n-áirítear an leanann siad de na ceanglais maidir le clárú a leagtar síos inti a chomhlíonadh.

(2) Beidh sé de chumhacht ag na húdaráis inniúla an fhaisnéis uile is gá a iarraidh ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó ar eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí, nó ar a n-ionadaí dlíthiúil, chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Chaibidil seo a fhíorú. Beidh aon iarraidh ar fhaisnéis comhréireach le feidhmiú an chúraim agus beidh sí réasúnaithe.

(3) I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil nach gcomhlíonann soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí ceann amháin

nó níos mó de na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil seo, tabharfaidh sé fógra don eintiteas sin, nó dá ionadaí dlíthiúil, faoi na torthaí sin agus tabharfaidh sé deis dó a thuairimí a chur in iúl, laistigh de 30 lá ón bhfógra a fháil.

(4) Beidh sé de chumhacht ag an údarás inniúil a cheangal go scoirfear den neamhchomhlíonadh dá dtagraítear i mír 3 láithreach nó laistigh de theorainn ama réasúnta agus déanfaidh sé bearta iomchuí comhréireacha chun comhlíonadh a áirithiú.

(5) Mura gcomhlíonann soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar síos sa Chaibidil seo fiú tar éis fógra a fháil i gcomhréir le mír 3, déanfar an méid seo a leanas i ndáil leis an eintiteas:

(a) caillfidh sé an ceart atá aige an lipéad dá dtagraítear in Airteagal 32a a úsáid i gcumarsáid i scríbhinn agus ó bhéal;

(b) bainfear de chlár poiblí an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 32a é.

Poibleoidh an t-údarás inniúil aon chinneadh lena gcúlghairtear an ceart chun an lipéad a úsáid dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a).

## ‘CAIBIDIL VIIb

## Saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta san Aontas’

‘Airteagal 32h

*Toirmeasc ar cheanglais logánaithe le haghaidh sonraí neamhphearsanta laistigh den Aontas*

(1) Cuirfear toirmeasc ar cheanglais logánaithe sonraí le haghaidh sonraí neamhphearsanta, ach amháin má tá údar leo ar fhorais na slándála poiblí i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta nó má leagtar síos iad ar bhonn dhlí an Aontais.

(2) Cuirfidh na Ballstáit in iúl láithreach don Choimisiún aon dréachtghníomh lena dtabharfar isteach ceanglas nua logánaithe sonraí nó lena ndéanfar athruithe ar cheanglas logánaithe sonraí atá ann cheana i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 5, 6 agus 7 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.’

## Caibidil VIIc

## Athúsáid sonraí agus doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí

### ROINN 1

### FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 32i

*Ábhar agus raon feidhme*

(1) Bunaítear leis an gCaibidil seo sraith rialacha lena rialaítear an athúsáid agus na socruithe praiticiúla chun athúsáid na nithe seo a leanas a éascú:

(a) sonraí agus doiciméid atá ann cheana atá i seilbh chomhlachtaí earnála poiblí na mBallstát, lena n-áirítear catagóirí áirithe sonraí cosanta;

(b) sonraí agus doiciméid atá ann cheana atá i seilbh gnóthas poiblí agus ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) tá siad gníomhach sna réimsí dá dtagraítear i gCaibidil II de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(ii) tá siad ag gníomhú mar oibreoirí seirbhíse poiblí de bhun Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(iii) tá siad ag gníomhú mar aeriompróirí a chomhlíonann oibleagáidí seirbhíse poiblí de bhun Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; nó

(iv) tá siad ag gníomhú mar longúinéirí Comhphobail a chomhlíonann oibleagáidí seirbhíse poiblí de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle;

(c) sonraí taighde de bhun na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 32t.

(2) Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraí agus doiciméid a bhfuil a soláthar ina ghníomhaíocht atá lasmuigh de raon feidhme chúraimí poiblí na gcomhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann mar a shainítear leis an dlí nó le rialacha ceangailteacha eile sa Bhallstát, nó in éagmais rialacha den sórt sin, mar a shainítear i gcomhréir leis an gcleachtas riaracháin coiteann sa Bhallstát atá i gceist, ar choinníoll go bhfuil raon feidhme na gcúraimí poiblí trédhearcach agus faoi réir a athbhreithnithe;

(b) sonraí agus doiciméid atá i seilbh gnóthas poiblí agus:

(i) a táirgeadh lasmuigh den raon feidhme a bhaineann le soláthar seirbhísí leasa ghinearálta mar a shainítear leis an dlí nó le rialacha ceangailteacha eile sa Bhallstáit;

(ii) a bhaineann le gníomhaíochtaí atá neamhchosanta go díreach ar iomaíocht agus, dá bhrí sin, de bhun Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, nach bhfuil faoi réir rialacha soláthair;

(c) sonraí agus doiciméid, amhail sonraí íogaire, a eisiatar ó rochtain de bhua na gcóras rochtana sa Bhallstát ar fhorais chosaint na slándála náisiúnta (mar atá, slándáil an Stáit), na cosanta, nó na slándála poiblí;

(d) sonraí agus doiciméid atá i seilbh craoltóirí seirbhíse poiblí agus a bhfochuideachtaí, agus i seilbh comhlachtaí eile nó a bhfochuideachtaí chun sainchúram craolacháin seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(3) Níl feidhm ag Roinn 2 den Chaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraí nó doiciméid, amhail sonraí íogaire nó doiciméid íogaire, a eisiatar ó rochtain de bhua na gcóras rochtana sa Bhallstát, lena n-áirítear ar na forais seo a leanas:

(i) rúndacht staidrimh;

(ii) rúndacht tráchtála (lena n-áirítear rúin ghnó, ghairmiúla nó chuideachta);

(b) sonraí nó doiciméid, a bhfuil rochtain orthu srianta de bhua na gcóras rochtana sna Ballstáit,

(i) lena n-áirítear cásanna inar gá do shaoránaigh nó d'eintitis dhlíthiúla a chruthú go bhfuil leas ar leith acu rochtain a fháil ar dhoiciméid;

(ii) ar fhorais cosanta sonraí pearsanta, agus codanna de shonraí nó de dhoiciméid ar féidir rochtain a fháil orthu de bhua na gcóras sin ina bhfuil sonraí pearsanta ar sainíodh sa dlí go bhfuil a n-athúsáid ar neamhréir leis an dlí a bhaineann le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta nó go mbaineann a n-athúsáid an bonn de chosaint phríobháideacht agus shláine an duine aonair, go háirithe i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta; lógónna, suaitheantais agus ionchomharthaí:

(c) sonraí nó doiciméid a bhfuil cearta maoine intleachtúla ag tríú páirtithe ina leith;

(d) sonraí nó doiciméid atá i seilbh bunaíochtaí cultúrtha seachas leabharlanna, lena n-áirítear leabharlanna ollscoile, músaeim agus cartlanna;

(e) sonraí nó doiciméid atá i seilbh bunaíochtaí oideachais dara leibhéal agus leibhéal is ísle agus, i gcás gach bunaíochta oideachais eile, sonraí seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 1, pointe (c);

(f) sonraí nó doiciméid seachas na sonraí nó na doiciméid sin dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), atá i seilbh eagraíochtaí déanta taighde agus eagraíochtaí cistithe taighde, lena n-áirítear eagraíochtaí a bunaíodh chun torthaí taighde a aistriú;

(g) Sonraí nó doiciméid, a bhfuil rochtain orthu eisiata nó srianta ar fhorais eintitis chriticiúil nó faisnéis a bhaineann le cosaint bonneagair chriticiúil mar a shainmhínítear i bpointí (1) agus (4) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2022/2557.

(4) Níl feidhm ag Roinn 3 den Chaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraí agus doiciméid nach catagóirí áirithe de shonraí cosanta iad;

(b) sonraí nó doiciméid atá i seilbh gnóthas poiblí;

(c) sonraí nó doiciméid atá i seilbh bunaíochtaí cultúrtha agus bunaíochtaí oideachais;

(d) sonraí agus doiciméid a chumhdaítear le Roinn 2 den Chaibidil seo.

(5) Cuireann an Chaibidil seo le córais rochtana an Aontais agus le córais rochtana náisiúnta, agus tá sí gan dochar dóibh, go háirithe maidir le rochtain a dheonú ar dhoiciméid oifigiúla agus iad a nochtadh.

(6) Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a fhorchuirtear i gcomhréir leis an gCaibidil seo ach sa mhéid go bhfuil siad ag luí le forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le cearta maoine intleachtúla a chosaint, go háirithe Coinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint (Coinbhinsiún Bheirn), an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (Comhaontú TRIPS)

agus Conradh um Chóipcheart de chuid na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (Conradh EDMI maidir le Cóipcheart).

(7) An ceart do dhéantóir bunachair sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 7(1) de Threoir 96/9/CE, ní fheidhmeoidh comhlachtaí earnála poiblí é chun cosc a chur ar athúsáid sonraí agus doiciméad nó chun srian a chur ar athúsáid sonraí agus doiciméad thar na teorainneacha a leagtar síos leis an gCaibidil seo.

(8) Rialaítear leis an gCaibidil seo athúsáid sonraí agus doiciméad atá ann cheana agus atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear sonraí agus doiciméid a bhfuil feidhm ag Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leo.

(9) Tá an Chaibidil seo gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta agus do chomhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu an tAontas nó na Ballstáit maidir le cosaint catagóirí sonraí nó doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 2(54).

### Airteagal 32j

*Neamh-idirdhealú*

(1) Aon choinníollacha is infheidhme maidir le hathúsáid sonraí nó doiciméad, beidh siad neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach, comhréireach agus beidh údar oibiachtúil leo maidir leis na catagóirí sonraí nó doiciméad agus cuspóirí na hathúsáide agus cineál na sonraí nó na ndoiciméad a gceadaítear athúsáid ina leith. Ní bhainfear úsáid as na coinníollacha sin chun srian a chur leis an iomaíocht. Beidh feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir le catagóirí inchomparáide athúsáide, lena n-áirítear athúsáid trasteorann.

(2) Má athúsáideann comhlacht earnála poiblí sonraí nó doiciméid mar ionchur le haghaidh a ghníomhaíochtaí tráchtála atá lasmuigh de raon feidhme a chúraimí poiblí, beidh feidhm ag na muirir agus na coinníollacha céanna maidir le soláthar na sonraí nó na ndoiciméad le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin agus atá i bhfeidhm maidir le hathúsáideoirí eile.

### Airteagal 32k

*Socruithe eisiacha*

(1) Beidh athúsáid sonraí nó doiciméad ar fáil do gach gníomhaí féideartha sa mhargadh, fiú má shaothraíonn gníomhaí margaidh amháin nó níos mó táirgí breisluacha bunaithe ar na sonraí nó na doiciméid sin cheana féin. Toirmiscfear comhaontuithe nó socruithe nó cleachtais eile a bhaineann le hathúsáid sonraí nó doiciméad, arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh cearta eisiacha a dheonú nó srian a chur le hinfhaighteacht sonraí nó doiciméad lena n-athúsáid ag eintitis seachas na páirtithe i gcomhaontuithe, socruithe nó cleachtais den sórt sin.

(2) De mhaolú ar mhír 1, i gcás inar gá ceart eisiach chun seirbhís leasa ghinearálta a sholáthar, féadfar an ceart sin a dheonú a mhéid is gá chun an tseirbhís a sholáthar nó chun an táirge a sholáthar faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) deonaítear an ceart eisiach trí ghníomh riaracháin nó trí chomhaontú conarthach i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is

infheidhme agus i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe.

(b) tá na comhaontuithe lena ndeonaítear an ceart eisiach, lena n-áirítear na cúiseanna ar gá ceart den sórt sin a dheonú, trédhearcach agus cuirtear ar fáil go poiblí iad ar líne, i bhfoirm a chomhlíonann dlí ábhartha an Aontais maidir le soláthar poiblí agus an dlí náisiúnta.

(c) cé is moite de chearta eisiacha a bhaineann le digitiú acmhainní cultúrtha, beidh bailíocht na cúise le cearta eisiacha a dheonú maidir le sonraí agus doiciméid a thagann faoi raon feidhme Roinn 2 faoi réir athbhreithniú rialta, agus déanfar athbhreithniú uirthi gach 3 bliana ar aon chuma.

(d) cuirfear socruithe eisiacha arna mbunú an 16 Iúil 2019 nó ina dhiaidh sin ar fáil go poiblí ar líne 2 mhí ar a laghad sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Beidh téarmaí críochnaitheacha na socruithe sin trédhearcach agus cuirfear ar fáil go poiblí iad ar líne.

(3) De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina mbaineann ceart eisiach le digitiú acmhainní cultúrtha, ní bheidh an tréimhse eisiachais níos faide go ginearálta ná 10 mbliana. I gcás inar faide ná 10 mbliana an tréimhse sin, beidh a fad i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme faoi réir athbhreithniú le linn an 11ú bliain agus, más infheidhme, gach 7 mbliana ina dhiaidh sin.

(4) I gcás ceart eisiach dá dtagraítear i mír 3, déanfar cóip de na hacmhainní cultúrtha digitithe a sholáthar saor in aisce don chomhlacht earnála poiblí lena mbaineann mar chuid de na socruithe sin. Beidh an chóip sin ar fáil lena hathúsáid nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse eisiachais.

(5) I gcás catagóirí áirithe sonraí cosanta, ní bheidh fad an chirt eisiach chun sonraí a athúsáid níos faide ná 12 mhí. I gcás ina dtugtar conradh i gcrích, beidh fad an chonartha mar an gcéanna le fad an chirt eisiaigh.

(6) Comhaontuithe nó socruithe nó cleachtais eile arb é is aidhm dóibh, gan ceart eisiach a dheonú go sainráite, srian a chur le hinfhaighteacht sonraí agus doiciméad a thagann faoi raon feidhme Roinn 2 lena n-athúsáid ag eintitis seachas páirtithe sna socruithe sin, nó a bhféadfadh coinne réasúnta a bheith leis go mbeadh infhaighteacht shrianta den sórt sin mar thoradh orthu, cuirfear ar fáil go poiblí ar líne iad 2 mhí ar a laghad sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm. Beidh éifeacht na socruithe dlíthiúla nó praiticiúla sin ar infhaighteacht sonraí lena n-athúsáid faoi réir athbhreithnithe rialta agus, in aon chás, déanfar athbhreithniú orthu gach 3 bliana. Beidh téarmaí críochnaitheacha na socruithe sin trédhearcach agus cuirfear ar fáil go poiblí iad ar líne.

(7) Maidir le socruithe eisiacha atá ann cheana, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) socruithe eisiacha a bhaineann le sonraí agus doiciméid a thagann faoi raon feidhme Roinn 2 agus a bhí ann an 17 Iúil 2013 nach bhfuil incháilithe do na heisceachtaí a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3 agus a rinne comhlachtaí earnála poiblí, déanfar iad a fhoirceannadh ag deireadh an chonartha agus in aon chás tráth nach déanaí ná an 18 Iúil 2043;

(b) socruithe eisiacha a bhaineann le sonraí agus doiciméid a thagann faoi raon feidhme Roinn 2 a bhí ann an 16 Iúil 2019 nach bhfuil incháilithe do na heisceachtaí a leagtar amach i mír 2 agus i mír 3, agus a rinne gnóthais phoiblí,

déanfar iad a fhoirceannadh ag deireadh an chonartha agus in aon chás tráth nach déanaí ná an 17 Iúil 2049;

Airteagal 32l

*Prionsabail ghinearálta a bhaineann le muirearú*

(1) Aon mhuirear a leagtar amach faoi Roinn 2 nó Roinn 3, beidh siad trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus beidh údar oibiachtúil leo agus ní chuirfidh siad srian leis an iomaíocht.

(2) I gcás muirir chaighdeánacha ar athúsáid sonraí nó doiciméad, déanfar aon choinníollacha is infheidhme agus méid iarbhír na muirear sin, lena n-áirítear an bonn ar a ríomhtar iad, a bhunú roimh ré agus a fhoilsiú, trí mhodhanna leictreonacha i gcás inar féidir agus inarb iomchuí.

(3) I gcás muirir ar athúsáid seachas na muirir dá dtagraítear i mír 1, déanfar na tosca atá le cur san áireamh i ríomh na muirear sin a chur in iúl ag an tús. Arna iarraidh sin, cuirfidh sealbhóir na sonraí nó na ndoiciméad atá i gceist in iúl freisin an chaoi ar ríomhadh na muirir sin i ndáil le hiarraidh shonrach ar athúsáid.

(4) Áiritheoidh comhlachtaí earnála poiblí gur féidir aon mhuirear a íoc ar líne freisin trí sheirbhísí íocaíochta trasteorann a bheidh ar fáil go forleathan, gan idirdhealú bunaithe ar áit bhunaíochta an tsoláthraí seirbhíse íocaíochta, ar áit eisiúna na hionstraime íocaíochta nó ar shuíomh an chuntais íocaíochta laistigh den Aontas.

Airteagal 32m

*Faisnéis maidir le modhanna sásaimh*

Áiritheoidh comhlachtaí earnála poiblí go gcuirfear iarratasóirí ar athúsáid sonraí nó doiciméad ar an eolas faoi na modhanna sásaimh atá ar fáil a bhaineann le cinntí nó cleachtais a dhéanann difear dóibh.

## ROINN 2

## SONRAÍ RIALTAIS OSCAILTE A ATHÚSÁID

Foroinn 1 Raon Feidhme agus Prionsabail Ghinearálta

Airteagal 32n

*Prionsabal ginearálta maidir le hathúsáid sonraí rialtais oscailte*

(1) Beidh sonraí nó doiciméid a thagann faoi raon feidhme na Roinne seo in-athúsáidte chun críoch tráchtála agus neamhthráchtála i gcomhréir le Roinn 1 agus Roinn 2 Foroinn 3.

(2) I gcás sonraí nó doiciméid ina bhfuil cearta maoine intleachtúla ag leabharlanna, lena n-áirítear leabharlanna ollscoile, músaeim agus cartlanna agus i gcás sonraí nó doiciméid atá i seilbh gnóthas poiblí, i gcás ina gceadaítear athúsáid na sonraí nó na ndoiciméad sin, beidh na sonraí nó na doiciméid sin in-athúsáidte chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála i gcomhréir le Roinn 1 agus Roinn 2 Foroinn 3.

## Foroinn 2

## Iarrataí ar athúsáid

### Airteagal 32o

*Iarrataí ar athúsáid a phróiseáil*

(1) Déanfaidh comhlachtaí earnála poiblí, trí mhodhanna leictreonacha i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, iarrataí ar athúsáid a phróiseáil agus an doiciméad a chur ar fáil don iarratasóir lena athúsáid nó, má tá gá le ceadúnas, an tairiscint ceadúnais don iarratasóir a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse réasúnta ama atá comhsheasmhach leis na tréimhsí ama a leagtar síos chun iarrataí ar rochtain ar shonraí nó ar dhoiciméid a phróiseáil.

(2) I gcás nach bhfuil aon teorainn ama ná aon riail eile lena rialaítear soláthar tráthúil sonraí nó doiciméad bunaithe, déanfaidh comhlachtaí earnála poiblí an iarraidh a phróiseáil agus na sonraí nó na doiciméid a chur ar fáil don iarratasóir lena n-athúsáid nó, má tá gá le ceadúnas, an tairiscint ceadúnais don iarratasóir a thabhairt chun críche a luaithe is féidir, agus in aon chás laistigh de 20 lá oibre tar éis dóibh í a fháil. Féadfar síneadh 20 lá oibre breise a chur leis an tréimhse ama sin i gcás iarrataí fairsinge nó casta. I gcásanna den sórt sin tabharfar fógra don iarratasóir a luaithe is féidir, agus, in aon chás, laistigh de 3 seachtaine ón iarraidh thosaigh go bhfuil gá le tuilleadh ama chun an iarraidh a phróiseáil agus na cúiseanna leis sin.

(3) I gcás cinneadh diúltach, cuirfidh na comhlachtaí earnála poiblí na forais le diúltú in iúl don iarratasóir ar bhonn fhorálacha ábhartha an chórais rochtana sa Bhallstát sin nó fhorálacha an Rialacháin seo, go háirithe pointí (a) go (c) de mhír 2 d’Airteagal 32i agus pointí (a) go (d) de mhír 3 d’Airteagal 32i nó Airteagal 32n. I gcás ina bhfuil cinneadh diúltach bunaithe ar phointe (d) de mhír 3 d’Airteagal 32i, áireoidh an comhlacht earnála poiblí tagairt don duine nádúrtha nó dlítheanach arb é an sealbhóir ceart é, i gcás inarb eol sin, nó de rogha air sin, don cheadúnóir óna bhfuair an comhlacht earnála poiblí an t-ábhar ábhartha. Ní bheidh sé de cheangal ar leabharlanna, lena n-áirítear leabharlanna ollscoile, ar mhúsaeim ná ar chartlanna tagairt den sórt sin a áireamh.

(4) Áireofar ar na modhanna sásaimh an deis a bheith ag comhlacht athbhreithnithe neamhchlaonta athbhreithniú a dhéanamh, ar comhlacht é a bhfuil an saineolas iomchuí aige, amhail an t-údarás iomaíochta náisiúnta, an t-údarás ábhartha um rochtain ar shonraí nó ar dhoiciméid, an t-údarás maoirseachta arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 nó údarás breithiúnach náisiúnta, agus a bhfuil a chinntí ceangailteach ar an gcomhlacht earnála poiblí lena mbaineann.

(5) Chun críocha an Airteagail seo, bunóidh na Ballstáit socruithe praiticiúla chun athúsáid éifeachtach sonraí nó doiciméad a éascú. Féadfar a áireamh sna socruithe sin go háirithe na modhanna chun faisnéis leordhóthanach a sholáthar maidir leis na cearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus chun cúnamh agus treoir ábhartha a thairiscint.

(6) Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na heintitis seo a leanas:

(a) gnóthais phoiblí;

(b) bunaíochtaí oideachais, eagraíochtaí déanta taighde agus eagraíochtaí cistithe taighde.

## Foroinn 3

Coinníollacha maidir le hathúsáid

Airteagal 32p

*Formáidí atá ar fáil*

(1) Gan dochar d'Fhoroinn 5, déanfaidh comhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí a sonraí nó a ndoiciméid a chur ar fáil in aon fhormáid nó teanga ina bhfuil siad cheana féin agus, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, trí mheán leictreonach, i bhformáidí atá oscailte, meaisín-inléite, inrochtana, inaimsithe agus in-athúsáidte, mar aon leis na meiteashonraí a bhaineann leo. Beidh an fhormáid agus na meiteashonraí araon, i gcás inar féidir, i gcomhréir le caighdeáin oscailte fhoirmiúla.

(2) Spreagfaidh na Ballstáit comhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí chun sonraí nó doiciméid a thagann faoi raon feidhme na Roinne seo a tháirgeadh agus a chur ar fáil i gcomhréir leis an bprionsabal 'oscailte d'aon ghnó agus mar réamhshocrú'.

(3) Ní thabharfar le tuiscint le mír 1 go bhfuil oibleagáid ar chomhlachtaí earnála poiblí sonraí nó doiciméid a chruthú nó a oiriúnú nó sleachta a sholáthar chun an mhír sin a chomhlíonadh i gcás ina mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis sin, a mbeadh níos mó ná oibríocht shimplí i gceist léi.

(4) Ní cheanglófar ar chomhlachtaí earnála poiblí leanúint de shonraí nó de dhoiciméad de chineál áirithe a tháirgeadh agus a stóráil le gur féidir le heagraíochtaí príobháideacha nó le heagraíocht earnála poiblí na doiciméid sin a athúsáid.

(5) Déanfaidh comhlachtaí earnála poiblí sonraí dinimiciúla a chur ar fáil lena n-athúsáid láithreach tar éis a mbailithe, trí APInna oiriúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, mar oll-íoslódáil.

(6) I gcás ina sáródh cur ar fáil sonraí dinimiciúla lena n-athúsáid díreach tar éis a mbailithe, dá dtagraítear i mír 5, acmhainneachtaí airgeadais agus teicniúla an chomhlachta earnála poiblí, agus ar an gcaoi sin iarracht dhíréireach a fhorchur, cuirfear na sonraí dinimiciúla sin ar fáil lena n-athúsáid laistigh de thréimhse ama nó le srianta teicniúla sealadacha nach gcuireann isteach go míchuí ar shaothrú a n-acmhainneachta eacnamaíche agus sóisialta.

(7) Beidh feidhm ag míreanna 1 go 6 maidir le sonraí nó doiciméid atá ann cheana agus atá i seilbh gnóthas poiblí agus atá ar fáil lena n-athúsáid.

(8) Cuirfear na tacair sonraí ardluacha, mar a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 32v(1), ar fáil lena n-athúsáid i bhformáid mheaisín-inléite, trí APInna oiriúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, mar oll-íoslódáil.'

Airteagal 32q

*Prionsabail lena rialaítear muirearú ar shonraí rialtais oscailte*

(1) Beidh athúsáid sonraí nó doiciméad a thagann faoi raon feidhme na Roinne seo saor in aisce. Mar sin féin, féadfar a cheadú don chomhlacht earnála poiblí a bhfuil na sonraí ina sheilbh aige aisghabháil a dhéanamh ar na costais imeallacha arna dtabhú chun sonraí nó doiciméid den sórt sin a atáirgeadh, a sholáthar agus a scaipeadh, agus chun sonraí pearsanta a anaithnidiú, agus ar bhearta arna ndéanamh chun faisnéis rúnda tráchtála a chosaint.

(2) Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na heintitis seo a leanas:

(a) comhlachtaí earnála poiblí a gceanglaítear orthu ioncam a ghiniúint chun cuid shubstaintiúil dá gcostais a bhaineann le comhlíonadh a gcúraimí poiblí a chumhdach;

(b) leabharlanna, lena n-áirítear leabharlanna ollscoile, músaeim agus cartlanna;

(c) gnóthais phoiblí.

(3) Foilseoidh na Ballstáit liosta ar líne de na comhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear i mír 2, pointe (a).

(4) Sna cásanna dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (c), déanfar na muirir iomlána a ríomh i gcomhréir le critéir oibiachtúla, thrédhearcacha agus infhíoraithe. Leagfaidh na Ballstáit síos na critéir sin. An t-ioncam iomlán ó sholáthar agus ceadú athúsáide sonraí nó doiciméad le linn na tréimhse cuntasaíochta iomchuí, ní rachaidh sé thar an gcostas a bhaineann le bailiú, táirgeadh, atáirgeadh, scaipeadh agus stóráil sonraí, maille le toradh réasúnta ar an infheistíocht, agus, i gcás inarb infheidhme, an costas a bhaineann le hanaithnidiú sonraí pearsanta agus na bearta arna ndéanamh chun faisnéis rúnda tráchtála a chosaint. Déanfar na muirir a ríomh i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta is infheidhme.

(5) I gcás ina ngearrann na comhlachtaí earnála poiblí dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), muirir, ní rachaidh an t-ioncam iomlán ó sholáthar agus ceadú athúsáide sonraí nó doiciméad le linn na tréimhse cuntasaíochta iomchuí thar an gcostas a bhaineann le bailiú, táirgeadh, atáirgeadh, scaipeadh, stóráil sonraí, caomhnú agus imréiteach ceart agus, i gcás inarb infheidhme, an costas a bhaineann le hanaithnidiú sonraí pearsanta agus bearta arna ndéanamh chun faisnéis rúnda tráchtála a chosaint, mar aon le toradh réasúnta ar infheistíocht. Déanfar na muirir a ríomh i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta is infheidhme maidir leis na comhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann.

(6) Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí muirir níos airde a leagan amach maidir le hathúsáid sonraí agus doiciméad ag fiontair an-mhór ná na muirir dá bhforáiltear i míreanna 1, 4 agus 5. Beidh aon mhuirear den sórt sin comhréireach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus cumhacht eacnamaíoch an eintitis, nó cumas an eintitis sonraí a fháil, á gcur san áireamh, lena n-áirítear go háirithe ainmniú mar gheatóir faoi Rialachán (AE) 2022/1925. De bhreis ar na heilimintí a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfar a chumhdach leis na muirir sin an costas a bhaineann le bailiú, táirgeadh, atáirgeadh, scaipeadh agus stóráil sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, an costas a bhaineann le hanaithnidiú nó bearta chun rúndacht na sonraí nó na ndoiciméad a chosaint, mar aon le toradh réasúnta ar infheistíocht.

(7) Beidh sé saor in aisce don úsáideoir athúsáid a bhaint as an méid seo a leanas:

(a) faoi réir Airteagal 32v mír (3), (4) agus (5), na tacair sonraí ardluacha, mar a liostaítear i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin;

(b) sonraí taighde dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 1 d’Airteagal 32i.

Airteagal 32r

*Ceadúnais chaighdeánacha*

(1) Ní bheidh athúsáid sonraí nó doiciméad faoi réir coinníollacha, mura rud é go bhfuil na coinníollacha sin oibiachtúil, comhréireach, neamh-idirdhealaitheach agus go bhfuil údar leo ar fhorais cuspóra ar mhaithe le leas an phobail.

(2) I gcás ina mbeidh athúsáid faoi réir coinníollacha, ní chuirfidh na coinníollacha sin srian neamhriachtanach ar dheiseanna athúsáide agus ní úsáidfear iad chun srian a chur leis an iomaíocht.

(3) Sna Ballstáit ina n-úsáidtear ceadúnais, áiritheoidh comhlachtaí earnála poiblí go mbeidh na ceadúnais chaighdeánacha le haghaidh athúsáid sonraí nó doiciméad ón earnáil phoiblí, ar féidir iad a oiriúnú chun freastal ar iarratais áirithe ar cheadúnais, ar fáil i bhformáid dhigiteach agus gur féidir iad a phróiseáil go leictreonach.

(4) Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí coinníollacha speisialta a bhunú le haghaidh athúsáid sonraí agus doiciméad ag fiontair an-mhór. Beidh na coinníollacha sin comhréireach agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chritéir oibiachtúla. Bunófar iad agus aird á tabhairt ar chumhacht eacnamaíoch an eintitis, nó ar chumas an eintitis sonraí a fháil, lena n-áirítear go háirithe ainmniú mar gheatóir faoi Rialachán (AE) 2022/1925.

Airteagal 32s

*Socruithe praiticiúla*

(1) Déanfaidh na Ballstáit socruithe praiticiúla lena n-éascófar cuardach na sonraí nó na ndoiciméad atá ar fáil lena n-athúsáid, amhail liostaí sócmhainní na bpríomhshonraí nó na bpríomhdhoiciméad a bhfuil meiteashonraí ábhartha ag gabháil leo, a bheidh inrochtana, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, ar líne agus i bhformáid mheaisín-inléite, agus suíomhanna tairsí atá nasctha leis na liostaí sócmhainní. I gcás inar féidir, éascóidh na Ballstáit an cuardach trasteanga ar shonraí nó ar dhoiciméid, go háirithe trí chomhiomlánú meiteashonraí a chumasú ar leibhéal an Aontais.

Spreagfaidh na Ballstáit comhlachtaí earnála poiblí freisin chun socruithe praiticiúla a dhéanamh lena n-éascófar caomhnú sonraí nó doiciméad atá ar fáil lena n-athúsáid.

(2) Leanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, d'iarrachtaí rochtain ar thacair sonraí a shimpliú, go háirithe trí phointe aonair rochtana a sholáthar agus trí thacair oiriúnacha sonraí atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí a chur ar fáil de réir a chéile maidir leis na sonraí nó na doiciméid a bhfuil feidhm ag an Roinn seo maidir leo, agus maidir le sonraí atá i seilbh institiúidí an Aontais, i bhformáidí inrochtana, so-aimsithe agus in-athúsáidte trí mheán leictreonach.

Foroinn 4

Sonraí taighde

Airteagal 32t

*Sonraí taighde*

(1) Tacóidh na Ballstáit le hinfhaighteacht sonraí taighde trí bheartais náisiúnta agus gníomhaíochtaí ábhartha a ghlacadh arb é is aidhm dóibh sonraí taighde arna gcistiú go poiblí a chur ar fáil go hoscailte ('beartais rochtana oscailte'), de réir an phrionsabail 'oscailte mar réamhshocrú' agus i gcomhréir le prionsabail FAIR. Sa chomhthéacs sin, cuirfear ábhair imní maidir le cearta maoine intleachtúla, cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht, slándáil agus leasanna tráchtála dlisteanacha san áireamh i gcomhréir leis an bprionsabal 'a oscailte is féidir, a iata is gá'. Beidh na beartais rochtana oscailte sin dírithe ar eagraíochtaí déanta taighde agus ar eagraíochtaí cistithe taighde.

(2) Gan dochar d'Airteagal 32n, mír 3, pointe (d), beidh sonraí taighde in-athúsáidte chun críoch tráchtála agus neamhthráchtála i gcomhréir le Roinn 1 agus Roinn 2

Foroinn 3, a mhéid atá siad cistithe go poiblí agus go bhfuil siad curtha ar fáil go poiblí cheana féin ag taighdeoirí, eagraíochtaí déanta taighde nó eagraíochtaí cistithe taighde trí stór institiúideach nó ábharbhunaithe. Sa chomhthéacs sin, déanfar leasanna tráchtála dlisteanacha, gníomhaíochtaí aistrithe eolais agus cearta maoine intleachtúla arb ann dóibh cheana a chur san áireamh.

## Foroinn 5

## Tacair sonraí ardluacha

### Airteagal 32u

*Catagóirí téamacha de thacair sonraí ardluacha*

(1) Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bheidh catagóirí téamacha na dtacar sonraí ardluacha.

(2) Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 45(2) chun Iarscríbhinn I a leasú trí chatagóirí téamacha nua de thacair sonraí ardluacha a chur isteach lena léirítear forbairtí teicneolaíocha agus margaidh.

### Airteagal 32v

*Tacair sonraí ardluacha shonracha agus socruithe maidir le foilsiú agus athúsáid*

(1) Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos liosta de thacair sonraí ardluacha shonracha a bhaineann leis na catagóirí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí i measc na sonraí nó na ndoiciméad a bhfuil feidhm ag an Roinn seo maidir leo.

Maidir leis na tacair sonraí ardluacha shonracha sin:

(a) cuirfear ar fáil saor in aisce iad, faoi réir mhíreanna 3, 4 agus 5;

(b) beidh siad meaisín-inléite;

(c) cuirfear ar fáil trí APInna iad; agus

(d) cuirfear ar fáil iad, i gcás inarb ábhartha, mar oll-íoslódáil.

Féadfar a shonrú sna gníomhartha cur chun feidhme sin na socruithe maidir le tacair sonraí ardluacha a fhoilsiú agus a athúsáid. Beidh na socruithe sin comhoiriúnach le ceadúnais chaighdeánacha oscailte.

Féadfar a áireamh sna socruithe sin téarmaí is infheidhme maidir le hathúsáid, formáidí sonraí agus meiteashonraí agus socruithe teicniúla maidir le scaipeadh. Infheistíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcineálacha cur chuige sonraí oscailte, amhail infheistíochtaí i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm caighdeán áirithe, cuirfear san áireamh iad agus déanfar iad a chothromú in aghaidh na dtairbhí a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar iad a áireamh ar an liosta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

(2) Beidh sainaithint tacar sonraí ardluacha sonrach de bhun mhír 1 bunaithe ar mheasúnú ar a n-acmhainneacht an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tairbhí socheacnamaíocha nó comhshaoil tábhachtacha agus seirbhísí nuálaíocha a chruthú;

(b) dul chun tairbhe do líon ard úsáideoirí, go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga;

(c) cabhrú le hioncam a ghiniúint; agus

(d) a bheith chomhcheangailte le tacair sonraí eile.

Chun tacair sonraí ardluacha shonracha den sórt sin a shainaithint, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, déanfaidh sé measúnú tionchair agus áiritheoidh sé comhlántacht le gníomhartha dlí atá ann cheana, amhail Treoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le sonraí nó doiciméid a athúsáid. Áireofar sa mheasúnú tionchair sin anailís ar chostais agus tairbhí, agus anailís ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh tionchar substaintiúil ar bhuiséad na gcomhlachtaí earnála poiblí sin mar thoradh ar thacair sonraí ardluacha a sholáthar saor in aisce, ar comhlachtaí iad a gceanglaítear orthu ioncam a ghiniúint chun cuid shubstaintiúil dá gcostais a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí poiblí a chumhdach. Maidir le tacair sonraí ardluacha atá i seilbh gnóthas poiblí, tabharfaidh an measúnú tionchair aird ar leith ar an ról atá ag gnóthais phoiblí i dtimpeallacht eacnamaíoch iomaíoch.

(3) De mhaolú ar mhír 1, an dara fomhír, pointe (a), forálfar leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír sin nach mbeidh feidhm ag infhaighteacht tacar sonraí ardluacha saor in aisce maidir le tacair sonraí ardluacha shonracha atá i seilbh gnóthas poiblí i gcás ina mbeadh saobhadh iomaíochta sna margaí ábhartha mar thoradh air sin.

(4) An ceanglas tacair sonraí ardluacha a chur ar fáil saor in aisce de bhun phointe (a) den dara fomhír de mhír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le leabharlanna, lena n-áirítear leabharlanna ollscoile, músaeim ná cartlanna.

(5) I gcás ina mbeadh tionchar substaintiúil ar bhuiséad na gcomhlachtaí earnála poiblí lena mbaineann mar thoradh ar thacair sonraí ardluacha a chur ar fáil saor in aisce, ar comhlachtaí iad a gceanglaítear orthu ioncam a ghiniúint chun cuid shubstaintiúil dá gcostais a bhaineann le feidhmiú a gcúraimí poiblí a chumhdach, féadfaidh na Ballstáit na comhlachtaí sin a dhíolmhú ón gceanglas na tacair sonraí ardluacha sin a chur ar fáil saor in aisce ar feadh tréimhse nach faide ná 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme ábhartha arna ghlacadh i gcomhréir le mír 1.

## Roinn 3

## Athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí

### Airteagal 32w

### *Coinníollacha maidir le hathúsáid*

(1) Comhlachtaí earnála poiblí atá inniúil faoin dlí náisiúnta chun rochtain a dheonú nó a dhiúltú chun sonraí nó doiciméid a bhaineann le catagóirí áirithe sonraí cosanta a athúsáid, cuirfidh siad ar fáil go poiblí na coinníollacha maidir leis an athúsáid sin a cheadú agus an nós imeachta chun an athúsáid a iarraidh tríd an bpointe faisnéise aonair dá dtagraítear in Airteagal 32aa. I gcás ina ndeonaíonn siad nó ina ndiúltaíonn siad rochtain le haghaidh athúsáide, féadfaidh na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 32z (1) cúnamh a thabhairt dóibh.

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní is gá ag comhlachtaí earnála poiblí chun an tAirteagal seo agus Airteagal 32x a chomhlíonadh.

(2) Ní dhéanfaidh athúsáid sonraí nó doiciméad difear do chineál cosanta na sonraí nó na ndoiciméad sin agus ní cheadófar í ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcomhréir le cearta maoine intleachtúla.

(b) mura nochtfar sonraí a mheastar a bheith rúnda i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála nó staidrimh, mar thoradh ar athúsáid a cheadú, mura gceadaítear an athúsáid sin bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí nó ar chead an tsealbhóra sonraí i gcomhréir le mír 5.

(c) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.

(3) Chun caomhnú an chineáil cosanta dá dtagraítear i mír 2 a áirithiú, féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí na ceanglais seo a leanas a bhunú:

(a) gan rochtain a dheonú chun sonraí nó doiciméid a athúsáid ach amháin i gcás inar áirithigh an comhlacht earnála poiblí nó an comhlacht inniúil, tar éis na hiarrata ar athúsáid, gur fíor an méid seo a leanas maidir leis na sonraí nó na doiciméid sin:

(i) go ndearnadh na sonraí nó na doiciméid sin a anaithnidiú, i gcás sonraí pearsanta;

(ii) faoi réir cineálacha eile ullmhúcháin maidir le sonraí pearsanta;

(iii) go ndearnadh na sonraí sin a mhodhnú, a chomhiomlánú nó a láimhseáil trí aon mhodh eile rialaithe maidir le nochtadh i gcás faisnéis tráchtála rúnda, lena n-áirítear rúin trádála nó ábhar atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla;

(b) rochtain a fháil ar na sonraí nó ar na doiciméid agus iad a athúsáid go cianda laistigh de thimpeallacht shlán phróiseála arna soláthar nó arna rialú ag an gcomhlacht earnála poiblí;

(c) rochtain a fháil ar na sonraí nó ar na doiciméid agus iad a athúsáid laistigh den áitreabh fisiciúil ina bhfuil an timpeallacht shlán phróiseála suite i gcomhréir le hardchaighdeáin slándála, ar choinníoll nach féidir cianrochtain a cheadú gan cearta agus leasanna tríú páirtithe a chur i mbaol.

I gcás ina gceadaítear athúsáid i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointe (a)(i), beidh athúsáid sonraí nó doiciméad faoi réir na rialacha maidir le sonraí rialtais oscailte a leagtar amach i Roinn 2. Tá an méid sin gan dochar d’Airteagal 32y, a bhfuil forlámhas ag baint leis i gcás coinbhleachta.

I gcás ina gceadaítear athúsáid i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (b) agus (c), forchuirfidh na comhlachtaí earnála poiblí coinníollacha lena gcaomhnófar sláine fheidhmiú na gcóras teicniúil arna n-úsáid sa timpeallacht shlán phróiseála.

(4) Forchoimeádfaidh an comhlacht earnála poiblí an ceart chun an próiseas, na modhanna agus aon torthaí ó phróiseáil sonraí nó doiciméad a rinne an t-athúsáideoir a fhíorú chun sláine chosaint na sonraí nó na ndoiciméad a chaomhnú. Forchoimeádfaidh sé freisin an ceart chun toirmeasc a chur ar úsáid torthaí ina bhfuil faisnéis lena gcuirtear cearta agus leasanna tríú páirtithe i mbaol. Beidh an cinneadh úsáid na dtorthaí a thoirmeasc intuigthe agus trédhearcach don athúsáideoir.

Mura ndéantar foráil leis an dlí náisiúnta maidir le coimircí sonracha i dtaca le hoibleagáidí rúndachta is infheidhme a bhaineann le hathúsáid catagóirí áirithe de shonraí cosanta, déanfaidh an comhlacht earnála poiblí athúsáid na sonraí nó na

ndoiciméad a sholáthraítear i gcomhréir le mír 3 coinníollach ar chloí an athúsáideoir le hoibleagáid rúndachta lena dtoirmeasctar nochtadh aon fhaisnéise a chuireann cearta agus leasanna tríú páirtithe i mbaol agus a d'fhéadfadh a bheith faighte ag an athúsáideoir d'ainneoin na gcoimircí a cuireadh i bhfeidhm. I gcás athúsáid neamhúdaraithe sonraí neamhphearsanta, beidh sé d'oibleagáid ar an athúsáideoir, gan mhoill, i gcás inarb iomchuí le cúnamh ón gcomhlacht earnála poiblí, na daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna a chur ar an eolas.

(5) I gcás nach féidir athúsáid sonraí nó doiciméad a cheadú i gcomhréir le míreanna 3 agus 4, ní fhéadfar athúsáid a dhéanamh ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach bhfuil aon bhunús dlí ann seachas toiliú chun na sonraí a tharchur faoi Rialachán (AE) 2016/679, le toiliú na n-ábhar sonraí;

(b) le cead ó na sealbhóirí sonraí a bhféadfadh an athúsáid sin difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna.

Déanfaidh an comhlacht earnála poiblí a dhícheall, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, cúnamh a sholáthar d'athúsáideoirí ionchasacha toiliú a lorg ó na hábhair sonraí nó cead a lorg ó na sealbhóirí sonraí a bhféadfadh an athúsáid sin difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna, i gcás inar féidir sin gan ualach díréireach a chur ar an gcomhlacht earnála poiblí.

I gcás ina soláthraíonn sé cúnamh den sórt sin, féadfaidh na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear in Airteagal 32z cúnamh a thabhairt don chomhlacht earnála poiblí.

Airteagal 32x

*Ceanglais maidir le haistrithe sonraí neamhphearsanta chuig tríú tíortha ag athúsáideoirí*

(1) I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag athúsáideoir catagóirí áirithe sonraí cosanta atá neamhphearsanta a aistriú chuig tríú tír, cuirfidh sé an comhlacht earnála poiblí ar an eolas go bhfuil sé beartaithe aige na sonraí sin a aistriú agus faoi chuspóir an aistrithe sin tráth a iarrtar athúsáid na sonraí. I gcás athúsáid bunaithe ar chead an tsealbhóra sonraí, déanfaidh an t-athúsáideoir, i gcás inarb iomchuí le cúnamh ón gcomhlacht earnála poiblí, an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhféadfaí difear a dhéanamh dá chearta agus dá leasanna a chur ar an eolas faoin rún sin, faoin gcuspóir sin agus faoi na coimircí iomchuí. Ní cheadóidh an comhlacht earnála poiblí an athúsáid mura dtabharfaidh an duine nádúrtha nó dlítheanach cead an t-aistriú a dhéanamh.

(2) Ní tharchuirfidh comhlachtaí earnála poiblí sonraí rúnda neamhphearsanta nó sonraí arna gcosaint le cearta maoine intleachtúla chuig athúsáideoir a bhfuil sé beartaithe aige na sonraí sin a aistriú chuig tríú tír seachas tír arna hainmniú i gcomhréir le mír 7 ach amháin má thugann an t-athúsáideoir gealltanas conarthach go ndéanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) na hoibleagáidí a fhorchuirtear i gcomhréir le cearta maoine intleachtúla agus le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála nó staidrimh a chomhlíonadh, fiú tar éis na sonraí a aistriú chuig an tríú tír;

(b) glacadh le dlínse chúirteanna nó bhinsí Bhallstát an chomhlachta earnála poiblí tarchuir maidir le haon díospóid a bhaineann le cearta maoine intleachtúla a chomhlíonadh agus le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta maidir le rúndacht tráchtála nó staidrimh.

(3) Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar clásail chonarthacha eiseamláireacha chun na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

(4) Déanfaidh comhlachtaí earnála poiblí, i gcás inarb ábhartha agus de réir mhéid a gcumas, treoir agus cúnamh a sholáthar d'athúsáideoirí chun na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 a chomhlíonadh.

(5) I gcás ina bhfuil údar cuí leis mar gheall ar an líon mór iarrataí ar fud an Aontais a bhaineann le sonraí neamhphearsanta a athúsáid i dtríú tíortha sonracha, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena ndearbhaítear an méid seo a leanas maidir le socruithe dlíthiúla, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír:

(a) go n-áiritheofar cosaint maoine intleachtúla agus rúin trádála ar bhealach atá coibhéiseach go bunúsach leis an gcosaint a áirithítear faoi dhlí an Aontais;

(b) go bhfuil siad á gcur i bhfeidhm agus á bhforfheidhmiú go héifeachtach; agus

(c) go tugtar leigheas breithiúnach éifeachtach leo.

(6) Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 46(2).

(7) Le gníomhartha reachtaíochta sonracha de chuid an Aontais, féadfar a mheas go bhfuil catagóirí áirithe sonraí neamhphearsanta atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí an-íogair chun críocha an Airteagail seo, i gcás ina bhféadfadh a n-aistriú go tríú tíortha cuspóirí beartais phoiblí an Aontais, amhail an tsábháilteacht agus an tsláinte phoiblí, a chur i mbaol, nó go bhféadfadh an riosca a bheith ann go n-ath-shainaithneofaí sonraí neamhphearsanta anaithnidithe. I gcás ina nglacfar gníomh den sórt sin, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 45 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí choinníollacha speisialta a leagan síos is infheidhme maidir le haistrithe sonraí den sórt sin chuig tríú tíortha.

Má cheanglaítear sin le gníomh reachtach sonrach de chuid an Aontais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfar a áireamh ar na coinníollacha speisialta sin téarmaí is infheidhme maidir leis an aistriú nó socruithe teicniúla i ndáil leis sin, teorainneacha maidir le hathúsáid sonraí i dtríú tíortha nó catagóirí daoine atá i dteideal na sonraí sin a aistriú chuig tríú tíortha nó, i gcásanna eisceachtúla, srianta maidir le haistrithe chuig tríú tíortha.

Ní fhéadfaidh an t-athúsáideoir dár deonaíodh an ceart sonraí neamhphearsanta a athúsáid na sonraí a aistriú ach chuig na tríú tíortha sin ar ina leith a chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2, 4 agus 5.

Airteagal 32y
*Táillí*

(1) Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí a cheadaíonn athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta táillí a ghearradh as athúsáid sonraí den sórt sin a cheadú.

(2) I gcás ina ngearrann comhlachtaí earnála poiblí táillí, déanfaidh siad bearta chun dreasachtaí a sholáthar d'athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta chun críoch neamhthráchtála, amhail críocha taighde eolaíoch, agus ag gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair. I ndáil leis sin, féadfaidh comhlachtaí

earnála poiblí na sonraí a chur ar fáil freisin ar tháille lascainithe nó saor in aisce, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta, do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, don tsochaí shibhialta, do bhunaíochtaí taighde agus oideachais. Chuige sin, féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí liosta a bhunú de chatagóirí athúsáideoirí dá gcuirtear sonraí nó doiciméid le haghaidh athúsáide ar fáil ar tháille lascainithe nó saor in aisce. Poibleofar an liosta sin, mar aon leis na critéir a úsáidfear chun é a bhunú.

(3) Díorthófar aon táillí ó na costais a bhaineann leis an nós imeachta a sheoladh le haghaidh iarrataí ar athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta agus beidh siad teoranta do na costais is gá i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) atáirgeadh, soláthar agus scaipeadh sonraí;

(b) cearta a imréiteach;

(c) anaithnidiú sonraí pearsanta agus sonraí rúnda tráchtála, nó cineálacha eile ullmhúcháin maidir le sonraí pearsanta agus sonraí rúnda tráchtála, dá bhforáiltear in Airteagal 32w(3)[coinníollacha maidir le hathúsáid];

(d) an timpeallacht shlán phróiseála a choinneáil ar bun;

(e) an ceart a fháil athúsáid a cheadú i gcomhréir leis an Roinn seo ag tríú páirtithe lasmuigh den earnáil phoiblí; agus cuidiú le hathúsáideoirí toiliú a lorg ó ábhair sonraí agus cead a lorg ó shealbhóirí sonraí a bhféadfadh athúsáid den sórt sin difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna.

(4) Leagfaidh na Ballstáit síos na critéir agus an mhodheolaíocht chun táillí a ríomh agus foilseofar iad. Foilseoidh an comhlacht earnála poiblí tuairisc ar na príomhchatagóirí costas agus ar na rialacha a úsáidtear chun na costais a leithdháileadh.

(5) Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí táillí níos airde a ghearradh ná na táillí a cheadaítear i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo maidir le fiontair an-mhór, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, agus cumhacht eacnamaíoch, nó cumas an eintitis sonraí a fháil, á gcur san áireamh, lena n-áirítear go háirithe ainmniú mar gheatóir faoi Rialachán (AE) 2022/1925. Beidh aon táille ríofa den sórt sin comhréireach. I dteannta na n-eilimintí a liostaítear i mír 3 den Airteagal seo, is féidir leo costas bhailiú agus tháirgeadh na sonraí a chumhdach, mar aon le toradh réasúnta ar infheistíocht.

## Airteagal 32z

### *Comhlachtaí inniúla*

(1) Chun na cúraimí dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh, ainmneoidh gach Ballstát comhlacht inniúil amháin nó níos mó i gcomhréir le hAirteagal 37(1), a fhéadfaidh a bheith inniúil i leith earnálacha áirithe, ach ar gá dóibh i dteannta a chéile gach earnáil a chumhdach, chun cúnamh a thabhairt do na comhlachtaí earnála poiblí a dheonaíonn nó a dhiúltaíonn rochtain chun catagóirí áirithe sonraí cosanta a athúsáid. Féadfaidh na Ballstáit comhlacht inniúil nua amháin nó níos mó a bhunú nó brath ar chomhlachtaí earnála poiblí atá ann cheana nó ar sheirbhísí inmheánacha comhlachtaí earnála poiblí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa Roinn seo.

(2) Féadfar na comhlachtaí inniúla a chumhachtú chun rochtain a dheonú chun catagóirí áirithe sonraí cosanta a athúsáid de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta lena bhforáiltear an rochtain sin a dheonú. I gcás ina ndeonaíonn siad nó ina ndiúltaíonn

siad rochtain le haghaidh athúsáide, beidh na comhlachtaí inniúla sin faoi réir Airteagail 32k, 32w, 32x, 32y agus 32ab.

(3) Beidh acmhainní leordhóthanacha dlíthiúla, airgeadais, teicniúla agus daonna ag na comhlachtaí inniúla chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh, lena n-áirítear an t-eolas teicniúil is gá chun go mbeidh siad in ann dlí ábhartha an Aontais nó an dlí ábhartha náisiúnta a bhaineann leis na córais rochtana le haghaidh na gcatagóirí sonraí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 2(54) a chomhlíonadh.

(4) Áireofar an méid seo a leanas sa chúnamh dá dtagraítear i mír 1, i gcás inar gá:

(a) tacaíocht theicniúil a sholáthar trí thimpeallacht shlán phróiseála a chur ar fáil chun rochtain a sholáthar chun sonraí nó doiciméid a athúsáid;

(b) Treoir agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil maidir leis an mbealach is fearr chun sonraí a struchtúrú agus a stóráil ionas go mbeidh rochtain éasca ar na sonraí nó ar na doiciméid sin;

(c) tacaíocht theicniúil a sholáthar maidir le hanaithnidiú, bréagainmniú agus modhanna úrscothacha caomhnaithe príobháideachais, gan bheith teoranta do shonraí pearsanta, ach freisin d’fhaisnéis rúnda tráchtála, lena n-áirítear rúin trádála nó ábhar atá faoi chosaint ag cearta maoine intleachtúla;

(d) cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí, i gcás inarb ábhartha, tacaíocht a chur ar fáil d’athúsáideoirí chun toiliú a iarraidh le haghaidh athúsáid ó na hábhair sonraí nó cead a lorg ó shealbhóirí sonraí i gcomhréir lena gcinntí sonracha, lena n-áirítear maidir leis an dlínse ina bhfuil sé beartaithe na sonraí a phróiseáil agus cúnamh a thabhairt do na comhlachtaí earnála poiblí sásraí teicniúla a bhunú a cheadóidh iarrataí ar thoiliú nó cead ó athúsáideoirí a tharchur, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go praiticiúil;

(e) cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na ngealltanas conarthach arna ndéanamh ag athúsáideoir de bhun Airteagal 32x(2).

## Airteagal 32aa

### *Pointe faisnéise aonair*

(1) Ainmneoidh gach Ballstát pointe faisnéise aonair. Leis an bpointe sin, cuirfear faisnéis atá inrochtana go héasca ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 32w, 32x agus 32y.

(2) Beidh an pointe faisnéise aonair inniúil chun fiosrúcháin nó iarrataí a fháil maidir le hathúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta agus déanfaidh sé iad a tharchur, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí trí mhodhanna uathoibrithe, chuig na comhlachtaí inniúla earnála poiblí, nó chuig na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear i Mír 1 d’Airteagal 32z, i gcás inarb ábhartha.

(3) Féadfar a áireamh sa phointe faisnéise aonair bealach faisnéise ar leithligh, simplithe agus dea-dhoiciméadaithe do FBManna, do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do bhunaíochtaí taighde a thugann aghaidh ar a riachtanais agus ar a gcumais maidir le hathúsáid na gcatagóirí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(54) a iarraidh.

(4) Leis an bpointe faisnéise aonair, cuirfear ar fáil go leictreonach liosta sócmhainní inchuardaithe ina mbeidh forléargas ar na hacmhainní_doiciméid uile atá ar fáil lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, na hacmhainní doiciméid sin atá le fáil ag pointí faisnéise earnálacha, réigiúnacha nó áitiúla, ina mbeidh faisnéis ábhartha lena dtugtar tuairisc ar na sonraí nó ar na doiciméid atá ar fáil, lena n-áirítear ar a laghad formáid agus méid na sonraí agus na coinníollacha lena n-athúsáid.

(5) Bunóidh an Coimisiún pointe rochtana aonair Eorpach ina mbeidh clár leictreonach inchuardaithe de shonraí nó de dhoiciméid atá ar fáil sna pointí faisnéise aonair náisiúnta agus faisnéis bhreise maidir le conas sonraí nó doiciméid a iarraidh trí na pointí faisnéise aonair náisiúnta sin.

Airteagal 32ab

*Nós imeachta maidir le hiarrataí ar athúsáid*

(1) Murar bunaíodh teorainneacha ama níos giorra i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, glacfaidh na comhlachtaí inniúla earnála poiblí nó na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear i mír 1 d’Airteagal 32z cinneadh maidir leis an iarraidh ar athúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta laistigh de 2 mhí ón dáta a fhaightear an iarraidh.

(2) I gcás iarrataí ar athúsáid atá thar a bheith fairsing agus casta, féadfar síneadh suas le 30 lá a chur leis an tréimhse 2 mhí sin. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh na comhlachtaí inniúla earnála poiblí nó na comhlachtaí inniúla dá dtagraítear i mír 1 d’Airteagal 32z fógra don iarratasóir a luaithe is féidir go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun an nós imeachta a sheoladh, mar aon leis na cúiseanna leis an moill.

(3) Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a ndéanann cinneadh dá dtagraítear i mír 1 difear go díreach dó, beidh éileamh éifeachtach ar shásamh aige sa Bhallstát ina bhfuil an comhlacht ábhartha lonnaithe. Leagfar síos ceart sásaimh den sórt sin sa dlí náisiúnta agus áireofar ann an fhéidearthacht go ndéanfaidh comhlacht neamhchlaonta a bhfuil an saineolas iomchuí aige athbhreithniú, amhail an t-údarás iomaíochta náisiúnta, an t-údarás ábhartha um rochtain ar dhoiciméid, an t-údarás maoirseachta arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 nó údarás breithiúnach náisiúnta, a bhfuil a chinntí ceangailteach ar an gcomhlacht earnála poiblí nó ar an gcomhlacht inniúil lena mbaineann.’

19. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38:

(1) ‘Gan dochar d’aon leigheas riaracháin nó breithiúnach eile, beidh sé de cheart ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha gearán a thaisceadh, ina n-aonar nó, i gcás inarb ábhartha, i dteannta a chéile:

(a) leis an údarás inniúil ábhartha sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí orthu, ina bhfuil a n-ionad oibre nó a mbunaíocht má mheasann siad gur sáraíodh a gcearta faoin Rialachán seo;

(b) aon ábhar a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo go sonrach i gcoinne soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí, leis an údarás inniúil ábhartha maidir le clárú seirbhísí idirghabhála sonraí nó leis an údarás inniúil ábhartha maidir le clárú eagraíochtaí altrúchais sonraí.

(2) Déanfaidh an comhordaitheoir sonraí, arna iarraidh sin, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha chun a ngearáin a thaisceadh leis an údarás inniúil iomchuí.

(3) An t-údarás inniúil ar taisceadh an gearán leis, cuirfidh sé an gearánach ar an eolas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, faoin méid seo a leanas:

(a) dul chun cinn na n-imeachtaí, an cinneadh a rinneadh; agus

(b) na leigheasanna breithiúnacha dá bhforáiltear in Airteagal 39.’

20. in Airteagal 40, cuirtear isteach mír (6):

‘6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le Caibidil VIIc.’

21. cuirtear an ceannteideal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 41:

# ‘CAIBIDIL IXa

# An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí’;

22. cuirtear isteach an tAirteagal 41a seo a leanas:

‘Airteagal 41a

*An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí*

(1) Bunaítear an Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí mar bhealach chun comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le forfheidhmiú an Rialacháin seo a chomhordú agus chun fónamh mar fhóram plé chun geilleagar sonraí Eorpach agus beartais sonraí Eorpacha a fhorbairt.

(2) Beidh sé comhdhéanta ar a laghad d’ionadaithe ó na Ballstáit atá inniúil maidir le hábhair a bhaineann le sonraí, na húdaráis atá inniúil chun Caibidlí II, III, V, VIIa agus VIIc den Rialachán seo a fhorfheidhmiú, an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, ENISA, Toscaire AE na FBManna nó ionadaí arna cheapadh ag líonra thoscairí FBManna. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh catagóirí breise comhaltaí a chur isteach. Agus saineolaithe aonair á gceapadh aige, beidh sé d’aidhm ag an gCoimisiún cothromaíocht inscne agus gheografach a bhaint amach i measc chomhaltaí an ghrúpa.

(3) Cinnfidh an Coimisiún comhdhéanamh na bhfoirmíochtaí éagsúla ina gcomhlíonfaidh an Bord a chúraimí.

(4) Beidh an Coimisiún ina chathaoirleach ar chruinnithe an Bhoird Eorpaigh um Nuálaíocht Sonraí.’

23. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42:

‘Airteagal 42

*Ról BENS (An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí)*

(1) Tacóidh BENS le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an Rialacháin seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) fónamh mar fhóram le haghaidh plé straitéiseach maidir le beartais sonraí, rialachas sonraí, sreabha sonraí idirnáisiúnta agus forbairtí trasearnála atá ábhartha do gheilleagar sonraí na hEorpa;

(b) comhairle agus cúnamh a thabhairt don Choimisiún maidir le cleachtas comhsheasmhach na n-údarás inniúil a fhorbairt i bhforfheidhmiú Chaibidlí II, III, V, VII, VIIa agus VIIc;

(c) comhar idir údaráis inniúla a éascú trí fhothú acmhainneachta agus malartú faisnéise;

(d) malartú taithí agus dea-chleachtais a chothú idir na Ballstáit i réimse athúsáid faisnéise ón earnáil phoiblí i gcomhar le comhlachtaí rialachais ábhartha eile.';

24. Leasaítear Airteagal 45 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29(7), Airteagal 32u(2) agus Airteagal 33(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 29(7), Airteagal 32u(2) agus Airteagal 33(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 29(7), Airteagal 32u(2) nó Airteagal 33(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

25. Leasaítear Airteagal 46 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.'

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.'

26. Leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'1. Faoin 12 Meán Fómhair 2028, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chaibidlí II, III, IV, V, VI, VII agus VIII agus cuirfidh sé tuarascáil ar a phríomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle,

agus faoi bhráid Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Déanfar measúnú sa mheastóireacht sin, go háirithe, ar an méid seo a leanas:'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

'(m) tionchar an Rialacháin seo ar FBManna agus ar chuideachtaí meánchaipitlithe beaga maidir lena gcumas nuálaíochta agus maidir le hinfhaighteacht seirbhísí próiseála sonraí d'úsáideoirí san Aontas agus maidir leis an ualach a bhaineann le hoibleagáidí nua a chomhlíonadh'

(b) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

'2a. Faoin [dáta = teacht i bhfeidhm móide 5 bliana], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chaibidlí VIIa, VIIb agus VIIc den Rialachán seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar a phríomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

Sa tuarascáil, déanfar measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) staid chlárúcháin na seirbhísí idirghabhála sonraí agus an cineál seirbhísí a chuireann siad ar fáil;

(b) cineál na n-eagraíochtaí altrúchais sonraí atá cláraithe agus forléargas ar chuspóirí na leasanna ginearálta a ndéantar sonraí a chomhroinnt ina leith d'fhonn critéir shoiléire a bhunú ina leith sin.'

(c) raon feidhme agus tionchar sóisialta agus eacnamaíoch Chaibidil VIIc Roinn 2 lena n-áirítear

(d) méid an mhéadaithe ar athúsáid doiciméad ón earnáil phoiblí a bhfuil feidhm ag Roinn 2 de Chaibidil VIIc maidir leo, go háirithe ag FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga;

(e) tionchar na dtacar sonraí ardluacha;

(f) an idirghníomhaíocht idir rialacha cosanta sonraí agus féidearthachtaí athúsáide;

(g) Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.'

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Ar bhonn na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1, agus 2 agus 2a, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Rialachán seo a leasú.'

27. Cuirtear Iarscríbhinn I isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1724*

Sa tábla in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Gnólacht a thosú, a reáchtáil agus a dhúnadh':

| Imeachtaí saoil | Nósanna imeachta | Aschur ionchasach faoi réir measúnú ar an |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| | | iarratas ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás inarb ábhartha |
| Gnólacht a thosú, a reáchtáil agus a dhúnadh | Fógra faoi ghníomhaíocht ghnó, cead ar ghníomhaíocht ghnó a fheidhmiú, athruithe ar ghníomhaíocht ghnó agus foirceannadh gníomhaíocht ghnó nach mbaineann lena nósanna imeachta dócmhainneachta nó leachtaithe, cé is moite den chéad uair a chláraítear gníomhaíocht ghnó leis an gclár gnó agus, cé is moite de na nósanna imeachta a bhaineann le bunú cuideachtaí nó gnólachtaí nó aon chomhdú ina dhiaidh sin ag cuideachtaí nó gnólachtaí de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 54 CFAE | Deimhniú ar fháil an fhógra nó an athraithe, nó hiarrata ar chead gníomhaíochta gnó |
| | Fostóir (duine nádúrtha) a chlárú le scéimeanna éigeantacha pinsean agus árachais | Deimhniú ar chlárú nó ar uimhir chlárúcháin leasa shóisialaigh |
| | Fostaithe a chlárú le scéimeanna éigeantacha pinsean agus árachais | Deimhniú ar chlárú nó ar uimhir chlárúcháin leasa shóisialaigh |
| | Dearbhú cánach corparáide a thíolacadh | Deimhniú go bhfuarthas an dearbhú |
| | Fógra a thabhairt do na scéimeanna slándála sóisialta faoi dheireadh conartha le fostaí, cé is moite de nósanna imeachta chun conarthaí fostaithe a fhoirceannadh go comhchoiteann | Deimhniú go bhfuarthas an fógra |
| | Ranníocaíochtaí slándála sóisialta d’fhostaithe a íoc | Admháil nó foirm eile deimhnithe gur íocadh ranníocaíochtaí slándála sóisialta d’fhostaithe |
| | Clárú mar sholáthraí seirbhísí idirghabhála sonraí | Deimhniú an chlárúcháin |
| | Clárú mar eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas | Deimhniú an chlárúcháin |

*Airteagal 3*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS)*

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/679 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear na habairtí seo a leanas isteach:

‘Maidir le faisnéis a bhaineann le duine nádúrtha, ní gá gur sonraí pearsanta í sin do gach duine nó eintiteas eile, toisc gur féidir le heintiteas eile an duine

nádúrtha sin a shainaithint agus ar an gcúis sin amháin Ní faisnéis phearsanta a bheidh ann d'eintiteas ar leith i gcás nach féidir leis an eintiteas sin an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint, agus na modhanna is dócha le réasún a úsáidfidh an t-eintiteas sin á gcur san áireamh. Ní thagann faisnéis den sórt sin chun bheith pearsanta don eintiteas sin díreach toisc go bhfuil modhanna ag faighteoir féideartha ina dhiaidh sin ar dócha le réasún go n-úsáidfear iad chun an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint.'

(b) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(32) ciallaíonn 'trealamh teirminéil' trealamh teirminéil mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/63/CE;

(33) maidir le 'líonraí cumarsáide leictreonaí' beidh feidhm ag an sainmhíniú in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972;

(34) ciallaíonn 'brabhsálaí gréasáin' brabhsálaí gréasáin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2022/1925;

(35) ciallaíonn 'seirbhís meán' seirbhís meán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2024/1083;

(36) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí meán' soláthraí seirbhísí meán mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2), de Rialachán (AE) 2024/1083;'

(37) ciallaíonn 'comhéadan ar líne' comhéadan ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3(m) de Rialachán (AE) 2022/2065.'

(38) ciallaíonn 'taighde eolaíoch' aon taighde ar féidir leis tacú leis an nuálaíocht freisin, amhail forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh. Cuirfidh na gníomhaíochtaí sin leis an eolas eolaíoch atá ann cheana nó cuirfidh siad eolas atá ann cheana i bhfeidhm ar bhealaí nua, cuirfear i gcrích iad agus é d'aidhm acu cur le fás eolas ginearálta agus dhea-bhail na sochaí agus cloí le caighdeáin eiticiúla sa réimse ábhartha taighde. Ní eisiatar leis sin go bhféadfadh sé a bheith d'aidhm ag an taighde freisin leas tráchtála a chur chun cinn.'

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5 (1)(b):

'bailítear iad chun críoch sonraithe sainráite dlisteanach agus ní dhéantar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin; measfar tuilleadh próiseála chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil, nó chun críoch staidrimh, i gcomhréir le hAirteagal 89(1), a bheith comhoiriúnach leis na críocha tosaigh, neamhspleách ar choinníollacha Airteagal 6(4) den Rialachán seo, ('teorannú de réir cuspóra');'

3. Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

'(k) próiseáil i gcomhthéacs córas intleachta saorga a fhorbairt agus a oibriú mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2024/1689 nó samhail intleachta saorga, faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 5.

(l) is gá sonraí bithmhéadracha a phróiseáil chun céannacht ábhair sonraí a dheimhniú (fíorú), i gcás ina bhfuil na sonraí bithmhéadracha nó na modhanna is gá don fhíorú faoi rialú an ábhair sonraí amháin.'

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'5. Maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear i bpointe (k) de mhír 2, cuirfear bearta eagraíochtúla agus teicniúla iomchuí chun feidhme ionas nach ndéanfar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil ar shlí eile. Más rud é, d'ainneoin chur chun feidhme na mbeart sin, go sainaithníonn an rialaitheoir catagóirí speisialta sonraí pearsanta sna tacair sonraí a úsáidtear le haghaidh oiliúna, tástála nó bailíochtaithe nó sa chóras intleachta saorga nó sa tsamhail intleachta saorga, bainfidh an rialaitheoir na sonraí sin. Más gá iarracht dhíréireach a dhéanamh chun na sonraí sin a bhaint, déanfaidh an rialaitheoir, in aon chás, na sonraí sin a chosaint go héifeachtach gan moill mhíchuí ar iad a úsáid chun aschuir a tháirgeadh, ar iad a nochtadh nó a chur ar fáil ar shlí eile do thríú páirtithe.'

4. In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Cuirfear faisnéis a sholáthraítear faoi Airteagail 13 agus 14 ar fáil saor in aisce mar aon le haon chumarsáid agus aon ghníomhaíocht a dhéanfar faoi Airteagail 15 go 22 agus faoi Airteagal 34. I gcás inar follasach go bhfuil iarrataí ó ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad atriallach nó freisin, i gcás iarrataí faoi Airteagal 15 toisc go mbaineann an t-ábhar sonraí mí-úsáid as na cearta a thugtar leis an Rialachán seo chun críoch eile seachas chun a shonraí a chosaint, féadfaidh an rialaitheoir ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) táille réasúnta a ghearradh agus na costais riaracháin a bhaineann leis an bhfaisnéis nó leis an gcumarsáid a sholáthar nó leis an ngníomhaíocht a iarrtar a dhéanamh á gcur san áireamh; nó

(b) diúltú gníomhú de bhun na hiarrata.

Is faoin rialaitheoir a bheidh sé a léiriú go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil sí iomarcach.'

5. In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 i gcás inar bailíodh na sonraí pearsanta i gcomhthéacs caidreamh soiléir agus teoranta idir ábhair sonraí agus rialaitheoir a fheidhmíonn gníomhaíocht nach bhfuil dian ar shonraí agus go bhfuil forais réasúnta ann glacadh leis go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) de mhír 1 ag an ábhar sonraí cheana féin, ach amháin má tharchuireann an rialaitheoir na sonraí chuig faighteoirí eile nó chuig catagóirí eile faighteoirí, má aistríonn sé na sonraí chuig tríú tír, má dhéanann sé cinnteoireacht uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú, dá dtagraítear in Airteagal 22(1), nó más dócha go mbeadh ardriosca do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí de réir bhrí Airteagal 35 mar thoradh ar an bpróiseáil.'

6. In Airteagal 13, cuirtear mír 5 isteach.

'5. I gcás ina ndéantar an phróiseáil chun críoch taighde eolaíoch agus ina bhfuil sé dodhéanta an fhaisnéis dá dtagraítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a

sholáthar nó i gcás ina mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 89(1) nó a mhéid is dócha go bhfágann an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nach féidir cuspóirí na próiseála sin a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, ní gá don rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a sholáthar. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an rialaitheoir bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí.'

7. In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Ní fhéadfar cinneadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige d'ábhar sonraí, nó a dhéanann difear mór comhchosúil dó nó di, a bhunú ar phróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sé riachtanach chun conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir sonraí is cuma cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí an cinneadh a dhéanamh ar bhealach eile seachas trí mhodhanna uathoibrithe amháin;

(b) údaraítear é faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí Ballstáit a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena leagtar síos freisin bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint; nó

(c) tá sé bunaithe ar thoiliú sainráite an ábhair sonraí.'

8. Leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh air, tabharfaidh an rialaitheoir, gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb indéanta, tráth nach déanaí ná 96 uair an chloig tar éis dó teacht ar an eolas faoin sárú sin, fógra faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta tríd an bpointe iontrála aonair arna bhunú de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555 don údarás maoirseachta atá inniúil i gcomhréir le hAirteagal 55 agus Airteagal 56. I gcás nach dtugtar fógra don údarás maoirseachta laistigh de 96 uair an chloig, beidh na cúiseanna leis an moill ag gabháil leis.'

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'1a. Go dtí go mbunófar an pointe iontrála aonair de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555, leanfaidh rialaitheoirí d'fhógra a thabhairt go díreach don údarás maoirseachta inniúil faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagail 55 agus 56.'

(c) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'6. Déanfaidh an Bord togra le haghaidh teimpléad coiteann chun fógra a thabhairt faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta a ullmhú agus a tharchur chuig an údarás inniúil maoirseachta dá dtagraítear i mír 1 agus le haghaidh liosta de na himthosca inar dócha go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí duine nádúrtha mar thoradh ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta. Cuirfear na tograí

faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de [dáta Oifig na bhFoilseachán = 9 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanann an Coimisiún athbhreithniú air, tar éis aird chuí a thabhairt air, de réir mar is gá, agus tugtar de chumhacht dó é a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 93(2).

7. Déanfar an teimpléad agus an liosta dá dtagraítear i mír 6 a athbhreithniú gach 3 bliana ar a laghad agus tabharfar cothrom le dáta iad i gcás inar gá. Cuirfidh an Bord a mheasúnú agus tograí féideartha le haghaidh nuashonruithe faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha. Tar éis don Choimisiún breithniú cuí a dhéanamh ar na tograí, déanann sé athbhreithniú orthu agus tugtar de chumhacht dó aon nuashonrú a ghlacadh de réir an nós imeachta i mír 6.'

9. Leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4, mhír 5 agus mhír 6:

'4. Déanfaidh an Bord togra le haghaidh liosta de na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí de bhun mhír 1 a ullmhú agus a tharchur chuig an gCoimisiún.

5. Déanfaidh an Bord togra le haghaidh liosta de na cineálacha oibríochtaí próiseála nach bhfuil aon mheasúnú tionchair ar chosaint sonraí ag teastáil ina leith a ullmhú agus a tharchur chuig an gCoimisiún.

6. Déanfaidh an Bord togra le haghaidh teimpléad coiteann agus modheolaíocht choiteann chun measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh a ullmhú agus a tharchur chuig an gCoimisiún.'

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'6a. Déanfar na tograí le haghaidh na liostaí dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 agus le haghaidh an teimpléid agus na modheolaíochta dá dtagraítear i mír 6 a chur faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de [dáta Oifig na bhFoilseachán = 9 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Tar éis breithniú cuí a dhéanamh orthu, déanann an Coimisiún athbhreithniú orthu, de réir mar is gá, agus tugtar de chumhacht dó iad a ghlacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach in Airteagal 93(2).

6b. Déanfar athbhreithniú ar na liostaí agus ar an teimpléad agus ar an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 6a- gach 3 bliana ar a laghad agus tabharfar cothrom le dáta iad i gcás inar gá. Cuirfidh an Bord a mheasúnú agus tograí féideartha le haghaidh nuashonruithe faoi bhráid an Choimisiúin in am trátha. Tar éis don Choimisiún breithniú cuí a dhéanamh ar na tograí, déanann sé athbhreithniú orthu agus tugtar de chumhacht dó aon nuashonrú a ghlacadh de réir an nós imeachta i mír 6a.

6c. Liostaí den chineál oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus den chineál oibríochtaí próiseála nach bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith, arna mbunú agus arna gcur ar fáil go poiblí ag údaráis mhaoirseachta, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí go nglacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 6a.'

10. Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘Airteagal 41a

(1) Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun modhanna agus critéir a shonrú chun a chinneadh an ionann sonraí a eascraíonn as bréagainmniú agus sonraí pearsanta le haghaidh eintitis áirithe a thuilleadh.

(2) Chun críoch mhír 1, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) measúnú a dhéanamh ar úrscothacht na dteicnící atá ar fáil;

(b) critéir agus catagóirí a fhorbairt le haghaidh rialaitheoirí agus faighteoirí chun measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le hath-shainaithint i ndáil le gnáthfhaighteoirí sonraí.

(3) Féadfar cur chun feidhme na modhanna agus na gcritéar a leagtar amach i ngníomh cur chun feidhme a úsáid mar ghné chun a léiriú nach féidir na hábhair sonraí a ath-shainaithint mar thoradh ar shonraí.

(4) Beidh dlúthbhaint ag an gCoimisiún leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus na gníomhartha cur chun feidhme á n-ullmhú. Eiseoidh BECS tuairim maidir leis na dréachtghníomhartha cur chun feidhme laistigh de sprioc-am 8 seachtaine ón lá a bhfaighfear an dréacht ón gCoimisiún.

(5) Glacfar na Gníomhartha Cur Chun Feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 93(3).’

11. Leasaítear Airteagal 57(1) mar a leanas:

(a) scriostar pointe (k);

12. In Airteagal 64(1), scriostar pointe (a).

13. In Airteagal 70(1), scriostar pointe (h).

14. In Airteagal 70(1), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(ha) togra a ullmhú agus a tharchur chuig an gCoimisiún le haghaidh liosta de na cineálacha oibríochtaí próiseála atá faoi réir an cheanglais maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus nach bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith, de bhun Airteagal 35.

(hb) togra a ullmhú agus a tharchur chuig an gCoimisiún le haghaidh teimpléad coiteann agus modheolaíocht choiteann chun measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh, de bhun Airteagal 35.

(hc) togra a ullmhú agus a tharchur chuig an gCoimisiún le haghaidh teimpléad coiteann chun fógra a thabhairt don údarás maoirseachta inniúil faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta agus le haghaidh liosta de na himthosca inar dócha go mbeidh ardriosca ann do chearta agus do shaoirsí duine nádúrtha mar thoradh ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta de bhun Airteagal 33’

15. I ndiaidh Airteagal 88, cuirtear isteach na hairteagail seo a leanas:

‘Airteagal 88a

*Sonraí pearsanta a phróiseáil i dtrealamh teirminéil daoine nádúrtha*

(1) Ní cheadaítear sonraí pearsanta a stóráil, ná rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha ach amháin nuair atá toiliú tugtha ag an duine sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(2) Ní choisctear le mír 1 sonraí pearsanta a stóráil, ná rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana féin, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha, bunaithe ar dhlí an Aontais nó ar dhlí Ballstáit de réir bhrí Airteagal 6 agus faoi réir choinníollacha Airteagal 6, chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chosaint.

(3) Beidh stóráil sonraí pearsanta, nó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha gan toiliú, agus próiseáil ina dhiaidh sin, dleathach a mhéid is gá d'aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) cumarsáid leictreonach a tharchur thar líonra cumarsáide leictreonaí;

(b) seirbhís a sholáthar arna hiarraidh go sainráite ag an ábhar sonraí;

(c) faisnéis chomhiomlánaithe a chruthú maidir le húsáid seirbhíse ar líne chun lucht féachana seirbhíse den sórt sin a thomhas, i gcás ina ndéanann rialaitheoir na seirbhíse ar líne sin í chun a úsáide féin amháin;

(d) coinneáil ar bun nó athbhunú slándála seirbhíse a sholáthraíonn an rialaitheoir agus a iarrann an t-ábhar sonraí nó an trealamh teirminéil a úsáidtear chun an tseirbhís sin a sholáthar.

(4) I gcás ina bhfuil stóráil sonraí pearsanta, nó rochtain ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha bunaithe ar thoiliú, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) beidh an t-ábhar sonraí in ann iarrataí ar thoiliú a dhiúltú ar bhealach éasca agus intuigthe le cnaipe aon chlic nó le modh coibhéiseach;

(b) má thugann an t-ábhar sonraí toiliú, ní dhéanfaidh an rialaitheoir iarraidh nua ar thoiliú chun na críche céanna don tréimhse ar lena linn is féidir leis an rialaitheoir brath go dleathach ar thoiliú an ábhair sonraí;

(c) má dhiúltaíonn an t-ábhar sonraí d'iarraidh ar thoiliú, ní dhéanfaidh an rialaitheoir iarraidh nua ar thoiliú chun na críche céanna ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad.

Tá feidhm ag an mír seo freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin bunaithe ar thoiliú.

(5) Beidh feidhm Airteagal seo ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

### Airteagal 88b

*Tásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ar roghanna an ábhair sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta i dtrealamh teirminéil daoine nádúrtha*

(1) Áiritheoidh rialaitheoirí go gcuirfidh a gcomhéadain ar líne ar a gcumas do na hábhair sonraí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Toiliú a thabhairt trí mhodhanna uathoibrithe agus meaisín-inléite, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le toiliú a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) diúltú d’iarraidh ar thoiliú agus an ceart chun agóid a dhéanamh de bhun Airteagal 21(2) a fheidhmiú trí mhodhanna uathoibrithe agus meaisín-inléite.

(2) Urramóidh rialaitheoirí na roghanna a dhéanfaidh ábhair sonraí i gcomhréir le mír 1.

(3) Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le rialaitheoirí ar soláthraithe seirbhíse meán iad agus seirbhís meán á soláthar acu.

(4) Iarrfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin a dhréachtú chun léirithe meaisín-inléite ar roghanna na n-ábhar sonraí a léirmhíniú.

Comhéadain rialaitheoirí ar líne atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh a leagtar amach i mír 1.

(5) Beidh feidhm ag Airteagail 1 agus 2 ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(6) Soláthróidh soláthraithe brabhsálaithe gréasáin, nach FBManna iad, na modhanna teicniúla chun ligean d’ábhair sonraí a dtoiliú a thabhairt agus diúltú d’iarraidh ar thoiliú agus an ceart chun agóid a dhéanamh de bhun Airteagal 21(2) a fheidhmiú trí na modhanna uathoibrithe agus meaisín-inléite dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, arna gcur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

(7) Beidh feidhm ag Airteagail 6 ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 48 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Airteagal 88c

*Próiseáil i gcomhthéacs fhorbairt agus oibriú na hintleachta saorga*

I gcás inar gá sonraí pearsanta a phróiseáil ar mhaithe le leasanna an rialaitheora i gcomhthéacs córas intleachta saorga a fhorbairt agus a oibriú mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2024/1689 nó samhail intleachta saorga, féadfar an phróiseáil sin a shaothrú ar mhaithe le leasanna dlisteanacha de réir bhrí Airteagal 6(1)(f) de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb iomchuí, ach amháin i gcás ina n-éilítear toiliú go sainráite le dlíthe eile de chuid an Aontais nó le dlíthe náisiúnta eile, agus i gcás ina bhfuil sáraíocht ag leasanna, nó cearta agus saoirsí bunúsacha an ábhair sonraí ar na leasanna sin, ar cearta nó saoirsí iad ar gá sonraí pearsanta a chosaint ina leith, go háirithe i gcás inar leanbh é an t-ábhar sonraí.

Beidh aon phróiseáil den sórt sin faoi réir bearta agus coimircí eagraíochtúla, teicniúla agus iomchuí maidir le cearta agus saoirsí an ábhair sonraí, amhail a áirithiú go n-urramófar íoslaghdú sonraí le linn chéim roghnúcháin na bhfoinsí agus le linn oiliúint agus tástáil a dhéanamh ar chóras nó ar shamhail intleachta saorga, chun cosaint a thabhairt ar neamhnochtadh sonraí a choinnítear go hiarmharach sa chóras intleachta saorga nó sa tsamhail intleachta saorga chun trédhearcacht fheabhsaithe a áirithiú d’ábhair sonraí agus chun ceart neamhchoinníollach a thabhairt d’ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a sonraí pearsanta.’

*Airteagal 4*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1725 (EUDPR)*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1725 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, cuirtear na habairtí seo a leanas isteach:

‘Maidir le faisnéis a bhaineann le duine nádúrtha, ní gá gur sonraí pearsanta í sin do gach duine nó eintiteas eile, toisc gur féidir le heintiteas eile an duine nádúrtha sin a shainaithint agus ar an gcúis sin amháin Ní faisnéis phearsanta a bheidh ann d’eintiteas ar leith i gcás nach féidir leis an eintiteas sin an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint, agus na modhanna is dócha le réasún a úsáidfidh an t-eintiteas sin á gcur san áireamh. Ní thagann faisnéis den sórt sin chun bheith pearsanta don eintiteas sin díreach toisc go bhfuil modhanna ag faighteoir féideartha ina dhiaidh sin ar dócha le réasún go n-úsáidfear iad chun an duine nádúrtha lena mbaineann an fhaisnéis a shainaithint.’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 25:

‘(25) maidir le ‘líonraí cumarsáide leictreonaí’ beidh feidhm ag an sainmhíniú in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/1972;’

(c) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(27) ciallaíonn ‘feidhmchlár móibíleach’ feidhmchlár móibíleach mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Threoir (AE) 2016/2102;

(28) ciallaíonn ‘comhéadan ar líne’ comhéadan ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3(m) de Rialachán (AE) 2022/2065;

(29) ciallaíonn ‘taighde eolaíoch’ aon taighde ar féidir leis tacú leis an nuálaíocht freisin, amhail forbairt theicneolaíoch agus taisealbhadh. Cuirfidh na gníomhaíochtaí sin leis an eolas eolaíoch atá ann cheana nó cuirfidh siad eolas atá ann cheana i bhfeidhm ar bhealaí nua, cuirfear i gcrích iad agus é d’aidhm acu cur le fás eolas ginearálta agus dhea-bhail na sochaí agus cloí le caighdeáin eiticiúla sa réimse ábhartha taighde. Ní eisiatar leis sin go bhféadfadh sé a bheith d’aidhm ag an taighde freisin leas tráchtála a chur chun cinn.’

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 (1)(b):

‘(b) déanfar iad a bhailiú chun críoch sonraithe sainráite dlisteanach agus ní dhéanfar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin; measfar tuilleadh próiseála chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críoch taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críoch staidrimh, i gcomhréir le hAirteagal 13, a bheith comhoiriúnach leis na críocha tosaigh, neamhspleách ar choinníollacha Airteagal 6 den Rialachán seo, (‘teorannú de réir cuspóra’);’

3. Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(k) próiseáil i gcomhthéacs córas intleachta saorga a fhorbairt agus a oibriú mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Rialachán (AE) 2024/1689 nó samhail intleachta saorga, faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 4.

(l) is gá sonraí bithmhéadracha a phróiseáil chun céannacht ábhair sonraí a dheimhniú (fíorú), i gcás ina bhfuil na sonraí bithmhéadracha nó na modhanna is gá don fhíorú faoi rialú an ábhair sonraí amháin.’

(b) cuirtear an mhír 4 seo a leanas isteach:

‘4. Maidir leis an bpróiseáil dá dtagraítear i bpointe (k) de mhír 2, cuirfear bearta eagraíochtúla agus teicniúla iomchuí chun feidhme chun bailiú agus próiseáil catagóirí speisialta sonraí pearsanta ar shlí eile a sheachaint. Más rud é, d’ainneoin chur chun feidhme na mbeart sin, go sainaithníonn an rialaitheoir catagóirí speisialta sonraí pearsanta sna tacair sonraí a úsáidtear le haghaidh oiliúna, tástála nó bailíochtaithe nó sa chóras intleachta saorga nó sa tsamhail intleachta saorga, bainfidh an rialaitheoir na sonraí sin. Más gá iarracht dhíréireach a dhéanamh chun na sonraí sin a bhaint, déanfaidh an rialaitheoir, in aon chás, na sonraí sin a chosaint go héifeachtach gan moill mhíchuí ar iad a úsáid chun aschuir a tháirgeadh, ar iad a nochtadh nó a chur ar fáil ar shlí eile do thríú páirtithe.’

4. in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Cuirfear faisnéis a sholáthraítear faoi Airteagal 15 agus Airteagal 16 ar fáil saor in aisce mar aon le haon chumarsáid agus aon ghníomh a dhéanfar faoi Airteagal 17 go hAirteagal 24 agus faoi Airteagal 35. I gcás inar follasach go bhfuil iarrataí ó ábhar sonraí gan bhunús nó iomarcach, go háirithe toisc go bhfuil siad atriallach nó freisin, i gcás iarrataí faoi Airteagal 17 toisc go mbaineann an t-ábhar sonraí mí-úsáid as na cearta a thugtar leis an Rialachán seo chun críoch eile seachas chun a shonraí a chosaint, féadfaidh an rialaitheoir diúltú gníomhú de bhun na hiarrata. Is faoin rialaitheoir a bheidh sé a léiriú go bhfuil an iarraidh go follasach gan bhunús nó go bhfuil forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhfuil sí iomarcach.’

5. in Airteagal 15, cuirtear mír 5 nua isteach.

‘5. I gcás ina ndéantar an phróiseáil chun críoch taighde eolaíoch agus ina bhfuil sé dodhéanta an fhaisnéis dá dtagraítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a sholáthar nó i gcás ina mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leis faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 13 nó a mhéid is dócha go bhfágann an oibleagáid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo nach féidir cuspóirí na próiseála sin a bhaint amach nó go gcuirfear bac tromchúiseach ar a mbaint amach, ní gá don rialaitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 a sholáthar. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an rialaitheoir bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint, lena n-áirítear an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí.’

6. in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Ní fhéadfar cinneadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige d’ábhar sonraí, nó a dhéanann difear mór comhchosúil dó nó di, a bhunú ar phróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) tá sé riachtanach chun conradh a dhéanamh nó a chomhlíonadh idir an t-ábhar sonraí agus rialaitheoir sonraí is cuma cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí an cinneadh a dhéanamh ar bhealach eile seachas trí mhodhanna uathoibrithe amháin;

(b) údaraítear é faoi dhlí an Aontais a bhfuil an rialaitheoir faoina réir agus lena leagtar síos freisin bearta iomchuí chun cearta agus saoirsí agus leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí a chosaint; nó

(c) tá sé bunaithe ar thoiliú sainráite an ábhair sonraí.'

7. in Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1

'1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta ar dócha go mbeadh ardriosca ann dá bharr do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, tabharfaidh an rialaitheoir fógra faoin sárú sin don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí gan moill mhíchuí agus, i gcás inarb indéanta, tráth nach déanaí ná 96 uair an chloig tar éis dó fáil amach faoi. I gcás nach dtugtar an fógra sin don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí laistigh de 96 uair an chloig, gabhfaidh na cúiseanna a bhí leis an moill leis an bhfógra.'

8. In Airteagal 37, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'(2) Ní cheadaítear sonraí pearsanta a stóráil, nó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana féin, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha ach amháin nuair atá toiliú tugtha ag an duine sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

(3) Ní choisctear le mír 1 sonraí pearsanta a stóráil, ná rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana féin, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha, bunaithe ar dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 5, agus faoi réir choinníollacha Airteagal 5, chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 25(1) a chosaint.

(4) Beidh stóráil sonraí pearsanta, nó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha gan toiliú, agus próiseáil ina dhiaidh sin, dleathach a mhéid is gá i gcás aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) cumarsáid leictreonach a tharchur thar líonra cumarsáide leictreonaí;

(b) seirbhís a sholáthar arna hiarraidh go sainráite ag an ábhar sonraí;

(c) faisnéis chomhiomlánaithe a chruthú faoi úsáid seirbhíse ar líne chun lucht féachana seirbhíse den sórt sin a thomhas, i gcás ina ndéanann rialaitheoir na seirbhíse ar líne sin é sin dá úsáid féin amháin;

(d) coinneáil ar bun nó athbhunú slándála seirbhíse a sholáthraíonn an rialaitheoir agus a iarrann an t-ábhar sonraí nó an trealamh teirminéil a úsáidtear chun an tseirbhís sin a sholáthar.

(5) I gcás ina bhfuil stóráil sonraí pearsanta, nó rochtain ar shonraí pearsanta atá stóráilte cheana, i dtrealamh teirminéil duine nádúrtha bunaithe ar thoiliú, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) beidh an t-ábhar sonraí in ann iarrataí ar thoiliú a dhiúltú ar bhealach éasca agus intuigthe le cnaipe aon chlic nó le modh coibhéiseach;

(b) má thugann an t-ábhar sonraí toiliú, ní dhéanfaidh an rialaitheoir iarraidh nua ar thoiliú chun na críche céanna don tréimhse ar lena linn is féidir leis an rialaitheoir brath go dleathach ar thoiliú an ábhair sonraí;

(c) má dhiúltaíonn an t-ábhar sonraí d'iarraidh ar thoiliú, ní dhéanfaidh an rialaitheoir iarraidh nua ar thoiliú chun na críche céanna ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad.

Tá feidhm ag an mír seo freisin maidir le próiseáil sonraí pearsanta ina dhiaidh sin bunaithe ar thoiliú.

(6) Beidh feidhm Airteagal seo ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(7) Áiritheoidh rialaitheoirí go gcuirfidh a gcomhéadain ar líne ar a gcumas do na hábhair sonraí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) toiliú a thabhairt trí mhodhanna uathoibrithe agus meaisín-inléite, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le toiliú a leagtar síos sa Rialachán seo;

(b) diúltú d'iarraidh ar thoiliú trí mhodhanna uathoibrithe agus meaisín-inléite.

(8) Urramóidh rialaitheoirí na roghanna a dhéanfaidh na hábhair sonraí i gcomhréir le mír 7.

Comhéadain rialaitheoirí ar líne atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 88b de Rialachán (CE) 2016/679, toimhdeofar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh, a leagtar amach i mír 7.

(10) Beidh feidhm ag Airteagail 7 agus 9 ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

(8) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ba cheart feidhm a bheith ag na liostaí, an teimpléad agus an mhodheolaíocht arna nglacadh ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear i mír 6a d'Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.'

(b) Scriostar míreanna 5 agus 6.

(9) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'Airteagal 45a

Ba cheart feidhm a bheith ag na critéir chomhchoiteanna arna nglacadh ag an gCoimisiún agus dá dtagraítear in Airteagal 41a de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.'

*Airteagal 5*

*Leasuithe ar Threoir 2002/58/CE agus ar Threoir 2002/58/CE (an Treoir maidir le r-Phríobháideachas)*

Leasaítear Treoir 2002/58/CE mar a leanas:

1. Scriostar Airteagal 4;

2. I ndiaidh Airteagal 5(3), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

 ‘Ní bheidh feidhm ag an mír seo más duine nádúrtha é an síntiúsóir nó an t-úsáideoir, agus más ionann an fhaisnéis a stóráiltear nó a bhfaightear rochtain uirthi agus próiseáil sonraí pearsanta nó má bhíonn próiseáil sonraí pearsanta mar thoradh ar an bhfaisnéis sin.’

*Airteagal 6*

*Leasuithe ar Threoir (AE) 2022/2555*

Leasaítear Treoir (AE) 2022/2555 mar a leanas:

1. Cuirtear isteach an tAirteagal 23a seo a leanas:

‘Airteagal 23a

*Pointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas*

(1) Déanfaidh ENISA pointe iontrála aonair a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun tacú leis an oibleagáid teagmhais agus imeachtaí gaolmhara a thuairisciú faoi ghníomhartha dlí an Aontais i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sna gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais (‘pointe iontrála aonair’). Gan dochar d’Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, féadfaidh ENISA a áirithiú go gcuirfidh an pointe iontrála aonair leis an ardán tuairiscithe aonair arna bhunú faoin Rialachán sin.

(2) Déanfaidh ENISA bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla atá iomchuí agus comhréireach chun na rioscaí do shlándáil an phointe iontrála aonair agus an fhaisnéis a chuirtear isteach nó a scaiptear tríd an bpointe iontrála aonair a bhainistiú. Cuirfidh ENISA san áireamh íogaireacht na faisnéise arna cur isteach nó arna scaipeadh de bhun na ngníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír (1) agus áiritheoidh sé go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla faoi na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais agus go bpróiseálfaidh siad an fhaisnéis sin.

(3) Déanfaidh ENISA na sonraíochtaí maidir leis na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla a bhaineann le bunú, coinneáil ar bun agus oibriú slán an phointe iontrála aonair a sholáthar agus a chur chun feidhme. Forbróidh ENISA na sonraíochtaí i gcomhar leis an gCoimisiún, le líonra CSIRTanna agus leis na húdaráis inniúla faoi ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i mír (1). Áiritheofar an méid seo a leanas leis na sonraíochtaí:

 (a) go n-áirithítear an cumas is gá le haghaidh idir-inoibritheachta maidir le hoibleagáidí tuairiscithe ábhartha eile dá dtagraítear i mír (1);

(b) go bhfuil socruithe teicniúla i bhfeidhm do na heintitis agus na húdaráis ábhartha faoi ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i mír (1) chun faisnéis ón bpointe iontrála aonair a rochtain, a chur isteach, a aisghabháil, a tharchur nó a phróiseáil ar bhealach eile, agus go gcuireann siad prótacail agus uirlisí teicniúla ar fáil a chuireann ar a gcumas do na heintitis agus na húdaráis tuilleadh próiseála a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear laistigh dá gcórais;

(c) go gcuirfear sainiúlachtaí na gceanglas tuairiscithe teagmhas a leagtar amach faoi ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i mír (1) san áireamh go cuí;

(d) i gcás inarb ábhartha, go bhfuil an pointe iontrála aonair idir-inoibritheach agus comhoiriúnach le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa dá dtagraítear in *[Togra le haghaidh Rialacháin: Cuir isteach teideal an togra]* agus gur féidir Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a úsáid ar a laghad chun eintitis a shainaithint agus a fhíordheimhniú trí úsáid a bhaint as an bpointe iontrála aonair;

(e) gur féidir le heintitis a úsáideann an pointe iontrála aonair faisnéis a chuir siad isteach roimhe sin tríd an bpointe iontrála aonair a aisghabháil agus a fhorlíonadh;

(f) gur féidir fógra aonair faisnéise arna chur isteach ag eintiteas tríd an bpointe iontrála aonair a úsáid chun oibleagáidí tuairiscithe a chomhlíonadh mar a leagtar amach faoi aon cheann de ghníomhartha dlí eile an Aontais lena ndéantar foráil maidir le tuairisciú teagmhas chuig an bpointe iontrála aonair.

(4) Mura ndéantar foráil maidir leis sin i ngníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i mír (1) de seo, ní bheidh rochtain ag ENISA ar na fógraí a chuirtear isteach tríd an bpointe iontrála aonair.

(5) Laistigh de [18] mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh ENISA feidhmiú an phointe iontrála aonair a thriail ar bhonn píolótach le haghaidh gach gnímh dlí de chuid an Aontais a chuirtear isteach, lena n-áirítear tástáil lena gcuirtear san áireamh na sainiúlachtaí agus na ceanglais maidir leis na fógraí a leagtar amach i ngach gníomh dlí de chuid an Aontais faoi seach, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis inniúla ábhartha faoi na gníomhartha dlí de chuid an Aontais faoi seach. Ní chumasóidh ENISA fógra a thabhairt faoi theagmhais faoi gach gníomh dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear i mír (1) ach amháin tar éis dó an feidhmiú a phíolótú agus tar éis don Choimisiún fógra a fhoilsiú de bhun mhír 6.

(6) Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar le ENISA, measúnú ar fheidhmiú cuí, iontaofacht, sláine agus rúndacht an phointe iontrála aonair. Nuair a chinneann an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le líonra CSIRTanna agus leis na húdaráis inniúla faoi ghníomhartha dlí an Aontais dá dtagraítear i mír 1, go n-áirithítear leis an bpointe iontrála aonair feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine agus rúndacht, foilseoidh sé fógra chuige sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún ina mheasúnú nach n-áirithíonn an pointe iontrála aonair feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine nó rúndacht, déanfaidh ENISA, i gcomhar leis an gCoimisiún agus gan moill mhíchuí, na bearta ceartaitheacha uile is gá chun feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine nó rúndacht a áirithiú gan mhoill agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi na torthaí. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar fheidhmiú cuí, iontaofacht, sláine nó rúndacht an phointe iontrála aonair agus foilseoidh sé fógra i gcomhréir le mír 6.’

2. Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Áiritheoidh gach Ballstát go dtabharfaidh eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha, gan moill mhíchuí, fógra dá CSIRT nó, i gcás inarb infheidhme, dá n-údarás inniúil i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo faoi aon teagmhas a bhfuil tionchar mór aige ar sholáthar a seirbhísí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo (teagmhas mór) tríd an bpointe iontrála aonair arna bhunú de bhun Airteagal 23a.’

(a) cuirtear an mhír 12 seo a leanas isteach:

‘I gcás ina dtabharfaidh monaróir fógra faoi theagmhas tromchúiseach de bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/2847 agus ina mbeidh faisnéis ábhartha sa tuairisciú teagmhais faoin Airteagal sin mar a cheanglaítear faoi mhír 4 den Airteagal seo, is éard a bheidh i dtuairisciú an mhonaróra faoi Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/2847 tuairisciú faisnéise faoi mhír 4 den Airteagal seo.’;

3. in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit, sa bhreis ar an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt dá bhforáiltear in Airteagal 23, gur féidir leis na daoine seo a leanas fógraí a chur faoi bhráid CSIRTanna nó, i gcás inarb infheidhme, na n-údarás inniúil, ar bhonn deonach tríd an bpointe iontrála aonair arna bhunú de bhun Airteagal 23a:

(a) eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha maidir le teagmhais, cibearbhagairtí agus neasteagmhais;

(b) eintitis seachas na heintitis sin dá dtagraítear i bpointe (a), gan beann ar cibé acu a thagann nó nach dtagann siad faoi raon feidhme na Treorach seo, maidir le teagmhais mhóra, cibearbhagairtí agus neasteagmhais.’

*Airteagal 7*

*Leasú ar Rialachán (AE) 910/2014*

Leasaítear Rialachán (AE) 910/2014 mar a leanas:

1. in Airteagal 19a, cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Fógraí de bhun mhír 1, pointe (b) den Airteagal seo chuig an gcomhlacht maoirseachta agus, i gcás inarb infheidhme, chuig údaráis inniúla ábhartha eile, déanfar iad tríd an bpointe iontrála aonair de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555.’;

2. in Airteagal 24, cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

‘2a. Fógraí de bhun mhír 2, pointe (fb), den Airteagal seo chuig an gcomhlacht maoirseachta agus, i gcás inarb infheidhme, chuig comhlachtaí inniúla ábhartha eile, déanfar iad tríd an bpointe iontrála aonair de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555.’;

3. in Airteagal 45a, cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. Fógraí de bhun mhír 3 chuig an gCoimisiún agus chuig an gcomhlacht maoirseachta inniúil, déanfar iad tríd an bpointe iontrála aonair de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555.’

*Airteagal 8*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/2554*

Leasaítear Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2022/2554 mar a leanas:

1. i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

   ‘Tuairisceoidh eintitis airgeadais mórtheagmhais a bhaineann le TFC don údarás inniúil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 46 tríd an bpointe iontrála aonair arna bhunú de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555 i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.’

2. i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

   ‘Féadfaidh eintitis airgeadais, ar bhonn deonach, fógra a thabhairt don údarás inniúil ábhartha, tríd an bpointe iontrála aonair arna bhunú de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555, faoi chibearbhagairtí móra i gcás ina measann siad go bhfuil an bhagairt ábhartha don chóras airgeadais, d’úsáideoirí seirbhíse nó do chliaint. Féadfaidh an t-údarás inniúil ábhartha an fhaisnéis sin a sholáthar d’údaráis ábhartha eile dá dtagraítear i mír 6.’

*Airteagal 9*

*Leasuithe ar Threoir (AE) 2022/2557*

Leasaítear Airteagal 15 de Threoir (AE) 2022/2557 mar a leanas:

1. i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

   ‘Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh eintitis chriticiúla fógra don údarás inniúil, tríd an bpointe iontrála aonair arna bhunú de bhun Airteagal 23a de Threoir (AE) 2022/2555, gan moill mhíchuí, faoi theagmhais a dhéanann soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha a shuaitheadh go mór nó a d’fhéadfadh soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha a shuaitheadh go mór.’;

2. i mír 2, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

   ‘Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonrófar a thuilleadh cineál agus formáid na faisnéise ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 15(1). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 24(2).’

*Airteagal 10*

*Aisghairmeacha agus clásail idirthréimhseacha*

1. Aisghairtear Rialachán (AE) 2019/1150 le héifeacht ón [dáta = teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. De mhaolú ar mhír 1, leanfaidh na forálacha seo a leanas d’fheidhm a bheith acu go dtí an 31 Nollaig 2032:

(a) Airteagal 2, pointe (1);

(b) Airteagal 2, pointe (2);

(c) Airteagal 2, pointe (5);

(d) Airteagal 4;

(e) Airteagal 11;

(f) Airteagal 15.

3. Aisghairtear na gníomhartha seo a leanas, le héifeacht ón [Dáta, ailínithe le teacht i bhfeidhm na leasuithe]:

a) Rialachán (AE) 2022/868;

b) Rialachán (AE) 2018/1807;

c) Treoir 2019/1024.

4. Léifear tagairtí do Rialachán (AE) 2022/868, Rialachán (AE) 2018/1807 agus Treoir 2019/1024 i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 11*

*Forálacha críochnaitheacha*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Ag imeacht ó mhír 3, tiocfaidh Airteagal 5(2) i bhfeidhm 6 mhí tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Tiocfaidh Airteagal 3(8), pointí (a) go (c), Airteagail 6(2) agus (3) agus 7 go 9 i bhfeidhm 18 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ag imeacht ón gcéad abairt, i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún ina mheasúnú de bhun Airteagal 23a(7) de Threoir (AE) 2022/2555 nach n-áirithítear leis an bpointe iontrála aonair feidhmiú cuí, iontaofacht, sláine ná rúndacht, tiocfaidh na hoibleagáidí maidir le tuairisciú tríd an bpointe iontrála aonair a leagtar amach in Airteagal 23(4) de Threoir (AE) 2022/2555, Airteagal 19a (1a), Airteagal 24 (2a) agus Airteagal 45a (3a) de Rialachán (AE) 910/2014, Airteagal 33(1) de Rialachán (AE) 2016/679, Airteagal 19(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2022/2554, agus Airteagal 15(1) de Threoir (AE) 2022/2557 i bhfeidhm 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 3

1.1.Teideal an togra/tionscnaimh ........ 3

1.2.Réimsí beartais lena mbaineann ........ 3

1.3.Cuspóirí ........ 3

1.3.1.Cuspóirí ginearálta ........ 3

1.3.2.Cuspóirí sonracha ........ 3

1.3.3.An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ........ 3

1.3.4.Táscairí feidhmíochta ........ 3

1.4.Baineann an togra/tionscnamh le: ........ 4

1.5.Foras an togra/tionscnaimh ........ 4

1.5.1.…Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ........ 4

1.5.3.Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 4

1.5.4.Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 5

1.5.5.Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 5

1.6.Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige .... 6

1.7.Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ........ 6

2.BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 8

2.1.Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ........ 8

2.2.Córais bainistíochta agus rialaithe ........ 8

2.2.1.An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ........ 8

2.2.2.Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ........ 8

2.2.3.Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an

gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ... 8

2.3.Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ... 9

3.AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ... 10

3.1.Na ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ... 10

3.2.An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ... 12

3.2.1.Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ... 12

3.2.1.1.Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ... 12

3.2.1.2.Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ... 17

3.2.2.An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ... 22

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin ... 24

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar ... 24

3.2.3.2.Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ... 24

3.2.3.3.Iomlán na leithreasuithe ... 24

3.2.4.Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach ... 25

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad a vótáladh ... 25

3.2.4.2.Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ... 26

3.2.4.3.Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ... 26

3.2.5.Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ... 28

3.2.6.Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ... 28

3.2.7.Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ... 28

3.3.An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ... 29

4.GNÉITHE DIGITEACHA ... 29

4.1.Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ... 30

4.2.Sonraí ... 30

4.3.Réitigh dhigiteacha ... 31

4.4.Measúnú idir-inoibritheacha ... 31

4.5.Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ... 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an *acquis* digiteach a shimpliú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2854, Rialachán (AE) 2016/679, Rialachán (AE) 2024/1689 agus Treoir 2002/58/CE agus Treoir (AE) 2022/2555 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2022/868, Rialachán (AE) 2018/1807, Rialachán (AE) 2019/1150 agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach maidir leis an *acquis* digiteach)

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Líonraí Cumarsáide, an tÁbhar Digiteach agus an Teicneolaíocht;

An Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

### 1.3. Cuspóirí

#### *1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Cur i bhfeidhm an *Acquis* Dhigitigh a shimpliú agus costais a shábháil do ghnólachtaí

#### *1.3.2. Cuspóirí sonracha*

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 1</u>

Rialachas agus forfheidhmiú éifeachtach an *Acquis* Dhigitigh a fheabhsú trí chastacht na rialacha, na costais riaracháin do ghnólachtaí agus riaracháin a laghdú agus trí Ghníomhartha a aisghairm

<u>Cuspóir sonrach Uimh. 2</u>

Pointe iontrála aonair a sholáthar le haghaidh tuairisciú teagmhas thar roinnt creataí dlíthiúla

#### *1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Costais laghdaithe do ghnólachtaí mar thoradh ar chastacht na reachtaíochta a laghdú agus trí thuairisciú cuíchóirithe

#### *1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Táscaire 1

Laghduithe costais ríofa do ghnólachtaí

Táscaire 2

Coigilteas costais le haghaidh tuairisciú teagmhas ag gnólachtaí

Táscaire 3

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[39]

☒ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*Meastar go dtiocfaidh sé i bhfeidhm laistigh de 3 lá tar éis a fhoilsithe san Iris Oifigiúil. Ba cheart an teacht i bhfeidhm a bheith láithreach, cé is moite d'eisceachtaí móra le haghaidh rialacha lena gceanglaítear idirthréimhse. I gcás Chaibidil III maidir le tuairisciú teagmhas agus rialacha a bhaineann le hardáin, tá gá le tréimhse leordhóthanach don chur chun feidhme atá curtha in oiriúint do riachtanais gnólachtaí, na mBallstát agus chomhlachtaí an Aontais.*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais is toradh iad ar an bhfíoras go mbaineann na modhnuithe le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana agus go laghdaítear leo castacht dhlí an Aontais (*ex ante*)

Is éard atá i gceist le breisluach an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex post*) dlí an Aontais a chuíchóiriú, an t-ualach riaracháin agus costais a laghdú do ghnólachtaí.

Chun an pointe iontrála aonair le haghaidh tuairisciú teagmhas a bhunú, eascraíonn an breisluach ar leith as réiteach a sholáthar ar leibhéal an Aontais lena bhfreastalaítear ar cheanglais náisiúnta. Déantar na costais ar ghnólachtaí a bharrfheabhsú trí phointe aonair amháin a sholáthar, gan beann ar an áit a bhfuil an t-eintiteas tuairiscithe lonnaithe san Aontas ná ar na húdaráis a bhfuil sainordú acu na tuarascálacha a fháil.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*Tá na leasuithe ar na rialacháin faoi seach bunaithe ar an taithí phraiticiúil ar chur chun feidhme na rialacha, mar a shonraítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo. Cuireann siad le comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara, ag díriú go príomha ar chur i bhfeidhm na rialacha ó lá go lá.*

[39] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Tá na leasuithe comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil ós rud é nach bhforáiltear d'aon chaiteachas breise. |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar. |

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

5. ☐ tréimhse theoranta

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

☐ tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

6. ☒ tréimhse neamhtheoranta

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[40]

7. ☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

8. ☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

9. ☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

☐ comhlachtaí dlí poiblí

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

[40] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais, le fáil ar shuíomh gréasáin BUDGpedia: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

I

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

10. Déanfar faireachán ar na leasuithe mar chuid den reachtaíocht a mhodhnaítear,

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| **Cineál sonraí** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Gníomhaithe a sholáthraíonn na sonraí** | **Gníomhaithe a fhaigheann na sonraí** | **Truicear don mhalartú sonraí** | **Minicíocht (más infheidhme)** |
|---|---|---|---|---|---|
| Diúltú d'iarraidh ar rochtain ar shonraí ar bhonn na heisceachta maidir le rún trádála (agus fógra den sórt sin a thabhairt don údarás inniúil) | Airteagal 1<br>*Lena leasaítear Airteagail 4(8) agus 5(11) den Ghníomh um Shonraí* | Sealbhóir sonraí | Úsáideoir sonraí (an iarraidh a dhéanamh); Údarás inniúil arna ainmniú de bhun Airteagal 37 | Diúltú d'iarraidh ar rochtain ar shonraí bunaithe ar an eisceacht maidir le rún trádála | *Ad hoc* |
| Sonraí atá le cur ar fáil i gcomhthéacs éigeandáil phoiblí | Airteagal 1<br>*Airteagal 15a a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Sealbhóir sonraí | Comhlacht earnála poiblí; An Coimisiún Eorpach; An Banc Ceannais Eorpach; Comhlacht de chuid an Aontais | Éigeandáil phoiblí + Iarraidh ar rochtain ar shonraí a chomhlíonann na coinníollacha is gá | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Fógra a thabhairt faoin rún sonraí a chur ar fáil i gcomhthéacs éigeandáil phoiblí | Airteagal 1<br>*Lena leasaítear Airteagal 21(5) den Ghníomh um Shonraí* | Comhlacht earnála poiblí; An Coimisiún Eorpach; An Banc Ceannais Eorpach; Comhlacht de chuid an Aontais | An sealbhóir sonraí óna bhfuarthas na sonraí | Éigeandáil phoiblí + Rún chun sonraí a tharchur nó a chur ar fáil | *Ad hoc* |
| *Gearáin faoi Chaibidil V (‘Sonraí a chur ar fáil do chomhlachtaí earnála poiblí, don Choimisiún, don Bhanc Ceannais Eorpach agus do Chomhlachtaí an Aontais ar bhonn riachtanas eisceachtúil’)* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 22a a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Sealbhóir sonraí; comhlacht earnála poiblí; An Coimisiún Eorpach; An Banc Ceannais Eorpach; Comhlacht de chuid an Aontais* | *Údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an sealbhóir sonraí bunaithe* | *I gcás ina dtagann díospóid chun cinn maidir le hiarraidh ar shonraí faoi Airteagal 15a den Ghníomh um Shonraí* | *Ad hoc* |
| Sonraí neamhphearsanta atá á gcoinneáil san Aontas Eorpach | Airteagal 1<br>*Lena leasaítear na hAirteagail seo a leanas den Ghníomh um Shonraí:*<br>*Airteagal 32(1), Airteagal 32(3), Airteagal 32(4)* | Soláthraithe seirbhísí próiseála sonraí, soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí, eagraíochtaí altrúchais sonraí | Cúirteanna/binsí tríú tír,<br>Údaráis riaracháin tríú tír, Custaiméirí (sealbhóirí sonraí/ábhair sonraí) | Iarraidh ó thríú tír bunaithe ar chomhaontú idirnáisiúnta, Iarraidh ó thríú tír a chomhlíonann coinníollacha Airteagal 32(3), Iarraidh ó chustaiméirí ar rochtain ar a gcuid sonraí féin | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *Sonraí atá le soláthar mar fhreagairt ar iarraidh ar athúsáid sonraí* | *Airteagal 1*<br><br>*Lena leasaítear Airteagal 32(4-5) den Ghníomh um Shonraí* | *Soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó an eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí* | *Tionscnóir na hiarrata ar athúsáid sonraí (údarás tríú tír)* | *An dáta a deonaíodh an iarraidh ar athúsáid* | *Ad hoc* |
| *Fógra a thabhairt faoi iarraidh ar athúsáid sonraí atá le deonú* | *Airteagal 1*<br><br>*Lena leasaítear Airteagal 32(4-5) den Ghníomh um Shonraí* | *Soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí nó an eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí* | *Custaiméir* | *An dáta a deonaíodh iarraidh ar athúsáid ó údarás tríú tír (ach amháin i gcás ina bhfónann an iarraidh chun críocha fhorfheidhmiú an dlí)* | *Ad hoc* |
| *Faisnéis atá le foilsiú i gcláir phoiblí (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí)* | *Airteagal 1*<br><br>*Airteagal 32a a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *An Coimisiún Eorpach* | *An pobal* | *Bíonn faisnéis maidir le seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó eagraíochtaí altrúchais sonraí ar fáil nó bíonn athrú de dhíth orthu* | *Ar siúl (clár á nuashonrú go rialta)* |
| *Sonraí a gcuirtear seirbhísí idirghabhála ar fáil ina leith (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais* | *Airteagal 1*<br><br>*Airteagal 32c a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Ábhair sonraí*<br><br>*Sealbhóirí sonraí* | *Úsáideoirí sonraí (trí sholáthraí seirbhísí idirghabhála sonraí)* | *Toiliú an ábhair sonraí*<br><br>*Cead an tsealbhóra sonraí*<br><br>*Iarraidh ó úsáideoir* | *De réir an chomhaontaithe/an chonartha idir páirtithe* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *sonraí)* | | | | *sonraí* | |
| *Faisnéis faoi úsáidí agus téarmaí sonraí (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí)* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32c a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí* | *Ábhair sonraí* | *Sula dtabharfaidh an t-ábhar sonraí toiliú chun sonraí a úsáid* | *Gach uair sula n-iarrtar toiliú* |
| *Iarratais ar chlárú i gclár poiblí an Aontais agus athruithe ar fhaisnéis ar tugadh fógra ina leith (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí)* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32e a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí*<br>*Eagraíochtaí altrúchais sonraí* | *Údarás inniúil i mBallstát na príomhbhunaíochta* | *Cur i bhfeidhm* | *Ad hoc* |
| Iarratais ar chlárú ar glacadh leo atá le cur le clár poiblí an Aontais (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32e a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | An t-údarás inniúil | An Coimisiún Eorpach | Formheasadh an t-iarratas | *Ad hoc* (laistigh de 12 sheachtain tar éis iarratas a fháil, ar choinníoll go bhfuil an cinneadh dearfach) |
| Fógra maidir le hathruithe ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis a soláthraíodh le linn an phróisis iarratais (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála | Airteagal 1<br>*Airteagal 32e a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Eintitis chláraithe | An t-údarás inniúil | Athruithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear nó i gcás ina scoirfidh eintitis dá ngníomhaíochtaí san | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | | | | Aontas | |
| Fógra a fháil faoi athruithe ina dhiaidh sin (an lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32e a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | An t-údarás inniúil | An Coimisiún Eorpach | Tugann eintitis chláraithe fógra faoi athrú (féach an iontráil thuas) | *Ad hoc*, gan mhoill |
| Faisnéis a chuirtear ar fáil d'ábhair sonraí/do shealbhóirí sonraí roimh phróiseáil (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32f a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí | Ábhair sonraí<br>Sealbhóirí sonraí | Sula ndéantar aon phróiseáil ar a gcuid sonraí | Roimh gach gníomhaíocht phróiseála (ní mór di a bheith soiléir agus éasca le tuiscint) |
| Toiliú (nó tarraingt siar toilithe) le haghaidh próiseáil sonraí ag eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32f a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Ábhair sonraí<br>Sealbhóirí sonraí (más sonraí neamhphearsanta iad) | Eagraíocht altrúchais sonraí | Toiliú an ábhair sonraí/Cead an tsealbhóra sonraí is gá chun gníomhaíochtaí a phróiseáil | De réir an toilithe/an cheada a deonaíodh, agus an fhéidearthacht ann é a tharraingt siar tráth ar bith |
| Faisnéis maidir le dlínse tríú tír ina bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as sonraí | Airteagal 1<br>*Airteagal 32f a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Eagraíocht altrúchais sonraí | Sealbhóirí sonraí | I gcás ina n-éascaíonn eagraíocht altrúchais sonraí próiseáil sonraí ag tríú páirtithe | *Ad hoc* |
| Fógra a thabhairt faoi aistrithe | Airteagal 1 | Eagraíocht | Sealbhóirí sonraí | Gníomhaíocht | *Ad hoc*, gan mhoill |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| neamhúdaraithe, rochtain neamhúdaraithe, nó úsáid neamhúdaraithe sonraí neamhphearsanta (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | *Airteagal 32f a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | altrúchais sonraí | | neamhúdaraithe | |
| Faisnéis le haghaidh faireachán ar chomhlíonadh (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32 g a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí<br>Eagraíochtaí altrúchais sonraí | Údaráis Inniúla | Iarraidh ón údarás inniúil<br>Iarraidh ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach | *Ad hoc* (arna iarraidh sin, nach mór a bheith comhréireach agus réasúnaithe) |
| Fógra maidir le neamhchomhlíonadh (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32 g a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | An t-údarás inniúil | Eintiteas a chinntear a bheith neamhchomhlíontach | Cinneann an t-údarás inniúil go bhfuil soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí neamhchomhlíontach | *Ad hoc* (agus deis ina dhiaidh sin don eintiteas a thuairimí a chur in iúl laistigh de 30 lá) |
| Cinneadh maidir leis an gceart chun an lipéad a úsáid a chúlghairm (lipéad Eorpach le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32 g a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | An t-údarás inniúil | An pobal | Tar éis cúlghairm an lipéid a chinneadh | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Dréachtghníomhartha maidir le ceanglais logánaithe sonraí | Airteagal 1 | Na Ballstáit | An Coimisiún Eorpach | Dréachtghníomh a chruthú lena dtugtar isteach ceanglas nua logánaithe sonraí nó lena ndéantar athruithe ar cheanglas logánaithe sonraí atá ann cheana | *Ad hoc*, láithreach |
| Téarmaí críochnaitheacha na socruithe eisiacha | Airteagal 1 | Páirtithe sa socrú | An pobal | Socruithe eisiacha arna mbunú an 16 Iúil 2019 nó ina dhiaidh sin | *Ad hoc*, 2 mhí ar a laghad sula dtiocfaidh socrú i bhfeidhm |
| Sonraí (agus/nó fógraí) a bhaineann le hiarraidh ar athúsáid | Airteagal 1<br>*Airteagal 32p a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Comhlachtaí earnála poiblí | Tionscnóirí iarrataí ar athúsáid sonraí | Má tá aon cheann de na doiciméid seo a leanas le soláthar: sonraí/doiciméid a iarradh; tairiscint ceadúnais; fógraí faoi mhoilleanna; fógra a thabhairt faoi chinneadh diúltach. | *Ad hoc* |
| *Téarmaí críochnaitheacha na socruithe eisiacha* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32k a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Páirtithe i socrú eisiach* | *An pobal i gcoitinne* | *Téarmaí críochnaitheacha socraithe eisiach á mbaint amach* | *Ad hoc* |
| *Coinníollacha maidir le* | *Airteagal 1* | *Comhlachtaí* | *An pobal i gcoitinne* | *Nuair a dheonaíonn* | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *hathúsáid sonraí nó doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 2(54) a cheadú* | *Airteagal 32z a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *earnála poiblí (atá inniúil chun iarrataí ar rochtain a dheonú nó a dhiúltú)* | | *siad athúsáid sonraí nó doiciméad* | |
| *Fógra a thabhairt maidir le hathúsáid neamhúdaraithe sonraí neamhphearsanta* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32z a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Athúsáideoir (le cúnamh ón gcomhlacht earnála poiblí, b'fhéidir)* | *Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhféadfaí difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna* | *Athúsáid neamhúdaraithe déanta* | *Ad hoc* |
| *Fógra maidir le rún sonraí neamhphearsanta a aistriú chuig tríú tír agus cuspóir an aistrithe sin (chuig an gcomhlacht earnála poiblí)* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32aa a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Athúsáideoir* | *Comhlacht earnála poiblí* | *Rún sonraí a aistriú chuig tríú tír* | *Ad hoc* |
| *Fógra maidir le rún sonraí neamhphearsanta a aistriú chuig tríú tír, cuspóir an aistrithe seo, agus na coimircí iomchuí (chuig an duine nádúrtha nó dlítheanach a bhféadfaí difear a dhéanamh dá chearta agus dá leasanna)* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32aa a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *Athúsáideoir (le cúnamh ón gcomhlacht earnála poiblí, b'fhéidir)* | *Duine nádúrtha nó dlítheanach a bhféadfaí difear a dhéanamh dá chearta agus dá leasanna* | *Rún sonraí a aistriú chuig tríú tír* | *Ad hoc* |
| *Gach faisnéis ábhartha a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 32z [coinníollacha* | *Airteagal 1*<br>*Airteagal 32ad a chur isteach sa Ghníomh* | *Na Ballstáit* | *Ar fáil d'úsáideoirí an phointe faisnéise* | *Ní mór faisnéis ábhartha a chur ar fáil* | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *maidir le hathúsáid], 32aa [tríú tíortha] agus 32ab [Táillí] den Ghníomh um Shonraí.* | *um Shonraí* | | *aonair* | | |
| *Gearán arna thaisceadh ag daoine nádúrtha/dlítheanacha má sáraíodh a gcearta faoin nGníomh um Shonraí nó a mhéid a bhaineann le hábhair ábhartha eile* | *Airteagal 1*<br>*Lena leasaítear Airteagal 38(1-2) den Ghníomh um Shonraí* | *Daoine nádúrtha nó dlítheanacha* | *Údarás inniúil ábhartha sa Bhallstát ábhartha* | *An gearán atá le déanamh* | *Ad hoc* |
| *Faisnéis maidir le dul chun cinn imeachtaí/leigheasanna breithiúnacha i ndáil le gearán a taisceadh faoin nGníomh um Shonraí* | *Airteagal 1*<br>*Lena leasaítear Airteagal 38(1-2) den Ghníomh um Shonraí* | *Údarás inniúil ábhartha* | *Daoine nádúrtha nó dlítheanacha a thionscain an gearán* | *Gearán a taisceadh* | *Ad hoc* |
| *Sonraí maidir le taithí agus dea-chleachtas (BENS)* | *Airteagal 1*<br>*Caibidil IXa a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | *An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí* | *An Coimisiún; Údaráis Inniúla* | *Ionchur atá le soláthar* | *Ad hoc* |
| *Meastóireacht ar chaibidlí II, III, IV, V, VI, VII agus VIII den Ghníomh um Shonraí*<br>*Meastóireacht ar chaibidlí VIIa, VIIb agus VIIc den Ghníomh um Shonraí* | *Airteagal 1*<br>*Lena leasaítear Airteagal 49(1) den Ghníomh um Shonraí*<br>*Airteagal 1*<br>*Lena leasaítear Airteagal 49(2) den Ghníomh um Shonraí* | *An Coimisiún Eorpach* | *Parlaimint na hEorpa; Comhairle; Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | *Meastóireacht ar an nGníomh um Shonraí déanta* | *Faoin 12 Meán Fómhair 2028*<br>*Faoin [teacht i bhfeidhm móide 5 bliana]* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *Fógraí faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta* | *Airteagal 3*<br>*Lena leasaítear Airteagal 33(1) de RGCS* | *An rialaitheoir sonraí* | *An t-údarás maoirseachta* | *Sárú ar shonraí ag tarlú* | *Ad hoc* |
| *Togra ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí le haghaidh teimpléad coiteann maidir le fógra a thabhairt faoi shárú ar shonraí* | *Airteagal 3*<br>*Lena leasaítear Airteagal 33(1) de RGCS* | *An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí* | *An Coimisiún* | *Togra le tíolacadh* | *Laistigh de [míonna] ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*<br>*Gach 3 bliana* |
| *Tograí BECS maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí* | *Airteagal 3*<br>*Lena leasaítear Airteagal 70(1) de RGCS* | *An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí* | *An Coimisiún* | *Togra le tíolacadh* | *Ad hoc* |
| *Tuarascálacha ar theagmhais mhóra de bhun Threoir NIS2* | *Airteagal 6*<br>*Airteagail 23a agus 23b a chur isteach, lena leasaítear Airteagail 23 agus 30(1) de NIS2* | *Eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha* | *CSIRTanna/údaráis inniúla (de réir mar is infheidhme)* | *Imthosca a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 23(3) de Threoir NIS2* | *Ad hoc* |
| *Fógraí faoi sháruithe i ndáil le sonraí pearsanta* | *Airteagal 3*<br>*Lena leasaítear Airteagal 33 de RGCS* | *Rialaitheoirí sonraí* | *An t-údarás maoirseachta* | *Sárú i ndáil le sonraí pearsanta* | *Ad hoc* |
| *Fógraí faoi mhórtheagmhais a bhaineann le TFC de bhun* | *Airteagal 8* | *Eintitis airgeadais* | *Údarás inniúil* | *Mórtheagmhais a bhaineann le TFC;* | *Ad hoc* |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *DORA; fógraí deonacha faoi chibearbhagairtí móra de bhun DORA* | *Lena leasaítear Airteagal 19 de DORA* | | *ábhartha* | *cibearbhagairtí móra* | |
| *Fógraí faoi theagmhais a shuaitheann go mór soláthar seirbhísí fíor-riachtanacha nó a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha de bhun Threoir AEC* | *Airteagal 9*<br>*Lena leasaítear Airteagal 15 de Threoir CER* | *Eintitis chriticiúla* | *An t-údarás inniúil* | *Teagmhais a chuireann isteach go mór ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha nó a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha* | *Ad hoc* |

**4.3. Réitigh dhigiteacha**

*Tuairisc ardleibhéil ar réitigh dhigiteacha*

*NB: Is réitigh atá ann cheana iad na réitigh dhigiteacha uile a shonraítear thíos a bhfuil a mbunús dlí á aistriú ó Rialachán amháin go Rialachán eile. Is é sin, aistrítear forálacha ón nGníomh um Rialachas Sonraí chuig an nGníomh um Shonraí.*

| Réiteach Digiteach | Tagairtí do na ceanglais | Na príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe | An comhlacht atá freagrach | Conas a dhéantar freastal ar inrochtaineacht? | Conas a chuirtear an ath-inúsáidteacht san áireamh? | Úsáid teicneolaíochtaí IS (más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Clár poiblí de chuid an Aontais de sheirbhísí idirghabhála sonraí agus d'eagraíochtaí altrúchais sonraí | *Airteagal 32a a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Faisnéis éigeantach a stóráil agus a fhoilsiú | An Coimisiún Eorpach | // | // | NEAMHBHAINTEACH |
| Pointe Faisnéise Aonair (faoin nGníomh um Shonraí) | Airteagal 1<br>*Airteagal 32ad a chur isteach sa Ghníomh um Shonraí* | Faisnéis atá le cur ar fáil agus atá inrochtana<br>Inniúil chun fiosrúcháin nó iarrataí a fháil maidir le hathúsáid na gcatagóirí sonraí faoi chosaint<br>Iarrataí a tharchur, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí trí mhodhanna | An Coimisiún Eorpach | Pointe rochtana aonair lena dtairgtear clár leictreonach inchuardaithe sonraí atá ar fáil sna pointí faisnéise aonair náisiúnta agus tuilleadh | Infhaighteacht trí mheán leictreonach liosta sócmhainní inchuardaithe ina bhfuil forléargas ar na hacmhainní sonraí uile atá | NEAMHBHAINTEACH |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | uathoibrithe, chuig comhlachtaí inniúla na hearnála poiblí<br><br>Liosta sócmhainní inchuardaithe a chur ar fáil trí mheán leictreonach ina mbeidh forléargas ar na hacmhainní doiciméid uile atá ar fáil | | faisnéise maidir le conas sonraí a iarraidh trí na pointí faisnéise aonair náisiúnta sin | ar fáil [...] agus na coinníollacha maidir lena n-athúsáid. | |
| Pointe iontrála aonair le haghaidh fógraí faoi theagmhais | Airteagal 6<br><br>*Airteagal 23a a chur isteach in NIS2* | Tuairisciú teagmhas a chumasú de bhun gníomhartha ábhartha ar leibhéal an Aontais<br><br>Idir-inoibritheacht agus comhoiriúnacht do Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a áirithiú | An Coimisiún Eorpach; ENISA | Idir-inoibritheacht & comhoiriúnacht do Thiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa agus a modhanna inrochtaineachta féin | An fhéidearthacht chun freastal ar thuairisciú teagmhas faoi ghníomhartha dlí éagsúla; an fhéidearthacht tuilleadh bunús dlí a ionduchtú i réiteach an phointe iontrála aonair amach anseo | NEAMHBHAINTEACH |

*Míniú, i gcás gach réitigh dhigitigh, ar an gcaoi a gcomhlíonann an réiteach digiteach na beartais dhigiteacha agus na hachtacháin reachtacha is infheidhme*

**<u>Clár poiblí de chuid an Aontais de sheirbhísí idirghabhála sonraí agus d’eagraíochtaí altrúchais sonraí</u>**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***eIDAS*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | Leasú ar Rialachán (AE) 2018/1724 chun ‘Clárú mar sholáthraí seirbhísí idirghabhála sonraí’ agus ‘Clárú mar eagraíocht altrúchais sonraí a aithnítear san Aontas’ a chur isteach faoi Iarscríbhinn II. |
| ***Eile*** | NEAMHBHAINTEACH |

**<u>Pointe Faisnéise Aonair (faoin nGníomh um Shonraí)</u>**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | Féadfaidh comhlachtaí earnála poiblí foráil a dhéanamh maidir le ceanglas chun rochtain a fháil ar na sonraí nó ar na doiciméid agus iad a athúsáid go cianda laistigh de thimpeallacht shlán phróiseála arna soláthar nó arna rialú ag an gcomhlacht earnála poiblí. I gcásanna den sórt sin, forchuirfidh na comhlachtaí earnála poiblí coinníollacha lena gcaomhnófar sláine fheidhmiú chórais theicniúla na timpeallachta sláine próiseála a úsáidtear. |

| | |
|---|---|
| ***eIDAS*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Eile*** | Beidh an Pointe Faisnéise Aonair i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (RGCS). Ní fhéadfaidh comhlachtaí earnála poiblí ceanglais a sholáthar chun rochtain a dheonú le haghaidh athúsáid sonraí nó doiciméad ach amháin i gcás ina ndearnadh anaithnidiú orthu, agus/nó faoi réir ullmhú ábhartha de chineál eile. Thairis sin, i gcás athúsáid neamhúdaraithe sonraí neamhphearsanta, beidh sé d’oibleagáid ar an athúsáideoir na daoine nádúrtha a bhféadfaí difear a dhéanamh dá gcearta agus dá leasanna a chur ar an eolas. |

**Pointe iontrála aonair le haghaidh fógraí faoi theagmhais**

| **Beartas digiteach agus/nó earnálach (i gcás inarb infheidhme)** | **Míniú ar an gcaoi a bhfuil sé ailínithe** |
|---|---|
| ***An Gníomh um an Intleacht Shaorga*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Creat Cibearshlándála an Aontais*** | Mar leasú ar NIS2, dírítear go bunúsach ar an gcibearshlándáil. Ar bhonn níos leithne, is é is aidhm don phointe iontrála aonair feidhmiú mar thairseach, agus gach tuairisc ar theagmhais a bhaineann leis an gcibearshlándáil a dhíriú ar údaráis inniúla faoi seach, faoi roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais. |
| ***eIDAS*** | Tá an pointe iontrála aonair sainordaithe freisin le haghaidh tuairisciú teagmhas faoi Rialachán (AE) 910/2014 (Rialachán eIDAS).<br><br>Áiritheoidh ENISA go mbeidh an pointe iontrála aonair idir-inoibritheach agus comhoiriúnach le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa agus gur féidir Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa a úsáid ar a laghad chun eintitis a úsáideann an pointe iontrála aonair a shainaithint agus a fhíordheimhniú. Cuirfidh tionscnamh beartais Tiachóige le haghaidh Ghnó na hEorpa le creat eIDAS. |

| | |
|---|---|
| ***Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI*** | NEAMHBHAINTEACH |
| ***Eile*** | Cuireadh an acquis digiteach ina iomláine san áireamh sa togra, lena n-áirítear beartais a bhaineann le sonraí, cibearshlándáil agus teileachumarsáid. |

**4.4. Measúnú idir-inoibritheachta**

*Tuairisc ardleibhéil ar na seirbhísí poiblí digiteacha a ndéanann na ceanglais difear dóibh*

| **Seirbhís phoiblí dhigiteach nó catagóir de sheirbhísí poiblí digiteacha** | **Tuairisc** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach (NEAMHBHAINTEACH)** | **Réitigh idir-inoibritheachta eile** |
|---|---|---|---|---|
| Rialachas sonraí Eorpach agus bonneagar trédhearcachta | Seirbhís phoiblí dhigiteach lena gceadaítear rialachas sonraí agus bonneagar trédhearcachta agus lena ndéantar, *inter alia*, clár poiblí de chuid an Aontais de sheirbhísí idirghabhála sonraí agus d'eagraíochtaí altrúchais sonraí a ghiaráil, agus pointe faisnéise aonair lena gcabhraítear le hathúsáideoirí faisnéis a fháil maidir le hathúsáid catagóirí áirithe sonraí cosanta.<br><br>Catagóir de sheirbhísí poiblí digiteacha de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG) 04.9.0 - Gnóthaí eacnamaíocha nach n-aicmítear in áit ar bith eile (CS) | Airteagal 1 | // | // |
| Tuairisciú Teagmhais | Seirbhís phoiblí dhigiteach lena gceadaítear tuairisciú teagmhas | Airteagal 6 | // | Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | tríd an bpointe iontrála aonair.<br>Catagóir de sheirbhísí poiblí digiteacha de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG) 03.6.0 Ord poiblí agus sábháilteacht nach n-aicmítear in áit ar bith eile | | | |

*An tionchar atá ag na gceanglas, ó thaobh na hidir-inoibritheachta trasteorann de, i gcás gach seirbhíse poiblí digití ar leith*

***NB: San anailís a leanann, tá uimhreacha na nAirteagal a sholáthraítear ar fud na roinne 'Beart(a)' ag tagairt don Ghníomh/do na Gníomhartha atá á leasú. Déantar an mhapáil ar cheanglais Omnibus uair amháin, ag barr gach cille.***

**Seirbhís phoiblí dhigiteach #1 — Rialachas sonraí Eorpach agus bonneagar trédhearcachta**

| Measúnú | Bearta | Bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i gcónaí (más infheidhme) |
|---|---|---|
| **Ailíniú le beartais dhigiteacha agus beartais earnálacha atá ann cheana**<br>**Liostaigh na beartais dhigiteacha agus na beartais earnálacha infheidhme a sainaithníodh** | Airteagal 1<br>Léirítear ailíniú le beartais dhigiteacha agus earnálacha atá ann cheana sna hAithrisí a ghabhann leis an nGníomh um Rialachas Sonraí:<br>Tairseach Aonair Dhigiteach (Rialachán (AE) 2018/1724) (Aithris 56): Ní mór na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt le haghaidh seirbhísí idirghabhála sonraí agus na nósanna imeachta clárúcháin le haghaidh eagraíochtaí altrúchais sonraí a chur ar fáil tríd an Tairseach Aonair Dhigiteach, lena n-áiritheofar rochtain trasteorann ar líne.<br>An Creat Eorpach Idir-inoibritheachta (Aithris 54): Ní mór don bhonneagar digiteach cloí le prionsabail an Chreata Eorpaigh Idir-inoibritheachta chun úsáid sonraí trasteorann agus trasearnála a áirithiú.<br>Bloic Thógála SCE (Bonneagar Seirbhísí Digiteacha na Saoráide um Chónascadh na | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | hEorpa) (Aithris 54): Tagairtí 'na croístórtha focal agus Bloic Thógála SCE'. Ba cheart don tseirbhís dhigiteach Bloic Thógála SCE (amhail r-Sheachadadh, ríomh-shainaitheantas, ríomhshíniú) a ghiaráil le haghaidh cur chun feidhme teicniúil.<br><br>Ceanglais Inrochtaineachta (Treoracha (AE) 2016/2102 agus (AE) 2019/882) (Aithris 62). Treoir (AE) 2016/2102 (an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin): Ní mór rochtain a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar chláir phoiblí agus ar sheirbhísí digiteacha;<br>Treoir (AE) 2019/882 (an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht): Ní mór do sheirbhísí digiteacha na ceanglais inrochtaineachta a chomhlíonadh.<br><br>RGCS (Rialachán (AE) 2016/679) (Aithris 4 agus Aithris 35): Ní mór do gach seirbhís dhigiteach a láimhseálann sonraí pearsanta ceanglais RGCS maidir le cosaint sonraí, príobháideachas agus slándáil a chomhlíonadh.<br><br>Rialachán (AE) 2018/1725 (Aithris 4): I gcás ina bpróiseálann institiúidí an Aontais sonraí trí na cláir sin, ní mór dóibh an rialachán seo a chomhlíonadh.<br><br>An Treoir maidir le Sonraí Oscailte (Treoir (AE) 2019/1024) (Aithris 6 agus Aithris 10): 'Le Treoir (AE) 2019/1024 agus le dlí earnáilsonrach an Aontais, áirithítear go gcuirfidh na comhlachtaí earnála poiblí níos mó de na sonraí a tháirgeann siad ar fáil go héasca lena n-úsáid agus lena n-athúsáid': Comhlánaíonn an tseirbhís dhigiteach an Treoir maidir le Sonraí Oscailte trí aghaidh a thabhairt ar chatagóirí sonraí cosanta nach dtagann faoina raon feidhme, agus an tráth céanna áirithíonn sí go leanann comhlachtaí earnála poiblí prionsabail 'oscailte d'aon ghnó agus mar réamhshocrú' i gcás inarb infheidhme.<br><br>Beartais earnála maidir le spásanna sonraí Eorpacha agus sonraí earnála, lena n-áirítear Spás Eorpach Sonraí Sláinte, Spás Eorpach Sonraí Soghluaisteachta, an Comhaontú Glas don Eoraip/Sonraí Aeráide agus Fuinnimh, Sonraí Monaraíochta agus Tionsclaíocha, Sonraí Seirbhísí Airgeadais, Sonraí Talmhaíochta, Spás Sonraí Riaracháin Phoiblí, agus Spás Sonraí Scileanna. | |

| | | |
|---|---|---|
| **Bearta eagraíochtúla maidir le seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann a sholáthar go rianúil**<br><br>**Liostaigh na bearta rialachais atá beartaithe** | Airteagal 1<br><br>**Ainmniú agus comhordú na n-údarás inniúil**<br><br>- Airteagal 32b: Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais sonraí a chlárú. Coinneoidh na húdaráis inniúla sin a neamhspleáchas ar aon soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta nó ar aon eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí.<br><br>Airteagal 32ac: Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht inniúil amháin nó níos mó chun cúnamh a thabhairt do na comhlachtaí earnála poiblí a dheonaíonn nó a dhiúltaíonn rochtain chun catagóirí sonraí cosanta a athúsáid.<br><br>Airteagal 32g: Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán agus maoirseacht ar chomhlíonadh fhorálacha an Ghnímh um Shonraí ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta agus ag eagraíochtaí aitheanta altrúchais sonraí.<br><br>**Sásra dlínse trasteorann**<br><br>Airteagail 32e: Tagann seirbhísí idirghabhála sonraí faoi chúram an údaráis inniúil i mBallstát na príomhbhunaíochta. Tá feidhm ag an bprionsabal céanna maidir le heagraíochtaí altrúchais sonraí.<br><br>**Aitheantas frithpháirteach agus clárú aonair**<br><br>Airteagal 32e: Beidh clárú mar sheirbhís idirghabhála sonraí/eagraíocht altrúchais sonraí bailí i ngach Ballstát.<br><br>Airteagal 32a: Dearadh lógó coiteann a úsáid<br><br>**Clárlanna láraithe ar leibhéal an Aontais le haghaidh bailiú sonraí agus trédhearcacht**<br><br>Airteagal 32(a): Cláir phoiblí de chuid an Aontais de gach soláthraí seirbhísí idirghabhála sonraí aitheanta agus de gach eagraíocht aitheanta altrúchais sonraí. | |

| | | |
|---|---|---|
| | Airteagal 32(e): Tugann údaráis inniúla fógra don Choimisiún go leictreonach gan mhoill faoi chlárúcháin, athruithe agus aistrithe nua agus tugann an Coimisiún cláir an Aontais cothrom le dáta dá réir sin<br><br>**Comhordú faireacháin agus forfheidhmithe**<br><br>Údaráis inniúla náisiúnta<br><br>An Bord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí<br><br>**Rialachas aistrithe sonraí tríú tír**<br><br>Airteagal 32aa: Ceanglais maidir le haistrithe sonraí neamhphearsanta chuig tríú tíortha ag athúsáideoirí.<br><br>**Socruithe Eisiacha**<br><br>Airteagal 32k: Sainítear leis sin incheadaitheacht socruithe eisiacha a bhaineann le hathúsáid sonraí nó doiciméad atá i seilbh comhlachtaí earnála poiblí. Éilíonn sé trédhearcacht na dtéarmaí críochnaitheacha. | |
| **Bearta a glacadh chun a áirithiú go mbeidh comhthuiscint ann i leith na sonraí**<br><br>**Liostaigh na bearta sin** | Airteagal 1<br><br>**Caighdeáin choiteanna agus creataí idir-inoibritheacha**<br><br>- Cuireann BENS comhairle ar an gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaíochtaí caighdeánaithe atá le déanamh i ndáil le gnéithe trasearnála den chomhroinnt sonraí, lena n-áirítear i ndáil le teacht chun cinn spásanna coiteanna sonraí Eorpacha, agus gníomhaíochtaí caighdeánaithe earnáilsonracha á gcur san áireamh.<br>    o Airteagal 42: Cuidíonn BENS le 'treoirlínte a ghlacadh lena mbunaítear creataí idir-inoibritheacha agus cleachtais choiteanna maidir le feidhmiú spásanna coiteanna sonraí Eorpacha'.<br>- Lógó coiteann chun seirbhísí idirghabhála sonraí agus eagraíochtaí altrúchais | |

| | | |
|---|---|---|
| | sonraí a shainaithint.<br>- Airteagal 32q: Cuirfidh comhlachtaí earnála poiblí agus gnóthais phoiblí a sonraí nó a ndoiciméid ar fáil, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, trí mheán leictreonach, i bhformáidí atá oscailte, meaisín-inléite, inrochtana, inaimsithe agus in-athúsáidte, mar aon lena meiteashonraí. Beidh an fhormáid agus na meiteashonraí araon, i gcás inar féidir, i gcomhréir le caighdeáin oscailte fhoirmiúla.<br><br>**Bearta Ábhartha Eile:**<br><br>- Airteagal 32t: Leanfaidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, d'iarrachtaí rochtain ar thacair sonraí a shimpliú, lena gcuirfear tacair sonraí oiriúnacha ar fáil i bhformáidí atá inrochtana, so-aimsithe agus in-athúsáidte trí mheán leictreonach.<br>- Airteagal 32u: Tacóidh na Ballstáit le hinfhaighteacht sonraí taighde ar bhealach atá comhoiriúnach le prionsabail FAIR. | |
| **Úsáid sonraíochtaí agus caighdeán teicniúil oscailte comhaontaithe**<br><br>**Liostaigh na bearta sin** | Airteagal 1<br><br>**Bearta maidir le Sonraí Meaisín-Inléite:**<br><br>- Airteagal 32a: Clár meaisín-inléite an Aontais Eorpaigh de sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí.<br>- Airteagal 32a: Clár meaisín-inléite an Aontais Eorpaigh d'eagraíochtaí altrúchais sonraí.<br>- Airteagal 32q: Cuirfidh comhlachtaí earnála poiblí a gcuid sonraí/doiciméad ar fáil, i gcás inar féidir, i bhformáidí atá oscailte, meaisín-inléite, inrochtana, inaimsithe agus in-athúsáidte, mar aon leis na meiteashonraí a bhaineann leo. Beidh an fhormáid agus na meiteashonraí araon, i gcás inar féidir, i gcomhréir le caighdeáin oscailte fhoirmiúla.<br>- Airteagal 32q: Cuirfear na tacair sonraí ardluacha ar fáil lena n-athúsáid i bhformáid mheaisín-inléite, trí APInna oiriúnacha agus, i gcás inarb ábhartha, mar | |

| | | |
|---|---|---|
| | oll-íoslódáil.<br>- Airteagal 32t: Déanfaidh na Ballstáit socruithe praiticiúla lena n-éascófar cuardach na sonraí nó na ndoiciméad atá ar fáil lena n-athúsáid, amhail liostaí sócmhainní na bpríomhshonraí nó na bpríomhdhoiciméad a bhfuil meiteashonraí ábhartha ag gabháil leo, a bheidh inrochtana, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, ar líne agus i bhformáid mheaisín-inléite, agus suíomhanna tairsí atá nasctha leis na liostaí sócmhainní. I gcás inar féidir, éascóidh na Ballstáit cuardach trasteangeolaíoch ar shonraí nó ar dhoiciméid.<br>- Airteagal 32w: Beidh tacair sonraí ardluacha shonracha inléite ag meaisín. Féadfar socruithe a bhaineann le formáidí sonraí agus meiteashonraí agus socruithe teicniúla maidir le scaipeadh a shonrú i ngníomhartha cur chun feidhme.<br><br>**Bearta Idirghníomhaíochta Meaisín le Meaisín:**<br><br>- Airteagal 32ad: Sainordú a thabhairt maidir le húsáid an Phointe Faisnéise Aonair. Beidh an pointe faisnéise aonair inniúil chun fiosrúcháin nó iarrataí a fháil agus déanfaidh sé iad a tharchur, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí trí mhodhanna uathoibrithe, chuig na comhlachtaí inniúla earnála poiblí, nó chuig na comhlachtaí inniúla.<br><br>**Bearta Ábhartha Eile:**<br><br>- Airteagal 48a: Lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724 (Tairseach Aonair Dhigiteach). Rinneadh iniúchadh ar shineirgí.<br>- Aithris 52 den Omnibus: A mhéid is féidir, ba cheart do ENISA réitigh theicniúla náisiúnta atá ann cheana a chur san áireamh lena n-éascaítear tuairisciú teagmhas, amhail ardáin náisiúnta, agus sonraíochtaí á bhforbairt maidir leis na bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla a bhaineann le bunú, coinneáil ar bun agus oibriú slán an phointe iontrála aonair. Thairis sin, ba cheart do ENISA breithniú a dhéanamh ar phrótacail agus uirlisí teicniúla amhail comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár agus caighdeáin mheaisín-inléite lena gcuirtear ar a | |

| | | |
|---|---|---|
| | gcumas d'eintitis comhtháthú na n-oibleagáidí tuairiscithe i bpróisis ghnó a éascú, agus do na húdaráis an pointe iontrála aonair a nascadh lena gcórais tuairiscithe náisiúnta. | |

**<u>Seirbhís phoiblí dhigiteach #2 — Tuairisciú Teagmhas</u>**

| **Measúnú** | **Bearta** | **Bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i gcónaí (más infheidhme)** |
|---|---|---|
| **Ailíniú le beartais dhigiteacha agus beartais earnálacha atá ann cheana**<br>**Liostaigh na beartais dhigiteacha agus na beartais earnálacha infheidhme a sainaithníodh** | Airteagal 6<br>Soláthraítear ailíniú ginearálta le beartais dhigiteacha agus earnálacha atá ann cheana trí Threoir (AE) 2022/2555 (NIS2), a bhfuil leasú á dhéanamh uirthi anois leis an Omnibus Digiteach. Ina theannta sin, déantar foráil san Omnibus maidir le sineirgí leis an Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa, agus le Rialachán (AE) 2024/2847 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht). Go háirithe:<br>• Sainordaítear le hAirteagal 23(4) go n-úsáidfear an pointe iontrála aonair le haghaidh fhógra NIS2.<br>• Bunaítear le hAirteagal 23(1) gurb éard a bheidh i bhfógra faoi theagmhas tromchúiseach de bhun Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2024/2847 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) tuairisciú faisnéise faoi Threoir (AE) 2022/2555 (NIS2). Tá sé sin i gcomhréir le prionsabal na haonuaire.<br>• Déantar foráil in Airteagal 23a(3)(d) maidir leis an nasc le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa. | |
| **Bearta eagraíochtúla maidir le seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann a** | Airteagal 6<br>Sainítear róil agus freagrachtaí in Airteagal 23a. Is é sin le rá, déanfaidh ENISA an méid seo a leanas: | |

<table>
<tr><td>sholáthar go rianúil<br>Liostaigh na bearta rialachais atá beartaithe</td><td>• Pointe iontrála aonair a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun tacú leis an oibleagáid teagmhais agus imeachtaí gaolmhara a thuairisciú faoi ghníomhartha dlí an Aontais.<br>• Bearta teicniúla, oibríochtúla agus eagraíochtúla a dhéanamh chun na rioscaí do shlándáil an phointe iontrála aonair agus na faisnéise a chuirtear isteach nó a scaiptear a bhainistiú. Agus an méid sin á dhéanamh aige, rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoimisiún, le líonra CSIRTanna, agus leis na húdaráis inniúla ábhartha.</td><td></td></tr>
<tr><td>Bearta a glacadh chun a áirithiú go mbeidh comhthuiscint ann i leith na sonraí<br>Liostaigh na bearta sin</td><td>Airteagal 6<br>Le hAirteagal 23a cuirtear de chúram ar ENISA sonraíochtaí a ullmhú lena n-áiritheofar an cumas is gá le haghaidh idir-inoibritheachta maidir le hoibleagáidí tuairiscithe ábhartha eile.<br>NB: Déantar ceanglais ábhair maidir le tuairisciú teagmhas a leagan amach a thuilleadh i ngníomhartha dlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Treoir (AE) 2022/2555 (NIS2). Soiléirítear in Airteagal 23a(3)(c) den Omnibus go n-áiritheoidh ENISA go dtabharfar aird chuí orthu sin.</td><td></td></tr>
<tr><td>Úsáid sonraíochtaí agus caighdeán teicniúil oscailte comhaontaithe<br>Liostaigh na bearta sin</td><td>Airteagal 6<br>In Airteagal 23a, iarrtar go bhforbrófaí sonraíochtaí:<br>• Déanfaidh ENISA na sonraíochtaí maidir leis na bearta teicniúla a bhaineann le bunú, coinneáil ar bun agus oibriú slán an phointe iontrála aonair a sholáthar agus a chur chun feidhme. Áireofar ar na sonraíochtaí sin, inter alia:<br>  o an cumas is gá le haghaidh idir-inoibritheachta maidir le hoibleagáidí tuairiscithe ábhartha eile.<br>  o socruithe teicniúla le haghaidh na n-eintiteas agus na n-údarás ábhartha chun faisnéis ón bpointe iontrála aonair a rochtain, a chur isteach, a aisghabháil, a tharchur nó a phróiseáil ar bhealach eile, chomh maith le</td><td></td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| | prótacail theicniúla agus uirlisí teicniúla lena gceadaítear do na heintitis agus do na húdaráis tuilleadh próiseála a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear laistigh dá gcórais.<br>• I gcás ina mbeidh sé ar fáil, beidh an pointe iontrála aonair idir-inoibritheach agus comhoiriúnach le Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa. | |

**4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach**

*Tuairisc ardleibhéil ar bhearta a thacaíonn leis an gcur chun feidhme digiteach*

| **Tuairisc ar an mbeart** | **Tagairtí do na ceanglais** | **Ról an Choimisiúin**<br>(más infheidhme) | **Gníomhaithe a bheidh rannpháirteach**<br>(más infheidhme) | **An amlíne a mheastar a bheidh i gceist**<br>(más infheidhme) |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh cur chun feidhme: Dearadh coiteann lógó le haghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí | Airteagal 1 | Saintréithe an lógó choitinn a leagan síos, lena n-áirítear a dhearadh agus módúlachtaí úsáide. | Coiste an nós imeachta scrúdúcháin | // |
| Gníomh cur chun feidhme: Dearadh coiteann lógó le haghaidh altrúchas sonraí aitheanta | Airteagal 1 | Saintréithe an lógó choitinn a leagan síos, lena n-áirítear a dhearadh agus módúlachtaí úsáide. | Coiste an nós imeachta scrúdúcháin | // |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Faireachán agus comhlíonadh: Féadfaidh údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh ar a dtionscnamh féin nó bunaithe ar iarraidh ó dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha | Airteagal 1 | // | Údaráis inniúla, seirbhísí idirghabhála sonraí, eagraíochtaí altrúchais sonraí | // |
| Gníomh cur chun feidhme: Tacair sonraí ardluacha shonracha | Airteagal 1 | Liosta de thacair ardluacha sonraí shonracha a leagan síos. Féadfar na socruithe a shonrú maidir le tacair sonraí ardluacha a fhoilsiú agus a athúsáid. | Coiste an nós imeachta scrúdúcháin | // |
| Treoirlínte:<br>• BENS chun comhairle a thabhairt maidir le treoirlínte le haghaidh spásanna coiteanna sonraí Eorpacha<br>• BENS chun treoirlínte a ghlacadh maidir le creataí idir-inoibritheacha | Airteagal 1 | Tacaíocht ó BENS | BENS | // |
| Gníomh cur chun feidhme: Teimpléad coiteann chun fógra a thabhairt faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta | Airteagal 3 | Teimpléad coiteann a ghlacadh bunaithe ar thogra BECS. | Coiste an nós imeachta scrúdúcháin | // |
| Gníomh tarmligthe: Tásca uathoibrithe agus meaisín-inléite ar roghanna an ábhair sonraí | Airteagal 3 | Oibleagáid a leagan amach le haghaidh brabhsálaithe gréasáin agus soláthraithe | Coiste an nós imeachta scrúdúcháin | // |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | trealaimh teirminéil | | |
| Gníomh cur chun feidhme: Fógraí teagmhais AEC | Airteagal 9 | Cineál agus formáid na faisnéise ar tugadh fógra ina leith de bhun Airteagal 15(1) de Threoir (AE) 2022/2557 (CER) a shonrú a thuilleadh. | // | // |